



Uimhir 40 de 2011

AN tACHT UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE (RIALÁIL), 2011

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
2. Léiriú.
3. Díolúintí.
4. Feidhm an Achta seo maidir le príomhoifigigh agus fostaithe.
5. Rialacháin agus orduithe a leagan.
6. Caiteachais.
7. Aisghairm agus cúlghairm.

CUID 2

AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

8. An lá bunaithe.
9. An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine a Bhunú.
10. Comhaltas an Údaráis agus téarmaí comhaltais.
11. Feidhmeanna an Údaráis.
12. Cruinnithe.
13. Comhaltas de cheachtar Teach den Oireachtas, de Pharlaimint na hEorpa nó d'údarás áitiúil.
14. Coistí comhairleacha, sainchomhairleoirí agus comhairleoirí.
15. Gan faisnéis a nochtadh.
16. Pleananna straitéiseacha.
17. Tuarascálacha don Aire.

[Uimh. 40.] *An tAcht um Sheirbhísí Maoine* [2011.]
(*Rialáil*), 2011.

18. Cóid chleachtais.
19. An Príomh-Fheidhmeannach.
20. Foireann an Údaráis.
21. Aoisliúntas.
22. Cuntais agus iniúchtaí.
23. Cuntasacht an Phríomh-Fheidhmeannaigh don Choiste Oireachtais arna bhunú chun cuntais leithreasa etc., a scrúdú, etc.
24. Cuntasacht an Phríomh-Fheidhmeannaigh do Choistí eile den Oireachtas.
25. Cumhacht chun táillí a mhuirearú agus a ghnóthú.
26. Airleacain ón Aire chuig an Údarás.
27. Cigirí.

CUID 3

CEADÚNAIS CHUN SEIRBHÍSÍ MAOINE A SHOLÁTHAR

28. Seirbhís maoine neamhcheadúnaithe a thoirmeasc.
29. Clár na gceadúnaithe.
30. Iarratas ar cheadúnas.
31. Ceadúnas a eisiúint nó a dhiúltú.
32. Imréiteach cánach.
33. Doiciméid a bheidh le cur ag gabháil le hiarratais áirithe.
34. Fógra a thabhairt d'iarratasóir gur diúltaíodh ceadúnas a eisiúint, etc.
35. Ceadúnas a athnuachan.
36. Fógra a thabhairt don iarratasóir gur diúltaíodh ceadúnas a athnuachan, etc.
37. Ceadúnais a thaispeáint agus a thabhairt ar aird.
38. Is cion é ceadúnas a eisíodh chuig duine eile a úsáid.
39. Ceadúnas ionaid, etc., a eisiúint.
40. Ceadúnas a thabhairt suas agus a urghabháil, tar éis an ceadúnas a fhionraí nó a chúlghairm, etc.
41. Fógra a thabhairt don Údarás maidir le ní ábhartha.
42. An Garda Síochána do thabhairt faisnéise.

[2011.] *An tAcht um Sheirbhísí Maoine* [Uimh. 40.]
(*Rialáil*), 2011.

CUID 4

OIBLEAGÁIDÍ GINEARÁLTA CEADÚNAITHE

43. Litir fruilithe.
44. Taifid a choinneáil.
45. Árachas slánaíochta gairmiúla.

CUID 5

CUNTAIS CHLIAINT AGUS NITHE GAOLMHARA

46. Cuntais agus taifid chliaint a choimeád agus a chaomhnú.
47. Cionta a bhaineann le cuntais chliaint agus taifid chuntasaíochta.
48. Cuntais bhaincéireachta nó sócmhainní de chuid ceadúnaithe a rialú.
49. Tosaíocht éileamh ar airgead cliaint.
50. Lian agus cearta eile a shlánchoimeád.
51. Forálacha maidir le bainc.
52. Suimeanna chun creidiúna cuntais cliaint áirithe a dhílsiú don Sannaí Oifigiúil.
53. Forálacha a bhaineann le cuntais chliaint i gcás féimheachta.
54. Cumhacht an Údaráis chun plé le doiciméid.

CUID 6

TALAMH A DHÍOL NÓ A LIGEAN

55. Ráiteas maidir le margadhluach comhairlithe etc., le tabhairt don díoltóir.
56. Ní lú an meastachán ar an bpraghas díolacháin ná an margadhluach comhairlithe, etc.
57. Fianaise ar réasúntacht margadhluacha chomhairlithe.
58. Díol ar ceant.
59. Ceanglais is dtaobh nochtadh is infheidhme maidir leis an díoltóir agus leis an gceadúnaí i ndáil le maoin chónaithe a dhíol.
60. Toirmeasc ar sheirbhísí airgeadais a sholáthar, etc.
61. Taifid a choinneáil nuair a dhíoltar talamh seachas ar ceant.
62. Rialacháin faoi *Chuid 6*.

[Uimh. 40.] *An tAcht um Sheirbhísí Maoine* [2011.]
(*Rialáil*), 2011.

CUID 7

GEARÁIN, IMSCRÚDUI THE AGUS SMACHTBHANNAÍ

63. Gearáin in aghaidh ceadúnaithe.
64. Imthosca ina bhféadfar iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar cheadúnas a fhionraí láithreach, etc.
65. Imscrúduithe.
66. Cumhachtaí ag cigirí chun dul isteach agus iniúchadh a dhéanamh, etc., chun críocha imscrúdú.
67. Cosaint do dhaoine a thuairiscíonn iompar míchuí, etc.
68. Bearta a bheidh le déanamh ag an gcigire agus ag an Údarás ar an imscrúdú a chríochnú.
69. Ní mór daingniú a fháil ón Ard-Chúirt sula dtiocfaidh breith faoi *alt 68(4)(a)* mór-smachtbhanna a fhorchur, in éifeacht.
70. Achomharc chun na hArd-Chúirte i gcoinne breithe mór-smachtbhanna a fhorchur.
71. Iarratas chun na hArd-Chúirte chun breith mór-smachtbhanna a fhorchur, a dhaingniú.
72. Forálacha d'fhorlíonadh *ailt 70* agus *71*.
73. Níthe a bheidh le breithniú le linn na smachtbhannaí a bheidh le forchur a chinneadh.

CUID 8

ACHOMHAIRC I GCOINNE BREITHEANNA ÁIRITHE ÓN ÚDARÁS

74. An Bord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine.
75. Achomharc chun na hArd-Chúirte ar cheist dlí.
76. Breitheanna áirithe ón Údarás do theacht in éifeacht.

CUID 9

AN CISTE CÚITIMH UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE

77. An Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine.
78. Cúiteamh i gcaillteanas de dheasca mímhacántachta.

CUID 10

INNIÚLACHT GHAIRMIÚIL CEADÚNAITHE A CHO THABHÁIL

79. Féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin maidir le scéimeanna inniúlachta gairmiúla.
80. Athbhreithniú ar scéim inniúlachta gairmiúla.
81. Dualgas ceadúnaithe chun inniúlacht ghairmiúil a chothabháil.

[2011.] *An tAcht um Sheirbhísí Maoine* [Uimh. 40.]
(*Rialáil*), 2011.

CUID 11

SEIRBHÍSÍ MAOINE ARNA SOLÁTHAR AG DAOINE ÁIRITHE AS BALLSTÁIT
AE

82. Léiriú ar *Chuid 11* agus *Sceideal 7*.
83. Feidhm an Achta seo maidir le daoine iomchuí.
84. Caidreamh le húdaráis inniúla.
85. An éifeacht a bheidh le húdarú iomchuí duine iomchuí a chúlghairm nó a fhionraí.

CUID 12

PRAGHSANNA DÍOLA MAOINE CÓNAITHE AGUS AN BUNACHAR SONRAÍ
LÉASANNA TRÁCHTÁLA

86. Praghsanna díola maoine cónaithe.
87. An bunachar sonraí léasanna maoine tráchtála.
88. Soláthróidh tionóntaí sonraí don Údarás i dtaobh léasanna tráchtála iomchuí.

CUID 13

ILGHNÉITHEACH

89. Daoine seachas ceadúnaithe a imscrúdú.
90. Forálacha áirithe a bheith ar neamhní.
91. Smachtbhannaí a fhoilsiú, etc.
92. Fógra a fháil.
93. Srian leis an Acht um Chosaint Sonraí, 1988.
94. Cionta — ginearálta.
95. Rialacháin a fhéadfaidh an tÚdarás a dhéanamh — ginearálta.
96. Rialacháin a fhéadfaidh an tAire a dhéanamh — ginearálta.
97. Cumhacht chun foirm doiciméad a shonrú.
98. Léiriú ar na forálacha idirthréimhseacha.
99. Feidhm an Achta seo maidir le daoine a bhí ag soláthar seirbhís maoine go dleathach roimh thosach feidhme na bhforálacha iomchuí den Acht seo i leith na seirbhíse sin.
100. Oibriú *alt 99(1)* a mhodhnú in imthosca sonraithe.
101. Leasuithe iarmhartacha ar achtacháin eile.

[Uimh. 40.] *An tAcht um Sheirbhísí Maoine* [2011.]
(*Rialáil*), 2011.

SCEIDEAL 1

AISGHAIRM AGUS CÚLGHAIM.

CUID 1

NA hAchtanna a AISGHAIRTEAR

CUID 2

AN IONSTRAIM REACTÚIL A CHÚLGHAIKTEAR

SCEIDEAL 2

AN Fhaisnéis a bheidh i gComhaontuithe Seirbhísí Maoine

CUID 1

COMHAONTUITHE SEIRBHÍSÍ MAOINE — GINEARÁLTA

CUID 2

COMHAONTUITHE SEIRBHÍSÍ MAOINE CHUN TALAMH A DHÍOL

CUID 3

COMHAONTUITHE SEIRBHÍSÍ MAOINE CHUN TALAMH A LIGEAN

CUID 4

COMHAONTUITHE SEIRBHÍSÍ MAOINE CHUN SEIRBHÍSÍ BAINISTÍOCHTA
MAOINE A SHOLÁTHAR

SCEIDEAL 3

FORÁLACHA IS INFHEIDHME MAIDIR LE hÉISTEACHTAÍ Ó Bhéal arna
seoladh de bhun *alt 66* nó *68*.

CUID 1

ÉISTEACHT Ó Bhéal arna seoladh ag cigire de bhun *alt 66(15)*

CUID 2

ÉISTEACHT Ó Bhéal arna seoladh ag an Údarás de bhun *alt*
68(5)

SCEIDEAL 4

SÁSAMH MAR GHEALL AR SHÁRÚ AR *alt 67(5)*

SCEIDEAL 5

FORÁLACHA MAIDIR LEIS AN mBORD ACHOMHAIRC UM SHEIRBHÍSÍ
MAOINE

CUID 1

GINEARÁLTA

CUID 2

ACHOMHAIRC

[2011.] *An tAcht um Sheirbhísí Maoine* [Uimh. 40.]
(Rialáil), 2011.

SCEIDEAL 6

FORÁLACHA A BHFUIL FEIDHM ACU MAIDIR LEIS AN GCISTE CÚITIMH
UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE A RIARADH

SCEIDEAL 7

MODHNUITHE AR AN ACHT SEO I NDÁIL LE DAOINE IOMCHUÍ

SCEIDEAL 8

LEASUITHE IARMHARTACHA AR ACHTACHÁIN EILE

[Uimh. 40.] *An tAcht um Sheirbhísí Maoine* [2011.]
(*Rialáil*), 2011.

NA HACHTANNA DÁ DTAGRÁITEAR

Acht na nAinmhithe, 1985	1985, Uimh. 11
An tAcht um Cheantálaithe agus Gníomhairí Tithe, 1947	1947, Uimh. 10
An tAcht um Cheantálaithe agus Gníomhairí Tithe, 1967	1967, Uimh. 9
An tAcht um Cheantálaithe agus Gníomhairí Tithe, 1973	1973, Uimh. 23
An tAcht Féimheachta, 1988	1988, Uimh. 27
An tAcht Cumann Foirgníochta, 1989	1989, Uimh. 17
An tAcht Corr-Thrádála, 1995	1995, Uimh. 19
Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2004	2004, Uimh. 21
An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010	2010, Uimh. 24
Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 2005	
Acht na gCuideachtaí, 1963	1963, Uimh. 33
Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1982	1982, Uimh. 10
Acht na gCuideachtaí, 1990	1990, Uimh. 33
Achtanna na gCuideachtaí	
Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993	1993, Uimh. 8
An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995	1995, Uimh. 24
An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2011	2011, Uimh. 22
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010	2010, Uimh. 10
An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967	1967, Uimh. 12
An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988	1988, Uimh. 25
An tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú), 2003	2003, Uimh. 6
<i>Debtors (Ireland) Act</i> , 1840	1840, (3 & 4 Vict.) c. 105
<i>Deeds of Arrangement Act</i> , 1887	1887, (50 & 51 Vict.) c. 57
An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995	1995, Uimh. 22
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997	1997, Uimh. 2
An tAcht um an Dlí Teaghlaigh, 1995	1995, Uimh. 26
An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996	1996, Uimh. 33
An tAcht Airgeadais, 2002	2002, Uimh. 5
Acht na nArm Tine, 1964	1964, Uimh. 1
Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992	1992, Uimh. 18
An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009	2009, Uimh. 27
An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Leasú), 1980	1980, Uimh. 10
An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001	2001, Uimh. 37
An tAcht Loingis Cheannafochta (Tarrthálas agus Raic), 1993	1993, Uimh. 34
An tAcht um Fhorbairtí Ilaonad, 2011	2011, Uimh. 2
An tAcht Geallbhróicéirí, 1964	1964, Uimh. 31
<i>Petty Sessions (Ireland) Act</i> , 1851	1851, (14 & 15 Vict.) c. 93
An tAcht Pónaí (Soláthar agus Cothabháil), 1935	1935, Uimh. 17
An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997	1997, Uimh. 31
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocráithe), 2003	2003, Uimh. 29

[2011.] *An tAcht um Sheirbhíís Maoine* [Uimh. 40.]
(*Rialáil*), 2011.

An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíís Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004	2004, Uimh. 33
An tAcht um Chlárú Ainmneacha Gnó, 1963	1963, Uimh. 30
<i>Sale of Land by Auction Act, 1867</i>	1867, (30 & 31 Vict.) c. 48
An tAcht Iascaigh Mhara, 1952	1952, Uimh. 7
An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005	2005, Uimh. 26
An tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999	1999, Uimh. 31
An tAcht Comharbais, 1965	1965, Uimh. 27
An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997	1997, Uimh. 39
An tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977	1977, Uimh. 10
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007	



Uimhir 40 de 2011

AN tACHT UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE (RIALÁIL), 2011

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE COMHLACHT A BHUNÚ AR A dTABHARFAR AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE, NÓ, SA BHÉARLA, *THE PROPERTY SERVICES REGULATORY AUTHORITY*, CHUN SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ MAOINE A RIALÚ AGUS A MHAOIRSIÚ, CHUN A CHUR FAOI DEARA AON GHEARÁIN A DHÉANFAR I gCOINNE NA SOLÁTHRAITHE SIN A IMSCRÚDÚ AGUS CHUN BREITHNIÚ A DHÉANAMH AR NA GEARÁIN SIN; DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE COMHLACHT A BHUNÚ AR A dTABHARFAR AN BORD ACHOMHAIRC UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE NÓ, SA BHÉARLA, *THE PROPERTY SERVICES APPEAL BOARD*, CHUN ACHOMHAIRC I gCOINNE BREITHEANNA ÁIRITHE A THABHARFAIDH AN tÚDARÁS A ÉISTEACHT AGUS A CHINNEADH; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE TREOIR 2006/123/CE A CHUR I gCUNTAS A MHÉID A BHAINNEANN SÍ LE SEIRBHÍSÍ MAOINE; DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE hAISGHAIRM NÓ LEASÚ IARMHARTACH A DHÉANAMH AR ACHTACHÁIN ÁIRITHE AGUS CÚLGHAIRM A DHÉANAMH AR IONSTRAIM REACHTÚIL; AGUS MAIDIR LE NITHE GAOLMHARA.

[20 Nollaig 2011]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1.—(1) Féadfar an tAcht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt* (2), féadfar le hordú faoin bhfo-alt sin—

- (a) i leith na hAchtanna a shonraítear i *gCuid 1* de *Sceideal 1* a aisghairm le *halt 7(1)*, laethanta éagsúla a cheapadh chun Achtanna éagsúla nó forálacha éagsúla díobh a aisghairm,
- (b) i leith an ionstraim reachtúil a shonraítear i *gCuid 2* de *Sceideal 1* a chúlghairm le *halt 7(2)*, laethanta éagsúla a cheapadh chun forálacha éagsúla di a chúlghairm,
- (c) laethanta éagsúla a cheapadh, cibé acu faoi threoir *mhír* (a), (b), (c) nó (d) den mhíniú ar “seirbhís maoine” in *alt 2(1)* nó ar shlí eile, le haghaidh theacht i ngníomh an Achta seo (nó forálacha éagsúla den Acht seo) i leith seirbhísí éagsúla a thagann faoi réim an mhínithe sin, nó
- (d) i leith *alt 28(1)*, laethanta éagsúla a cheapadh, cibé acu faoi threoir *mhír* (a), (b), (c) nó (d) den mhíniú ar “seirbhís maoine” in *alt 2(1)* nó ar shlí eile, le haghaidh theacht i ngníomh *alt 28(1)* i leith seirbhísí maoine éagsúla.

Léiriú.

2.—(1) San Acht seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

folaíonn “gníomh” neamhghníomh;

ciallaíonn “taifid chuntasaíochta”, i ndáil le ceadúnaí, na leabhair chuntais agus na doiciméid eile go léir a cheanglaítear ar an gceadúnaí a choimeád de réir rialachán arna ndéanamh faoi *alt 46*;

ciallaíonn “luach comhairlithe ligin”, i ndáil le talamh arna luacháil ag ceadúnaí chun ligin, meastachán réasúnach an cheadúnaí, tráth na luachála sin—

- (a) ar an méid a d’íocfadh tionónta toilteanach ar théarmaí cuí ligin in idirbheart ar neamhthuilleamaí tar éis margaíochta cuí i gcás go ngníomhaíonn an dá pháirtí go feasach, críonna agus gan iallach, nó
- (b) ar an raon praghsanna iomchuí ar laistigh di a bheadh an méid a d’íocfadh tionónta toilteanach ar théarmaí cuí ligin in idirbheart ar neamhthuilleamaí tar éis margaíochta cuí i gcás go ngníomhaíonn an dá pháirtí go feasach, críonna agus gan iallach;

ciallaíonn “margadhluach comhairlithe”, i ndáil le talamh arna luacháil ag ceadúnaí chun a dhíolta, meastachán réasúnach an cheadúnaí, tráth na luachála sin—

- (a) ar an méid a d’íocfadh ceannaitheoir toilteanach in idirbheart ar neamhthuilleamaí tar éis margaíochta cuí i gcás go ngníomhaíonn an dá pháirtí go feasach, críonna agus gan iallach, nó
- (b) ar an raon praghsanna iomchuí ar laistigh di a bheadh an méid a d’íocfadh ceannaitheoir toilteanach in idirbheart ar neamhthuilleamaí tar éis margaíochta cuí i gcás go ngníomhaíonn an dá pháirtí go feasach, críonna agus gan iallach;

[2011.] *An tAcht um Sheirbhísí Maoine* [Uimh. 40.]
(*Rialáil*), 2011.

CD.1 A.2

ciallaíonn “coiste comhairleach” coiste comhairleach arna cheapadh ag an Údarás faoi *alt 14(1)(a)*;

ciallaíonn “Bord Achomhairc” an Bord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine a bhunaítear le *halt 74*;

ciallaíonn “ranníoc cuí”, i ndáil leis an gCiste agus le hiarratas ar cheadúnas nó ar athnuachan ceadúnais, méid an ranníoca (más ann) a fhorordaítear i rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 95* i leith an iarratais sin;

ciallaíonn “táille chuí”, i ndáil le foráil den Acht seo—

(a) faoi réir *mhír (b)*, an táille a fhorordaítear i rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 25* i leith na forála sin, agus

(b) i gcás *mhír 14(1)* de *Sceideal 5*, an táille a fhorordaítear i rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 74(4)* i leith na míre sin;

ciallaíonn “comhlacht tithíochta ceadaithe” comhlacht atá ceadaithe faoi *alt 6(6)* d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992;

folaíonn “sócmhainní” airgead;

folaíonn “ceantáil” ceantáil Dhúitseach;

ciallaíonn “Údarás” an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine a bhunaítear le *halt 9*;

ciallaíonn “banc”, i ndáil le cuntas cliant de chuid ceadúnaí, foras creidmheasa a bheidh údaraithe ag údarás inniúil i mBallstát LEE, de réir bhrí Threoir 2006/48/CE an 14 Meitheamh, 2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhaineann le dul i mbun gnó foras creidmheasa agus an gnó sin a shaothrú (athmhúnlú)¹;

ciallaíonn “gnó”, i ndáil le ceadúnaí, gnó an cheadúnaí mar cheadúnaí;

ciallaíonn “Cathaoirleach” an cathaoirleach ar an Údarás a ainmnítear faoi *alt 10(2)*;

tá le “Príomh-Fheidhmeannach” an bhrí a thugtar dó le *halt 19(1)*;

folaíonn “cliant”—

(a) duine dá soláthraíonn ceadúnaí seirbhísí maoine,

(b) duine dá bhfuil aisíoc earlaise dlíte i ndáil le seirbhís maoine arna soláthar don duine sin nó do dhuine eile, agus

(c) i gcás báis, dócmhainneachta nó éagumais eile duine a thagann faoi réim *mhír (a)* nó *(b)* (dá ngairtear “an duine lena mbaineann” sa mhíniú seo)—

(i) aon duine a bhfuil údarás aige nó aici eastát an duine lena mbaineann a riaradh,

¹IO Uimh. L177, 30.06.2006, l.1.

(ii) aon tairbhí faoi uacht, díthiomnacht nó iontaobhas de chuid an duine lena mbaineann, nó

(iii) aon ionadaí pearsanta eile de chuid an duine lena mbaineann;

ciallaíonn “cuntas cliaint” cuntas reatha nó taisece in ainm ceadúnaí a bhfuil an focal “cliánt” ina theideal agus a choimeádtar i mbanc;

ciallaíonn “airgead cliaint” airgead a gheobhaidh ceadúnaí, i gcúrsa seirbhís maoine a sholáthar, as cuntas, do chuntas, nó ar chuntas cliaint, seachas airgead a dhlífidh an cliánt a íoc leis an gceadúnaí i leith an tseirbhís maoine sin a sholáthar;

ciallaíonn “cód cleachtais” cód cleachtais arna fhoilsiú nó arna cheadú faoi *alt 18* mar atá éifeacht leis ó am go ham;

ciallaíonn “Bunachar Sonraí Léasanna Tráchtála” an Bunachar Sonraí Léasanna Tráchtála arna bhunú faoi *alt 87(1)*;

ciallaíonn “maoin tráchtála” maoin a úsáidtear chun críocha gnó de réir bhrí *alt 3* den Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Leasú), 1980;

ciallaíonn “léasa maoine tráchtála” ionstraim lena gcruthaítear tionóntacht i leith maoine tráchtála;

ciallaíonn “cuideachta” cuideachta arna clárú faoi Achtanna na gCuideachtaí;

ciallaíonn “gearán” gearán faoi *alt 63*;

ciallaíonn “gearánach”, i ndáil le gearán, an duine a rinne an gearán;

ciallaíonn “gaol bainteach” i ndáil le duine—

(a) céile an duine nó páirtneír sibhialta an duine de réir bhrí an Achta um Páirtneireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010, nó

(b) tuismitheoir, deartháir, deirfiúr nó leanbh—

(i) leis an duine, nó

(ii) le céile an duine nó le páirtneír sibhialta an duine de réir bhrí an Achta um Páirtneireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010;

ciallaíonn “Treoir 2006/123/CE” Treoir 2006/123/CE an 12 Nollaig, 2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach²;

foláíonn “stiúrthóir” i ndáil le comhlacht corpraithe—

(a) aon duine atá i seilbh phost an stiúrthóra cibé ainm a thabharfar air,

²IO Uimh. L376, 27.12.2006, l. 36.

- (b) aon duine arb é nó í dáiríre a stiúrann gnó an chomhlachta chorpraithe nó a bhfuil tionchar ábhartha aige nó aici ar ghnó an chomhlachta chorpraithe,
- (c) aon duine ar gnách le stiúrthóirí an chomhlachta chorpraithe gníomhú de réir a ordachán nó a threoracha nó a hordachán nó a treoracha, mura rud é gur gnách leis na stiúrthóirí gníomhú amhlaidh de bhíthin amháin go ndéanann siad amhlaidh ar chomhairle arna tabhairt ag an duine i gcáil ghairmiúil, agus
- (d) i gcás inarb iad a chomhaltaí a bhainistíonn gnóthaí comhlachta chorpraithe, aon duine de na comhaltaí a fheidhmíonn feidhmeanna an bhainistithe sin;

ciallaíonn “dúblach”, i ndáil le ceadúnas, cóip den cheadúnas arna eisiúint ag an Údarás agus an focal “dúblach” stampáilte air;

ciallaíonn “an lá bunaithe” an lá a cheapfar faoi *alt 8*;

ciallaíonn “seirbhísí airgeadais”, i ndáil le ceadúnaí, aon cheann, nó aon teaghlaim, díobh seo a leanas:

- (a) an ceadúnaí do sholáthar comhairle, nó comhairle arna soláthar thar ceann an cheadúnaí, do cheannaitheoir maidir lena chumas nó lena cumas iasacht a urrú i leith talamh a cheannach agus méid aon iasachta den sórt sin;
- (b) an ceadúnaí do thairiscint, nó tairiscint a dhéanamh thar ceann an cheadúnaí, seirbhís dá dtagraítear i *mír (a)* a sholáthar;
- (c) an ceadúnaí do shocrú, nó socrú a dhéanamh thar ceann an cheadúnaí, go soláthródh iasachtóir iasacht do cheannaitheoir i leith talamh a cheannach;
- (d) an ceadúnaí do thairiscint, nó tairiscint a dhéanamh thar ceann an cheadúnaí, seirbhís dá dtagraítear i *mír (c)* a sholáthar;
- (e) an ceadúnaí do sholáthar aon seirbhíse i gcáil an cheadúnaí (más ann) mar idirghabhálaí morgáiste de réir bhrí *alt 2* (arna leasú le hítim 1 de Chuid 12 de Sceideal 3 a ghabhann le hAcht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2004) den Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995;
- (f) an ceadúnaí do thairiscint seirbhís dá dtagraítear i *mír (e)* a sholáthar;
- (g) aon seirbhís eile a sholáthar a mbeadh de thoradh air staid airgeadais an cheannaitheora a bheith ar eolas ag an gceadúnaí is rud a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar an bpraghas a d’fhéadfadh sé nó sí a bheith toilteanach a íoc chun talamh a cheannach;

tá le “Ciste” an bhrí a thugtar dó le *halt 77*;

ciallaíonn “deontas” deontas as an gCiste arna thabhairt de bhun *alt 78(1)* do chliant i leith cailteanais a d’fhulaing an cliant de thoradh mímhacántachta ar thaobh ceadúnaí, nó de thoradh mímhacántachta

ar thaobh aon phríomhoifigigh, fostaí nó gníomhaire, nó iar-phríomhoifigigh, iarfhostaí nó iarghníomhaire de chuid an cheadúnaí, ag eascairt as soláthar seirbhísí maoine ag an gceadúnaí nó thar ceann an cheadúnaí don chliant;

ciallaíonn “iompar míchuí” i ndáil le ceadúnaí—

- (a) an ceadúnaí do dhéanamh gnímh a fhágann nach duine inniúil cuí an ceadúnaí a thuilleadh chun seirbhísí maoine nó aicme áirithe seirbhíse maoine a sholáthar,
- (b) an ceadúnaí do dhéanamh sárú—
 - (i) ar *alt* 28(1), 29(9), 31(5), 37(1), (2), (4), (5), (6), nó (7), 41(1), 43(1), (2), nó (3), 44, 45(1) nó (2), 55(1) nó (2), 56(1), 57(1), 58(3), 59(1), 60(1), 61, nó 81(1) nó (2), nó
 - (ii) ar fhoráil de rialacháin a dhéantar faoi *alt* 46, 62, nó 95,
 nó
- (c) an ceadúnaí do dhéanamh ráitis maidir le margadhluach comhairlíte nó maidir le luach comhairlíte ligin talún, is ráiteas ar léir é a bheith míréasúnach;

ciallaíonn “conraitheoir neamhspleách” pearsa aonair a sholáthraíonn seirbhís maoine más rud é—

- (a) nach soláthraíonn aon fhostaí de chuid na pearsan aonair an tseirbhís sin thar ceann na pearsan aonair, agus
- (b) i gcás pearsan aonair is comhpháirtí i gcomhpháirtíocht, nach soláthraíonn aon phríomhoifigeach eile an tseirbhís sin thar ceann na pearsan aonair,

agus cibé acu a ghabhann nó nach ngabhann an phearsa aonair d’aon ghnó eile;

ciallaíonn “cigire” duine a cheaptar chun bheith ina chigire nó ina cigire, faoi *alt* 27(1);

ciallaíonn “imscrúdú” imscrúdú faoi *alt* 65(1);

ciallaíonn “tuarascáil ar imscrúdú”, i ndáil le himscrúdú, tuarascáil i scríbhinn arna hullmhú, tar éis an t-imscrúdú a chríochnú, ag an gcigire a cheapfar faoi *alt* 65(1)(b) chun an t-imscrúdú a sheoladh—

- (a) ina luafar—
 - (i) gur deimhin leis an gcigire go raibh nó go bhfuil an ceadúnaí lena mbaineann an t-imscrúdú ag gabháil d’iompar míchuí, nó
 - (ii) nach deimhin leis an gcigire amhlaidh,
 de réir mar is cuí,
- (b) más infheidhme *mír* (a)(i), ina luafar na forais ar ar deimhin leis an gcigire amhlaidh, agus

- (c) más infheidhme *mír (a)(ii)*, ina luafar na nithe seo a leanas—
- (i) an bonn ar dá réir nach deimhin leis an gcigire amhlaidh, agus
 - (ii) tuairim an chigire, ag féachaint don bhonn sin, i dtaobh an gá nó nach gá imscrúdú breise a dhéanamh ar an gceadúnaí agus, más gá, tuairim an chigire maidir leis na príomhnithe ar cheart go mbainfeadh an t-imscrúdú breise leo;

tá le “talamh” an bhrí a shanntar dó leis an Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009;

ciallaíonn “tiarna talún” an duine, lena n-áirítear fothiarra talún, atá i dteideal an eastáit dhlíthiúil atá díreach os cionn tionóntachta;

folaíonn “léasóir”, i ndáil le talamh, léasóir ionchasach ar an talamh;

ciallaíonn “ceadúnas” ceadúnas san fhoirm shonraithe arna eisiúint faoi *alt 31*;

ciallaíonn “ceadúnaí”, i ndáil le ceadúnas, sealbhóir an cheadúnais;

tá le “údarás áitiúil” an bhrí chéanna atá leis san Acht Rialtais Áitiúil, 2001;

folaíonn an briathar “cothabháil”, i ndáil le taifead, an briathar coimeád;

ciallaíonn “mór-smachtbhanna”, i ndáil le ceadúnaí—

- (a) ceadúnas an cheadúnaí a chúlghairm agus toirmeasc (ar féidir gur toirmeasc buan, toirmeasc ar feadh tréimhse sonraithe nó toirmeasc faoi réir coinníollacha sonraithe é) ar an iarcheadúnaí iarratas a dhéanamh ar cheadúnas nua nó ar aicme áirithe ceadúnais,
- (b) ceadúnas an cheadúnaí a chur ar fionraí ar feadh tréimhse sonraithe nó, in aon chás inar faide ná tréimhse bhailíochta an cheadúnais atá fós le dul tréimhse na fionraí sin (dá ngairtear “an tréimhse iomchuí” sa mhír seo) atáthar ag iarraidh a fhorchur, an ceadúnas a chur ar fionraí le linn na tréimhse sin agus toirmeasc ar feadh tréimhse sonraithe ar an iarcheadúnaí iarratas a dhéanamh ar cheadúnas nua nó ar aicme áirithe ceadúnais nua, is tréimhsí, nuair a dhéantar iad a shuimiú le chéile, atá comhionann leis an tréimhse iomchuí,
- (c) ordachán don cheadúnaí go n-íocfaidh an ceadúnaí suim, mar a shonraítear san ordachán ach nach mó í ná €50,000, isteach sa Chiste,
- (d) ordachán don cheadúnaí go n-íocfaidh an ceadúnaí suim, mar a shonraítear san ordachán ach nach mó í ná €50,000, leis an Údarás, arb éard í an costas go léir, nó cuid den chostas, ar an Údarás i leith imscrúdú a dhéanamh ar an gceadúnaí,
- (e) ordachán don cheadúnaí go n-íocfaidh an ceadúnaí suim, mar a shonraítear san ordachán ach nach mó í ná

€250,000, leis an Údarás ar mhodh pionóis airgeadais mar gheall ar ghníomh de chuid an cheadúnaí a shonraítear san ordachán, nó

- (f) aon teaghlaim d'aon smachtbhannaí díobh sin a shonraítear i míreanna (a) go (e);

ciallaíonn “comhlacht bainistíochta”, i ndáil le forbairt ilaonad—

- (a) an chuideachta nó an comhlacht neamhchorpraithe sin—

(i) a fhoirmítear chun go dtiocfaidh sí nó sé chun bheith ina húnéir nó ina úinéir ar limistéir chomóna uile na forbartha nó ar chuid díobh, agus

(ii) a bhainistíonn comhlimistéir uile na forbartha, nó cuid díobh,

agus

- (b) aon duine a bhainistíonn na comhlimistéir dá dtagraítear i mír (a) aon tráth sula dtosaíonn an chuideachta nó an comhlacht neamhchorpraithe dá dtagraítear sa mhír sin ar na comhlimistéir sin a bhainistiú;

ciallaíonn “Aire” an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais;

ciallaíonn “mion-smachtbhanna”, i ndáil le ceadúnaí—

- (a) aon cheann díobh seo a leanas a eisiúint chuig an gceadúnaí—

(i) comhairle (lena n-áirítear comhairle a bhaineann le rannpháirtíocht i scéim inniúlachta gairmiúla),

(ii) faichill,

(iii) rabhadh, nó

(iv) iomardú,

nó

- (b) aon teaghlaim d'aon smachtbhannaí díobh sin a shonraítear i mír (a);

ciallaíonn “forbairt ilaonad” mórláthair árasán, eastát tithíochta, nó aon mhórláthair nó eastát eile ina bhfuil aonaid chónaithe de réir bhrí an Achta um Fhorbairtí Ilaonad, 2011;

tá le “Sannaí Oifigiúil” an bhrí a shanntar dó le halt 3 den Acht Féimheachta, 1988;

ciallaíonn “ionadaí pearsanta”, i ndáil le heastát duine éagtha, ionadaí pearsanta an duine sin de réir bhrí alt 3(1) den Acht Comharbais, 1965 agus foláíonn sé aon duine a bhfuil aige nó aici, i leith an éagaigh, faoi dhlí stáit eile aon fheidhmeanna atá ar comhréir le feidhmeanna ionadaí phearsanta de réir bhrí an ailt sin chun críocha riaracháin faoi dhlí an Stáit, agus déanfar tagairtí d'ionadaithe pearsanta sa cháil sin a fhorléiriú mar thagairtí d'ionadaithe pearsanta ina gcáil mar dhaoine a bhfuil feidhmeanna den sórt acu;

maidir le “príomhoifigeach”—

(a) i ndáil le comhlacht corpraithe, ciallaíonn sé aon duine—

(i) is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile den tsamhail sin de chuid an chomhlachta corpraithe, nó

(ii) is duine a airbheartaíonn a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin,

(b) i ndáil le comhpháirtíocht—

(i) ciallaíonn sé aon duine—

(I) is comhpháirtí sa chomhpháirtíocht, nó is bainisteoir nó oifigeach eile den tsamhail sin de chuid na comhpháirtíochta, nó

(II) is duine a airbheartaíonn a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, agus

(ii) i gcás gur comhlacht corpraithe agus ceadúnaí nó iarratasóir ar cheadúnas aon chomhpháirtí sa chomhpháirtíocht, foláíonn sé aon duine—

(I) is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile den tsamhail sin de chuid an chomhpháirtí sin, agus

(II) is duine a airbheartaíonn a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin;

ciallaíonn “scéim inniúlachta gairmiúla” scéim oideachais agus oiliúna dá bhforáiltear i rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 79*;

ciallaíonn “árachas slánaíochta gairmiúla” polasaí árachais slánaíochta in aghaidh cailleanas a eascraíonn as éilimh i leith aon tuairisce dliteanais shibhialta a bheidh tabhaithe—

(a) ag ceadúnaí ag eascairt as seirbhísí maoine a sholáthar, nó

(b) ag príomhoifigeach, fostaí nó gníomhaire nó ag iar-phríomhoifigeach, iarfhostaí nó iarghníomhaire de chuid an cheadúnaí ag eascairt as na seirbhísí sin a sholáthar;

ciallaíonn “seirbhísí bainistíochta maoine” seirbhísí maidir le bainistiú forbartha ilaonad a chuirtear i gcrích thar ceann comhlachta bainistíochta, agus foláíonn seirbhísí den sórt sin—

(a) seirbhísí riaracháin, agus

(b) cothabháil, seirbhísíú, deisiú, feabhsú nó árachú na forbartha, nó aon chuid den fhorbairt, nó aon teaghlaim den chéanna, a fháil;

ciallaíonn “seirbhís maoine” aon ní díobh seo a leanas a sholáthar, ar chomaoin, sa Stát, i leith maoine atá laistigh nó lasmuigh den Stát—

(a) maoin, seachas talamh, a cheantáil,

(b) talamh a cheannach nó a dhíol, ar cibé slí ar bith,

(c) talamh a ligean (lena n-áirítear ligean i gconacra nó chun críocha féaraigh), nó

(d) seirbhísí bainistíochta maoine,

ag aon duine acu seo a leanas—

(e) fostóir seirbhísí maoine,

(f) fostaí de chuid fostóra seirbhísí maoine,

(g) príomhoifigeach de chuid fostóra seirbhísí maoine, nó

(h) conraitheoir neamhspleách;

ciallaíonn “comhaontú seirbhísí maoine” litir fruilithe dá dtagraítear in *alt 43(1)* agus nár scoir d’aon fheidhm a bheith aici ná d’aon éifeacht a bheith léi de bhua oibriú *alt 43(2)*;

ciallaíonn “fostóir seirbhísí maoine” duine (dá ngairtear “an fostóir” sa mhíniú seo)—

(a) is pearsa aonair a sholáthraíonn seirbhís maoine i gcás ina bhféadfadh sé go soláthródh fostaí de chuid an fhostóra an tseirbhís sin thar ceann an fhostóra freisin, nó

(b) a soláthraíonn a fhostaithe nó a fostaithe nó a phríomhoifigigh nó a príomhoifigigh seirbhís maoine thar ceann an fhostóra,

agus cibé acu a bhíonn nó nach mbíonn an fostóir ag gabháil d’aon ghnó eile;

folaíonn “ceannaitheoir”, i ndáil le talamh, ceannaitheoir ionchasach na talún;

ciallaíonn “Clár” an Clár um Sheirbhísí Maoine a bhunaítear faoi *alt 29(1)*;

ciallaíonn “léas tráchtála iomchuí” léas maoine tráchtála a dhéantar ar thosach feidhme *alt 87* nó dá éis;

ciallaíonn “raon praghsanna iomchuí”, i ndáil le talamh arna luacháil chun díola nó ligín ag ceadúnaí, raon praghsanna nach mó an difríocht idir teorainn uasta na luachála sin agus teorainn íosta na luachála sin ná 10 faoin gcéad den teorainn íosta sin;

ciallaíonn “maoin chónaithe” maoin a úsáidtear mar aonad cónaithe lánscartha agus foláíonn sé aon talamh a chomhghabhann leis nó a theachtar de ghnáth ina theannta;

ciallaíonn “deimhin” deimhin ar fhorais réasúnacha;

ciallaíonn “sonraithe”—

(a) i ndáil le foirm doiciméid, sonraithe faoi *alt 97*,

(b) i ndáil le tréimhse, tréimhse atá réasúnach sna himthosca lena mbaineann,

(c) i ndáil le tráth, dáta nó áit, tráth, dáta nó áit, de réir mar a bheidh, atá réasúnach sna himthosca lena mbaineann;

ciallaíonn “tionóntacht” an t-eastát nó an leas a eascraíonn as comhbhainteachas tiarna talún agus tionónta cibé slí a gcruthaítear é;

ciallaíonn “tionónta” an duine, lena n-áirítear fothionónta, dá bhfuil tionóntacht dílsithe;

folaíonn “téarmaí” coinníollacha;

folaíonn “díoltóir” i ndáil le talamh, díoltóir ionchasach i leith na talún.

(2) Chun críocha an Achta seo, measfar seirbhís maoine a bheith á soláthar sa Stát má tá an tseirbhís maoine á soláthar ag duine atá bunaithe sa Stát agus cibé acu atá nó nach bhfuil—

- (a) gnáthchónaí ar an gcliant lena mbaineann sa Stát, nó
- (b) an mhaoin lena mbaineann suite sa Stát.

(3) Chun críocha *fho-alt (2)*, tá gnáthchónaí ar chliant sa Stát más rud é—

- (a) gur pearsa aonair a raibh a príomháit chónaithe nó a príomháit chónaithe aige nó aici sa Stát don tréimhse 12 mhí díreach roimh an tráth a soláthraíodh an tseirbhís maoine lena mbaineann, agus dá dtagraítear san *fho-alt* sin, an cliant,
- (b) gur cuideachta an cliant, nó
- (c) gur aon chomhlacht corpraithe eile arna bhunú faoi dhlí de chuid an Stáit an cliant.

(4) Aon tagairtí san Acht seo (gan *fo-alt (5)* a áireamh, ach lena n-áirítear *ailt 48* agus *54* agus rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo) d’iarcheadaúnaí, foláíonn siad freisin—

- (a) duine a bhí ag soláthar seirbhíse maoine go dleathach díreach roimh thosach feidhme *alt 28*, a mhéid a bhaineann an tosach feidhme sin leis an tseirbhís maoine sin, agus
- (b) duine a ndiúltaíonn an tÚdarás ina leith ceadúnas a eisiúint i leith na seirbhíse maoine sin.

(5) Aon tagairtí i *gCuid 7* (lena n-áirítear *ailt 69, 70* agus *71*) do cheadúnaí, foláíonn siad iarcheadaúnaí, agus déanfar forálacha eile an Achta seo (lena n-áirítear na mínithe ar “tuarascáil ar imscrúdú”, “mór-smachtbhanna”, agus “mion-smachtbhanna” in *alt 2(1)*, *alt 11(2)(h)*, *(i)* agus *(j)*), i *gCuid 8* agus i *Sceideal 5*) a fhorléiriú, fairis na modhnuithe go léir is gá, dá réir sin.

(6) Folaíonn tagairtí sa mhíniú ar “seirbhísí airgeadais” in *alt 2 (1)* do “thar ceann an cheadúnaí” tagairtí don tseirbhís lena mbaineann a bheith á soláthar trí fhochuideachta nó trí chomhlacht comhlachaithe de chuid an cheadúnaí.

(7) I gcás go dtugtar, le foráil den Acht seo, lánrogha don Údarás, don Bhord Achomhairc nó do chúirt chun ceadúnas ceadúnaí a chúlghairm nó a fhionraí agus go sealbhaíonn an ceadúnaí 2 cheadúnas nó níos mó, féadfar an lánrogha sin a fheidhmiú chun ceann amháin de na ceadúnais sin, cuid díobh nó iad go léir, de réir

Cd.1 A.2 [Uimh. 40.] *An tAcht um Sheirbhísí Maoine* [2011.]
(*Rialáil*), 2011.

mar a bheidh, a chúlghairm nó a fhionraí de réir mar is cuí leis an Údarás, leis an mBord Achomhairc nó leis an gcúirt, de réir mar a bheidh, in imthosca an cháis, agus déanfar forálacha eile an Achta seo a fhorléiriú, fairis na modhnuithe go léir is gá, dá réir sin.

- Díolúintí. 3.—(1) Ní bheidh feidhm ag an Acht seo maidir leo seo a leanas—
- (a) ceantáil a dhéanfaidh oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim le linn dó nó di feidhmeanna na hoifige nó na fostaíochta sin a chomhlíonadh,
 - (b) ceantáil a dhéanfaidh sirriam, foshirriam nó cláraitheoir contae, nó oifigeach d'aon duine acu sin,
 - (c) ceantáil, faoi aon fhoráil reachtúil a bhaineann le tochsal i leith rátaí, a dhéanfaidh bailitheoir rátaí,
 - (d) ceantáil a dhéanfar faoi chumhacht díola a thugtar—
 - (i) le halt 8 den Acht Pónaí (Soláthar agus Cothabháil), 1935, nó
 - (ii) le halt 5 d'Acht na nAinmhithe, 1985,
 - (e) díol raice a dhéanfaidh glacadóir raice a cheapfar faoi alt 41 den Acht Loingis Cheannaíochta (Tarrthálas agus Raic), 1993,
 - (f) ceantáil iasc úr,
 - (g) ceantáil maoine Stáit a dhéanfaidh oifigeach don Stát go cuí,
 - (h) ceantáil a dhéanfaidh duine a bheidh údaraithe le haon fhoráil reachtúil nó fúithi déanamh amhlaidh gan a bheith ceadúnaithe,
 - (i) ceantáil maoine, seachas talamh, chun críocha carthanúla,
 - (j) duine a bheidh ag gníomhú mar ghníomhaire d'Aire den Rialtas, do Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn nó aon duine a bheidh údaraithe le haon fhoráil reachtúil talamh a fháil go héigeantach,
 - (k) díol nó ceannach aon talún, ar cibé slí ar bith, thar ceann duine eile i gcúrsa seirbhísí dlí a bheith á soláthar, agus coimhdeach le seirbhísí dlí a bheith á soláthar, ag aturnaí don duine eile sin, cibé acu atá an talamh laistigh den Stát nó lasmuigh de,
 - (l) seirbhís maoine arb éard í go hiomlán ligean gearrthearma le duine i gcás maidir leis an ligean sin—
 - (i) nach faide nó nach dócha gur faide ná 8 seachtaine chomhleanúnacha é, agus
 - (ii) gur chun críocha *bona fide* turasóireachta nó fóillíochta eile é,
 - (m) comhlacht tithíochta ceadaithe le linn dó seirbhís maoine a sholáthar i leith a chuid maoine féin,

- (n) seirbhís maoine a sholáthraíonn údarás áitiúil i gcúrsa a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoi aon fhoráil reachtúil,
 - (o) seirbhís maoine a sholáthraíonn fostaí ceadúnaí más rud é—
 - (i) gur fostóir seirbhísí maoine nó conraitheoir neamhspleách an ceadúnaí atá ceadúnaithe chun an tseirbhís sin a sholáthar sa cháil sin,
 - (ii) gurb í príomhfheidhm an fhostaí seirbhísí rúnaíochta, fáiltithe, bainistíochta acmhainní daonna, teicneolaíochta faisnéise nó airgeadais, nó aon teaghlaim den chéanna, a sholáthar don cheadúnaí, agus
 - (iii) nach dtéann an fostaí, i ndáil leis an tseirbhís maoine sin a sholáthar do chliant de chuid an cheadúnaí, go díreach i dteagmháil leis an gcliant ach amháin a mhéid is gá chun an phríomhfheidhm sin a chomhlíonadh,
- agus
- (p) cibé seirbhís maoine eile a fhorordófar i rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 96* chun críocha na míre seo.

(2) Féadfaidh an tÚdarás treoirínite a eisiúint ó am go ham maidir le hoibriú praiticiúil *fho-alt (1)(o)*.

4.—(1) Níl ceadúnaí atá ceadúnaithe chun seirbhís maoine a sholáthar mar phríomhoifigeach fostóra seirbhísí maoine ina cháil nó ina cáil mar phríomhoifigeach den sórt sin i dteideal an tseirbhís sin a sholáthar ach amháin thar ceann aon cheadúnaí—

Feidhm an Achta seo maidir le príomhoifigh agus fostaíthe.

- (a) atá ceadúnaithe mar fhostóir seirbhísí maoine chun an tseirbhís maoine chéanna a sholáthar, agus
- (b) ar príomhoifigeach ina leith an ceadúnaí céadluaite tráth an tseirbhís maoine a sholáthar ina cháil nó ina cáil mar phríomhoifigeach den sórt sin,

agus déanfar na tagairtí san Acht seo do cheadúnaí agus do sheirbhís maoine (cibé slí ina sonrúfar iad), ina bhfeidhm maidir leis an gceadúnaí céadluaite agus leis an tseirbhís maoine a bhfuil sé nó sí ceadúnaithe í a sholáthar ina cháil nó ina cáil mar phríomhoifigeach den sórt sin, a fhorléiriú dá réir sin.

(2) Níl ceadúnaí atá ceadúnaithe chun seirbhís maoine a sholáthar mar fhostaí de chuid fostóra seirbhísí maoine ina cháil nó ina cáil mar fhostaí den sórt sin i dteideal an tseirbhís sin a sholáthar ach amháin thar ceann aon cheadúnaí—

- (a) atá ceadúnaithe mar fhostóir seirbhísí maoine chun an tseirbhís maoine chéanna a sholáthar, agus
- (b) ar fostaí ina leith an ceadúnaí céadluaite tráth an tseirbhís maoine a sholáthar ina cháil nó ina cáil mar fhostaí den sórt sin,

Cd.1 A.4 [Uimh. 40.] *An tAcht um Sheirbhísí Maoine* [2011.]
(*Rialáil*), 2011.

agus déanfar na tagairtí san Acht seo do cheadúnaí agus do sheirbhís maoine (cibé slí ina sonrúfar iad), ina bhfeidhm maidir leis an gceadúnaí céadluaite agus leis an tseirbhís maoine a bhfuil sé nó sí ceadúnaithe í a sholáthar ina cháil nó ina cáil mar fhostaí de sórt sin, a fhorléiriú dá réir sin.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-ailt (1)* agus (2)—

(a) níl ceadúnaí is príomhoifigeach de chuid fostóra seirbhísí maoine ach nach bhfuil ceadúnaithe chun seirbhís maoine a sholáthar ina cháil nó ina cáil mar phríomhoifigeach den sórt sin i dteideal seirbhís maoine a sholáthar sa cháil sin go dtí go dtagann sé nó sí chun bheith ceadúnaithe amhlaidh,

(b) níl ceadúnaí is fostaí de chuid fostóra seirbhísí maoine ach nach bhfuil ceadúnaithe chun seirbhís maoine a sholáthar ina cháil nó ina cáil mar fhostaí den sórt sin i dteideal seirbhís maoine a sholáthar sa cháil sin go dtí go dtagann sé nó sí chun bheith ceadúnaithe amhlaidh,

agus déanfar na tagairtí san Acht seo do cheadúnaí agus do sheirbhís maoine (cibé slí ina sonrúfar iad) a fhorléiriú dá réir sin.

Rialacháin agus orduithe a leagan.

5.—Déanfar gach rialachán a dhéanfar faoin Acht seo agus gach ordú a dhéanfar faoi *alt 11(4)*, a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán nó an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin nó an ordaithe beidh an rialachán nó an t-ordú ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoi.

Caiteachais.

6.—Déanfar na caiteachais a thabhoídh an tAire, an tÚdarás agus an Bord Achomhairc ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Aisghairm agus cúlghairm.

7.—(1) Aisghairtear na hAchtanna a shonraítear i *gCuid 1* de *Sceideal 1*.

(2) Cúlghairtear an ionstraim reachtúil a shonraítear i *gCuid 2* de *Sceideal 1*.

CUID 2

AN TÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

An lá bunaithe.

8.—Déanfaidh an tAire, le hordú, lá a cheapadh chun bheith ina lá bunaithe chun críocha an Achta seo.

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine a Bhunú.

9.—(1) Ar an lá bunaithe, bunófar comhlacht, ar a dtabharfar an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine, nó sa Bhéarla, *The Property Services Regulatory Authority*, chun na feidhmeanna a thugtar dó leis an Acht seo a chomhlíonadh.

(2) Maidir leis an Údarás—

- (a) is comhlacht corpraithe é le comharbas suthain agus séala,
- (b) féadfaidh sé agairt a dhéanamh, agus beidh sé inagartha, faoina ainm corpraithe,
- (c) féadfaidh sé, le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, talamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt, agus
- (d) féadfaidh sé aon mhaoine eile a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.

(3) Faoi réir an Achta seo, beidh an tÚdarás neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

(4) Féadfar séala an Údaráis a fhíordheimhniú—

- (a) le síniú an Chathaoirligh nó síniú comhalta eile den Údarás a bheidh údaraithe ag an Údarás chun gníomhú chuige sin, agus
- (b) le síniú an Phríomh-Fheidhmeannaigh nó síniú comhalta d'fhoireann an Údaráis a bheidh údaraithe amhlaidh.

(5) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala an Údaráis agus, dá réir sin, déanfar gach doiciméad—

- (a) a airbheartóidh a bheith ina dhoiciméad a rinne an tÚdarás, agus
- (b) a airbheartóidh a bheith séalaithe le séala an Údaráis arna fhíordheimhniú de réir *fho-alt (4)*,

a ghlacadh i bhfianaise agus measfar gurb é an doiciméad sin é gan a thuilleadh cruthúnais mura gcruthófar a mhalairt.

(6) Féadfaidh aon duine a bheidh údaraithe ag an Údarás chuige sin i gcoitinne nó go speisialta aon chonradh nó ionstraim a dhéanamh nó a fhorghníomhú thar ceann an Údaráis, ar conradh nó ionstraim é nó í nár ghá a bheith faoi shéala dá ndéanfadh nó dá bhforghníomhódh pearsa aonair é nó í.

10.—(1) 11 chomhalta ar a mhéad a bheidh ar an Údarás.

Comhaltas an
Údaráis agus
téarmaí comhaltais.

(2) Is é nó is í an tAire a cheapfaidh comhaltaí an Údaráis agus déanfaidh sé nó sí duine díobh a ainmniú mar chathaoirleach air.

(3) Le linn daoine a cheapadh chun bheith ina gcomhaltaí den Údarás, beidh aird ag an Aire, faoi réir *fho-alt (4)*, ar a inmhianaithe atá sé go mbeadh eolas nó taithí acu ar ghnóthaí tomhaltóirí, ar ghnó, ar airgeadas, ar bhainistíocht nó ar riarachán nó ar aon ábhar eile a bheadh, ina thuairim nó ina tuairim, ina chabhair don Údarás le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht seo.

(4) Maidir le comhaltaí an Údaráis—

- (a) daoine atá, i dtuairim an Aire, ina n-ionadaithe do dhaoine a sholáthraíonn seirbhísí maoine a bheidh i 3 dhuine acu ar a mhéad,

(b) daoine a bhfuil, i dtuairim an Aire, eolas agus taithí ar ghnóthaí tomhaltóirí a bheidh i 3 dhuine acu ar a laghad, agus

(c) oifigeach don Aire a bheidh i nduine amháin acu.

(5) Déanfaidh an tAire, a mhéid is indéanta agus ag féachaint d'eolas nó do thaithí na ndaoine lena mbaineann ar nithe is iomchuí maidir le feidhmeanna an Údaráis, a chinntiú go mbeidh cóimheá chuí ann idir fir agus mná i gcomhdhéanamh an Údaráis.

(6) Faoi réir an Achta seo, beidh comhalta den Údarás i seilbh oifige ar feadh tréimhse 4 bliana ó dháta a cheaptha nó a ceaptha.

(7) (a) As measc na gcomhaltaí a cheapfar chun an Údaráis an lá bunaithe, déanfaidh 5 chomhalta (ach gan an Cathaoirleach a áireamh) oifig a shealbhú, faoi réir an Achta seo, ar feadh tréimhse 3 bliana ó dháta a gceaptha faoi seach mar chomhaltaí den sórt sin.

(b) Roghnófar na 5 chomhalta den Údarás dá dtagraítear i *mír (a)* trí chrannchur a dhéanamh, is crannchur a sheolfar i cibé slí is cuí le Cathaoirleach an Údaráis, ag céadchruinniú an Údaráis dá dtagraítear in *alt 12(3)*.

(c) Féadfar comhalta den Údarás a roghnú mar dhuine de na 5 chomhalta de chuid an Údaráis dá dtagraítear i *mír (a)* d'ainneoin nach bhfuil sé nó sí i láthair ag céadchruinniú an Údaráis dá dtagraítear in *alt 12(3)*.

(d) D'ainneoin *alt 12(2)*, 7 is córam do chéadchruinniú an Údaráis dá dtagraítear in *alt 12(3)* a mhéid a bhaineann an cruinniú sin leis na 5 chomhalta de chuid an Údaráis dá dtagraítear i *mír (a)* a roghnú.

(8) Ní fhéadfar duine a cheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás le haghaidh níos mó ná 2 théarma chomhleanúnacha ach beidh sé nó sí in-athcheaptha thairis sin.

(9) Féadfaidh comhalta den Údarás aon tráth éirí as oifig trí litir a sheoladh chuig an Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as ar an dáta a bheidh sonraithe sa litir nó ar an dáta a gheobhaidh an tAire an litir, cibé acu is déanaí.

(10) Beidh comhalta den Údarás i seilbh oifige mar chomhalta den sórt sin go dtí go rachaidh a théarma nó a téarma oifige in éag mura túisce a éagfaidh sé nó sí, a thiochfaidh sé nó sí chun bheith dícháilithe le haghaidh oifige, a éireoidh sé nó sí as oifig, a chuirtear é nó í as oifig nó a scoirfidh sé nó sí ar shlí eile de bheith ina chomhalta nó ina comhalta.

(11) Beidh an Cathaoirleach i seilbh oifige mar Chathaoirleach go dtí go rachaidh a théarma nó a téarma oifige mar chomhalta den Údarás in éag, mura túisce a éagfaidh an duine sin, a thiochfaidh sé nó sí chun bheith dícháilithe chun oifig a shealbhú, a éireoidh sé nó sí as oifig, a chuirtear é nó í as oifig nó a scoirfidh sé nó sí ar shlí eile de bheith ina chomhalta nó ina comhalta, ach, má athcheaptar é nó í mar chomhalta, beidh sé nó sí cáilithe lena ainmniú nó lena hainmniú mar Chathaoirleach.

(12) Maidir le gach comhalta den Údarás—

- (a) beidh sé nó sí i seilbh oifige ar bhonn páirtaimseartha agus ar cibé téarmaí eile (seachas luach saothair agus liúntais i leith caiteachas a íoc) a chinnfidh an tAire, agus
- (b) déanfaidh an tÚdarás, cibé luach saothair (más ann) agus liúntais i leith caiteachas (más ann) a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a íoc leis nó léi as na hacmhainní a bheidh faoina réir ag an Údarás.

(13) Féadfaidh an tAire ar chúis shonraithe comhalta den Údarás a chur as oifig más rud é, i dtuairim an Aire—

- (a) go bhfuil an comhalta tagtha chun bheith éagumasach, de dheasca easláinte, ar fheidhmeanna na hoifige a chomhlíonadh go héifeachtach,
- (b) gur mhí-iompair an comhalta é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe,
- (c) go bhfuil easaontacht leasa ag an gcomhalta atá chomh suntasach sin gur chóir, i dtuairim an Aire, go scoirfeadh an duine den oifig a shealbhú, nó
- (d) go ndealraíonn sé gur gá an comhalta a chur as oifig le go ndéanfar feidhmeanna an Údaráis a chomhlíonadh go héifeachtach.

(14) Beidh duine dícháilithe chun oifig a shealbhú, agus scoirfidh sé nó sí d'oifig a shealbhú, mar chomhalta den Údarás—

- (a) má bhreithnítear ina fhéimheach nó ina féimheach é nó í,
- (b) má dhéanann sé nó sí imshocraíocht nó comhshocraíocht lena chreidiúnaithe nó lena creidiúnaithe,
- (c) má chiontaítear é nó í ar díotáil i gcion indíotáilte,
- (d) má chiontaítear é nó í i gcion lena ngabhann mímhacántacht,
- (e) má dhéantar dearbhú faoi alt 150 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 ina choinne nó ina coinne nó má tá sé nó sí faoi réir, nó má mheastar é nó í a bheith faoi réir, ordú dícháilíochta de bhua Chuid VII den Acht sin,
- (f) má scoireann sé nó sí de ghnáthchónaí a bheith air nó uirthi sa Stát, nó
- (g) má thagann sé nó sí faoi réim aon cheann de *mhíreanna* (a) go (d) d'alt 13(1).

(15) Más rud é, maidir le comhalta den Údarás, go n-éagfaidh sé nó sí, go dtiocfaidh sé nó sí chun a bheith dícháilithe chun oifig a shealbhú, go n-éireoidh sé nó sí as oifig, go gcuirtear é nó í as oifig nó go scoirfidh sé nó sí ar shlí eile de bheith ina chomhalta nó ina comhalta, féadfaidh an tAire duine a cheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás chun an corrgholúntas iarmhartach a líonadh.

(16) Beidh aon duine a cheapfar ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás faoi *fho-alt (15)* i seilbh oifige ar feadh a mbeidh fágtha

de théarma oifige an chomhalta arbh é nó í is cúis leis an gcorrholúntas.

(17) (a) Measfar, chun críocha *fho-alt (8)*, téarma mar chomhalta den Údarás a bheith curtha isteach ag comhalta den Údarás a bheidh, de bhun *fho-alt (7)*, i seilbh oifige ar feadh tréimhse 3 bliana ó dháta a cheaptha nó a ceaptha cé nach raibh sé nó sí i seilbh oifige ar feadh na tréimhse 4 bliana dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)*.

(b) Chun críocha *fho-alt (8)*, measfar téarma mar chomhalta den Údarás a bheith curtha isteach ag duine is cúis le folúntas nó a líonfaidh folúntas fiú mura raibh sé nó sí i seilbh oifige ach ar feadh cuid den téarma.

(18) Faoi réir *alt 12(2)*, féadfaidh an tÚdarás gníomhú d'ainneoin folúntais nó folúntas ina chomhaltas.

Feidhmeanna an Údaráis.

11.—(1) Faoi réir an Achta seo, rialóidh agus maoirseoidh an tÚdarás ceadúnaithe, agus cothóidh agus feabhsóidh sé caighdeáin maidir le soláthar seirbhísí maoine acu.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh an tÚdarás, agus, i gcás ina gceanglófar leis an Acht seo é, déanfaidh sé—

(a) ceadúnais a eisiúint agus a athnuachan,

(b) an Clár a bhunú agus a chothabháil,

(c) na nithe seo a leanas a shonrú agus a fhorfheidhmiú—

(i) ceanglais cháilíochta, lena n-áirítear leibhéal oideachais, oiliúna agus taithí, agus

(ii) aon cheanglais eile, lena n-áirítear cineál agus leibhéal íosta an árachais slánaíochta gairmiúla,

chun ceadúnais a eisiúint agus a athnuachan,

(d) caighdeáin a shonrú agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear—

(i) caighdeáin theicniúla, agus

(ii) caighdeáin chuí eiticiúla,

a bheidh le hurramú le linn do cheadúnaithe seirbhísí maoine a sholáthar,

(e) faisnéis a scaipeadh i ndáil le ceanglais cháilíochta agus ceanglais eile dá dtagraítear i *mír (c)*, agus le caighdeáin dá dtagraítear i *mír (d)*, a mhéid agus i cibé slí is cuí leis,

(f) an Ciste a bhunú, a chothabháil agus a riaradh,

(g) más cuí, a chur faoi deara imscrúdú a dhéanamh ar sholáthar aon seirbhíse maoine ag aon cheadúnaí nó aon duine eile,

- (h) córas imscrúdaithe ar cheadúnaithe, cibé acu tar éis gearán i gcoinne ceadúnaithe nó ar shlí eile, a bhunú agus a riaradh,
- (i) mion-smachtbhannaí nó mór-smachtbhannaí a fhorchur ar cheadúnaithe,
- (j) iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte chun forchur mór-smachtbhannaí ar cheadúnaithe a dhaingniú,
- (k) feasacht an phobail a chur chun cinn agus faisnéis a scaipeadh ar an bpobal i ndáil le seirbhísí maoine, agus go háirithe costas na seirbhísí sin, agus na priacail agus na tairbhí a bhaineann le soláthar na seirbhísí sin,
- (l) spreagadh chun cóid chleachtais a fhorbairt agus a ghlacadh,
- (m) an tAire a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí i leith seirbhísí maoine a sholáthar ag ceadúnaithe agus cuidiú leis an Aire chun beartas a chomhordú agus a fhorbairt ina leith sin,
- (n) tionscadail taighde agus gníomhaíochtaí eile i leith soláthair seirbhísí maoine a ghabháil de lámh nó a choimisiúnú, nó comhoibriú nó cuidiú a thabhairt maidir leo, d'fhonn caighdeán a chur chun cinn agus a fheabhsú maidir le soláthar na seirbhísí sin agus le feasacht an phobail ina dtaobh,
- (o) sonraí maidir le praghsanna díolta maoine cónaithe a chothabháil agus a fhoilsiú,
- (p) an Bunachar Sonraí Léasanna Tráchtála a bhunú agus a chothabháil, agus
- (q) aon fheidhmeanna eile a thugtar dó le haon fhoráil eile den Acht seo nó aon achtachán eile nó le rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo nó aon achtachán eile a chomhlíonadh.

(3) Déanfaidh an tÚdarás, le linn a fheidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh, leas cliant agus úsáideoirí eile agus úsáideoirí ionchasacha seirbhísí maoine a chur chun cinn ar mhodh atá i gcomhréir le feidhmiú ordúil cuí na margaí seirbhísí maoine agus le rialú agus maoirseacht ordúil sholáthraithe na seirbhísí sin.

(4) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le hordú—

- (a) cibé feidhmeanna breise a bhaineann le seirbhísí maoine agus atá bainteach leis na feidhmeanna a thugtar dó le *fo-ailt (1), (2)* agus *(3)* nó aon ordú a rinneadh faoin bhfo-alt seo is cuí leis an Aire a thabhairt don Údarás, agus
- (b) cibé foráil a dhéanamh a mheasfaidh an tAire is gá nó is fóirsteanach i leith nithe atá coimhdeach le haon cheann de na feidhmeanna dá dtagraítear i *mír (a)*, nó a eascraíonn astu.

(5) Faoi réir an Achta seo, féadfaidh an tÚdarás aon ní a dhéanamh is gá nó is fóirsteanach leis chun a chumasú dó a

fheidhmeanna a chomhlíonadh, lena n-áirítear idirchaidreamh agus comhoibriú a dhéanamh le comhlachtaí reachtúla eile agus le comhlachtaí iomchuí eile gairmiúla agus tomhaltóirí.

(6) Féadfar aon fheidhm de chuid an Údaráis, gan dochar dá fhreagrachtaí ginearálta faoin Acht seo, a chomhlíonadh tríd an bPríomh-Fheidhmeannach nó aige nó aici nó trí aon chomhalta dá fhoireann nó aige nó aici is comhalta a bheidh údaráithe go cuí chuige sin ag an Údarás.

(7) In aon imeachtaí, toimhdeofar maidir le Príomh-Fheidhmeannach an Údaráis nó comhalta d'fhoireann an Údaráis a chomhlíonfaidh aon cheann dá fheidhmeanna, go raibh sé nó sí údaráithe ag an Údarás déanamh amhlaidh thar a cheann, mura suítear a mhalairt.

Cruinnithe.

12.—(1) Tionólfaidh an tÚdarás cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh ach gach bliain tionólfaidh sé cruinniú amháin ar a laghad i ngach tréimhse 3 mhí.

(2) 4 nó cibé líon eile, nach lú ná 4, a chinnfidh an tÚdarás, is córam do chruinniú den Údarás.

(3) Déanfaidh an tAire, i gcomhairle leis an gCathaoirleach, dáta, tráth agus ionad chéadchruinniú an Údaráis a shocrú .

(4) Ag cruinniú den Údarás—

(a) beidh an Cathaoirleach, má bhíonn sé nó sí i láthair, ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú, agus

(b) mura mbeidh, agus fad nach mbeidh, Cathaoirleach an Údaráis i láthair nó má bhíonn oifig an Chathaoirligh folamh, roghnóidh na comhaltaí den Údarás a bheidh i láthair duine dá líon chun gníomhú mar chathaoirleach ar an gcruinniú.

(5) Beidh vóta ag gach comhalta den Údarás (lena n-áirítear an Cathaoirleach) a bheidh i láthair ag cruinniú den Údarás.

(6) Ag cruinniú den Údarás, déanfar ceist ar gá vótáil ina leith a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí den Údarás a bheidh i láthair agus a vótálfaidh ar an gceist agus, i gcás comhionannais vótaí, beidh vóta réitigh ag cathaoirleach an chruinnithe.

(7) Faoi réir an Achta seo, féadfaidh an tÚdarás a nós imeachta féin a rialáil.

Comhaltas de cheachtar Teach den Oireachtas, de Pharlaimint na hEorpa nó d'údarás áitiúil.

13.—(1) Más rud é, maidir le comhalta den Údarás, nó le Príomh-Fheidhmeannach nó comhalta d'fhoireann an Údaráis—

(a) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,

(b) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa,

(c) go measfar, de bhun alt 19 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997 é nó í a bheith tofa chun na Parlaiminte sin, nó

(d) go dtoghfar nó go gcomhthoghfar é nó í mar chomhalta d'údarás áitiúil,

air sin—

(i) i gcás comhalta den Údarás nó i gcás an Phríomh-Fheidhmeannaigh, scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás nó de bheith ina Phríomh-Fheidhmeannach nó ina Príomh-Fheidhmeannach, de réir mar a bheidh, agus

(ii) i gcás comhalta d'fhoireann an Údaráis, beidh sé nó sí ar iasacht ó fhostaíocht ag an Údarás agus ní íocfaidh an tÚdarás leis nó léi, ná ní bheidh sé nó sí i dteideal go bhfaighidh sé nó sí ón Údarás, aon luach saothair ná liúntais i leith caiteachas maidir leis an tréimhse dar tosach an tráth a ainmneofar nó a thoghfar é nó í amhlaidh, nó an tráth a mheasfar amhlaidh é nó í a bheith tofa nó ar an toghadh nó comhthoghadh sin, de réir mar a bheidh, agus dar críoch an tráth a scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach acu sin, ina chomhalta nó ina comhalta den Parlaimint sin nó ina chomhalta nó ina comhalta den údarás áitiúil.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, forléireofar an fo-alt sin mar fo-alt lena dtoirmiscear tréimhse atá luaite ann a ríomh mar sheirbhís leis an Údarás chun críocha aon sochar aoisliúntais is iníoctha faoi *alt 21* nó ar shlí eile.

(3) Aon duine atá de thuras na huairé—

(a) i dteideal faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas súí sa Teach sin,

(b) ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa, nó

(c) i dteideal faoi bhuan-orduithe údaráis áitiúil súí mar chomhalta den údarás sin,

beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh faoi *mhír (a)* nó *(c)* nó ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin faoi *mhír (b)*, dícháilithe chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás, ina Phríomh-Fheidhmeannach nó ina Príomh-Fheidhmeannach ar an Údarás nó ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis.

14.—(1) (a) Féadfaidh an tÚdarás, le ceadú an Aire, cibé coistí comhairleacha agus cibé líon coistí comhairleacha agus cibé sainchomhairleoirí nó comhairleoirí agus cibé líon sainchomhairleoirí nó comhairleoirí is gá leis a cheapadh chun cabhrú leis a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

Coistí
comhairleacha,
sainchomhairleoirí
agus comhairleoirí.

(b) Tá ceadú an Aire faoi *mhír (a)* faoi réir thoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le táillí nó caiteachais lena mbaineann *fo-alt (3)*.

(2) Is go ceann cibé tréimhse agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha is cuí leis an Údarás a cheapfar duine chuig coiste comhairleach nó mar shainchomhairleoir nó comhairleoir.

(3) Déanfar aon táillí nó caiteachais a bheidh ceadaithe ag an Aire, le toiliú roimh ré ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus a bheidh dlite do chomhalta de choiste comhairleach nó do shainchomhairleoir nó do chomhairleoir a íoc as na hacmhainní a bheidh faoina réir ag an Údarás.

(4) Áireofar ar choiste comhairleach daoine a bhfuil eolas nó taithí acu ar nithe is iomchuí maidir le feidhmeanna an choiste.

(5) Beidh ar choiste comhairleach cathaoirleach agus cibé líon comhaltaí eile a chinnfidh an tÚdarás agus féadfaidh daoine nach comhaltaí den Údarás nó dá fhoireann a bheith ar áireamh ann.

(6) Déanfaidh an tÚdarás, a mhéid is indéanta agus ag féachaint d'eolas agus taithí na ndaoine lena mbaineann ar nithe is iomchuí maidir le feidhmeanna an choiste chomhairligh, a chinntiú go mbeidh cóimheá chuí ann idir fir agus mná i gcomhdhéanamh an choiste.

(7) Féadfaidh an tÚdarás comhalta de choiste comhairleach a chur as comhaltas an choiste tráth ar bith.

(8) Féadfaidh an tÚdarás coiste comhairleach a dhíscaoileadh tráth ar bith.

(9) Féadfaidh an tÚdarás nós imeachta agus gnó coiste chomhairligh a rialáil ach, faoi réir aon rialála den sórt sin, féadfaidh an coiste a nós imeachta agus a ghnó féin a rialáil.

(10) Féadfaidh coiste comhairleach gníomhú d'ainneoin folúntais nó folúntas ina chomhaltas.

Gan faisnéis a nochtadh.

15.—(1) Ní nochtfaidh duine, gan toiliú i scríbhinn ón Údarás nó de réir mar a cheanglaítear air nó uirthi le dlí, aon fhaisnéis faoi rún a fuair an duine sin in aon cháil, nó le linn dó nó di a bheith ag comhlíonadh feidhmeanna, mar aon duine díobh seo a leanas:

- (a) comhalta den Údarás nó de choiste comhairleach;
- (b) an Príomh-Fheidhmeannach;
- (c) comhalta d'fhoireann an Údaráis;
- (d) sainchomhairleoir nó comhairleoir arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Údarás nó fostaí de chuid sainchomhairleora nó comhairleora;
- (e) cigire.

(2) Aon duine a sháraíonn *fo-alt (1)* tá sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air nó uirthi.

(3) Ní choiscfear le haon ní i *bhfo-alt (1)* ar dhuine faisnéis a nochtadh sna himthosca dá dtagraítear in alt 35(2) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995.

(4) Ní choiscfear le haon ní i *bhfo-alt (1)* faisnéis a nochtadh—

- (a) don Údarás,
- (b) ag an Údarás, nó thar a cheann, don Aire, nó
- (c) a fhéadfaidh, i dtuairim duine dá dtagraítear san fho-alt sin, baint a bheith aige le cion indíotáilte a dhéanamh—
 - (i) don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach,
 - (ii) don Údarás Iomaíochta,
 - (iii) do chomhalta den Gharda Síochána,
 - (iv) d'oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim,
 - (v) do Bhanc Ceannais na hÉireann, nó
 - (vi) do cibé duine eile a fhorordófar faoi *alt 96* tar éis don Aire dul i gcomhairle le haon Aire eile den Rialtas ar dealraitheach don Aire go mbaineann sí leis nó léi.

(5) San alt seo, ciallaíonn “faisnéis faoi rún” faisnéis a mbeidh sé sainráite ag an Údarás ina leith go bhfuil sí faoi rún maidir le faisnéis áirithe nó maidir le faisnéis d’aicme nó de thuirisc áirithe.

16.—(1) Déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is indéanta tar éis an lae bunaithe agus ina dhiaidh sin laistigh de 6 mhí roimh gach dáta ar cothrom trí bliana an lae bunaithe é, plan straitéiseach don tréimhse 3 bliana dá éis sin a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú ag an Aire fara leasú nó gan leasú.

Pleananna
straitéiseacha.

- (2) Maidir le plan straitéiseach—
 - (a) comhlíonfar leis aon ordacháin a eiseoidh an tAire ó am go ham maidir leis an bhfoirm agus an modh ina n-ullmhófar an plan,
 - (b) leagfar amach ann cuspóirí fíorthábhachtacha, aschuir agus straitéisí gaolmhara an Údaráis, lena n-áirítear úsáid a chuid acmhainní aige, agus
 - (c) tabharfar aird ann ar an ngá atá ann a chinntiú go mbainfear an úsáid is tairbhiúla agus is éifeachtúla as acmhainní an Údaráis.

(3) Déanfaidh an tAire, a luaithe is indéanta tar éis plan straitéiseach a bheith ceadaithe amhlaidh, a chur faoi deara cóip de a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

17.—(1) Tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, tabharfaidh an tÚdarás tuarascáil (dá ngairtear “an tuarascáil bhliantúil” san alt seo) don Aire i dtaobh chomhlíonadh a fheidhmeanna i rith na bliana roimhe sin.

Tuarascálacha don
Aire.

(2) Cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is indéanta, cóipeanna den tuarascáil bhliantúil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(3) Beidh an tuarascáil bhliantúil i cibé foirm is cuí leis an Údarás nó a ordóidh an tAire agus beidh faisnéis ar áireamh inti i leith cibé nithe is cuí leis an Údarás nó a ordóidh an tAire.

(4) Féadfaidh an tÚdarás cibé tuarascálacha eile a thabhairt don Aire ar chomhlíonadh a fheidhmeanna is cúí leis.

(5) Tabharfaidh an tÚdarás cibé faisnéis eile don Aire a cheanglóidh an tAire i leith na nithe seo a leanas—

- (a) comhlíonadh a fheidhmeanna ag an Údarás agus a bheartais i leith an chomhlíonta sin,
- (b) aon doiciméad nó cuntas sonracha arna ullmhú aige, nó
- (c) an tuarascáil bhliantúil nó aon tuarascáil dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)*.

(6) Chun críocha *fo-alt (1)*, measfar gur bliain roimhe sin dá dtagraítear san *fo-alt* sin an tréimhse idir dáta an lae bunaithe agus an 31 Nollaig dá éis sin.

(7) Foilseoidh an tÚdarás a thuarascáil bhliantúil i cibé foirm agus modh is cúí leis a luaithe is indéanta tar éis *fo-alt (2)* a chomhlíonadh i leith na tuarascála.

Cóid chleachtais.

18.—(1) Faoi réir *fo-alt (2)* féadfaidh an tÚdarás agus, ar iarraidh ón Aire, déanfaidh sé—

- (a) cód cleachtais a ullmhú agus a fhoilsiú, nó
- (b) cód cleachtais arna tharraingt suas ag aon chomhlacht eile a cheadú,

d'fhonn caighdeán a shocrú chun seirbhísí maoine (lena n-áirítear aicme seirbhísí maoine) a sholáthar.

(2) Sula ndéanfaidh an tÚdarás cód cleachtais a fhoilsiú nó a cheadú faoin alt seo—

- (a) féadfaidh sé dréacht den chód a fhoilsiú i cibé dóigh is cúí leis an Údarás agus ceadóidh sé do dhaoine tréimhse 30 lá ó dháta foilsithe an dréachtchóid ar tréimhse í a bhféadfar uirill i scríbhinn a dhéanamh lena linn chuig an Údarás i ndáil leis an dréachtchód nó cibé tréimhse bhreise, nach faide ná 30 lá, is cúí leis an Údarás dá lánrogha féin, agus
- (b) tar éis dul i gcomhairle, agus más iomchuí, tar éis na huirill a bheidh déanta (más ann) a bhreithniú, cuirfidh sé an dréachtchód faoi bhráid an Aire chun toiliú a fháil uaidh nó uaidi lena fhoilsiú nó lena cheadú faoin alt seo, fara nó d'éagmais modhnuithe.

(3) I gcás ina bhfoilseoidh nó ina gceadóidh an tÚdarás cód cleachtais faoin alt seo, cuirfidh an tAire faoi deara go ndéanfar fógra á rá sin a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil*—

- (a) ina n-aithneofar nó ina sonrúfar an cód,
- (b) ina sonrúfar an tseirbhís maoine ar ina leith a dhéantar an cód a fhoilsiú nó a cheadú amhlaidh, de réir mar a bheidh, agus
- (c) ina sonrúfar an dáta óna mbeidh éifeacht leis an gcód.

(4) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire ach faoi réir *fo-alt* (5)—

- (a) cód cleachtais arna fhoilsiú faoin alt seo a leasú nó a chúlghairm, nó
- (b) a cheadú d'aon chód cleachtais arna cheadú faoin alt seo a tharraingt siar.

(5) Beidh feidhm ag *fo-alt* (2), fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir le cód cleachtais a bheartóidh an tÚdarás a leasú nó a chúlghairm, nó a cheadú a tharraingt siar ina leith, faoi *fo-alt* (4), mar atá feidhm ag *fo-alt* (2) maidir le cód cleachtais a bheartaíonn an tÚdarás a fhoilsiú nó a cheadú faoin alt seo.

(6) I gcás ina ndéanfaidh an tÚdarás cód cleachtais a fhoilsítear nó a cheadaítear faoin alt seo a leasú nó a chúlghairm, nó ina dtarraingíonn sé siar a cheadú ina leith, cuirfidh an tAire faoi deara fógra á rá sin a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil*—

- (a) ina n-aithneofar nó ina sonrúfar an cód lena mbaineann an leasú, an chúlghairm, nó an tarraingt siar, de réir mar a bheidh agus, más infheidhme, sonraí an leasaithe,
- (b) ina sonrúfar an tseirbhís maoine ar ina leith a dhéantar an cód a leasú, a chúlghairm nó a tharraing siar amhlaidh, de réir mar a bheidh, agus
- (c) ina sonrúfar an dáta óna mbeidh éifeacht leis an leasú, leis an gcúlghairm nó leis an tarraingt siar, de réir mar a bheidh.

(7) Spreagfaidh an tÚdarás ceadúnaithe, nó aicmí ceadúnaithe, de réir mar is infheidhme, chun cóid chleachtais a fhoilsítear nó a cheadaítear faoin alt seo (lena n-áirítear cód den sórt sin arna leasú ó am go ham faoin alt seo) a chomhlíonadh.

(8) Déanfaidh an tÚdarás cóip de gach cód cleachtais a fhoilsítear nó a cheadaítear faoin alt seo (lena n-áirítear cód den sórt sin arna leasú ó am go ham faoin alt seo) a chur ar fáil lena hiniúchadh saor in aisce do dhaoine den phobal ag a phríomhoifig le linn gnáthuaire oibre.

(9) Beidh doiciméad ar a mbeidh séala an Údaráis agus a airbheartaíonn gur cód cleachtais arna fhoilsiú nó arna cheadú faoin alt seo é nó, i gcás inar leasaíodh cód den sórt sin faoin alt seo, an cód arna leasú amhlaidh, inghlactha mar fhianaise in aon imeachtaí faoin Acht seo.

(10) Maidir le mainneachtain ar thaobh ceadúnaí aon fhoráil de chód cleachtais a fhoilsítear nó a cheadaítear faoin alt seo (lena n-áirítear cód den sórt sin arna leasú ó am go ham faoin alt seo) a urramú, ní fhágfaidh sé sin uaidh féin go ndlífear aon imeachtaí sibhialta nó coiriúla a thionscnamh in aghaidh an cheadúnaí ach más rud é, in aon imeachtaí faoin Acht seo, go líomhnaítear go raibh nó go bhfuil ceadúnaí ag gabháil d'iompar míchuí i gcás aon ní a raibh cód cleachtais den sórt sin in éifeacht ina leith tráth an teagmhais líomhnaithe, beidh éifeacht le *fo-alt* (11) maidir leis an gcód sin chun críocha na n-imeachtaí sin.

(11) Féadfaidh an tÚdarás, an Bord Achomhairc nó aon chúirt nó binse, in aon imeachtaí faoin Acht seo chun a chinneadh an raibh

nó an bhfuil ceadúnaí ag gabháil d'iompar míchuí, aird a thabhairt ar aon fhoráil de chód cleachtais a fhoilsítear nó a cheadaítear faoin alt seo (lena n-áirítear cód den sórt sin arna leasú ó am go ham faoin alt seo) is dealraitheach dó nó di is iomchuí maidir leis an iompar míchuí lena mbaineann.

(12) San alt seo (lena n-áirítear *fo-alt (2)(a)*), foláionn “cód cleachtais” cuid de chód cleachtais.

An Príomh-Fheidhmeannach.

19.—(1) Beidh príomhoifigeach feidhmiúcháin ar an Údarás (dá ngairtear “an Príomh-Fheidhmeannach” san Acht seo).

(2) Is é nó is í an tAire, faoi réir *fho-alt (3)*, a cheapfaidh an Príomh-Fheidhmeannach ar mholadh ó Phríomh-Fheidhmeannach na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

(3) Maidir leis an gceapachán—

(a) beidh sé ar cibé téarmaí (lena n-áirítear téarmaí maidir le luach saothair agus liúntais i leith caiteachas) a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus beidh sé faoi réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004, nó

(b) beidh sé ar cibé téarmaí eile (lena n-áirítear téarmaí maidir le luach saothair agus liúntais i leith caiteachas) a chinnfidh an tÚdarás agus a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(4) Déanfaidh an Príomh-Fheidhmeannach—

(a) beartais agus breitheanna an Údaráis a chur i ngníomh,

(b) foireann, riarachán agus gnó an Údaráis a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne, agus

(c) cibé feidhmeanna eile a chomhlíonadh a cheanglóidh an tÚdarás nó a bheidh údaraithe go cuí ag an Údarás faoin Acht seo.

(5) Beidh an Príomh-Fheidhmeannach freagrach don Údarás as feidhmeanna an Phríomh-Fheidhmeannaigh a chomhlíonadh.

(6) Ní bheidh an Príomh-Fheidhmeannach ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás nó de choiste comhairleach, ach féadfaidh sé nó sí, de réir nósanna imeachta arna mbunú ag an Údarás nó ag coiste comhairleach, de réir mar a bheidh, freastal ar chruinnithe den Údarás nó den choiste, de réir mar a bheidh, agus beidh sé nó sí i dteideal labhairt agus comhairle a thabhairt ag cruinnithe den sórt sin.

(7) Déanfaidh an Príomh-Fheidhmeannach cibé faisnéis, lena n-áirítear faisnéis airgeadais, i leith chomhlíonadh feidhmeanna an Phríomh-Fheidhmeannaigh a sholáthar don Údarás a cheanglóidh an tÚdarás.

(8) Ní shealbhóidh an Príomh-Fheidhmeannach aon oifig, ná ní rachaidh sé nó sí i mbun aon phoist eile, arb iníoctha luach saothair ina leith, ná ní sheolfaidh sé nó sí aon ghnó, gan toiliú an Údaráis agus ceadú an Aire.

(9) Féadfaidh cibé comhalta nó comhaltaí d'fhoireann an Údaráis a bheith údaraithe ag an bPríomh-Fheidhmeannach chun na críche sin cibé feidhmeanna de chuid an Phríomh-Fheidhmeannaigh a shonróidh an Príomh-Fheidhmeannach, a chomhlíonadh, le toiliú an Údaráis.

(10) Féadfaidh cibé comhalta nó comhaltaí d'fhoireann an Údaráis a údaróidh sé chun na críche sin feidhmeanna an Phríomh-Fheidhmeannaigh a chomhlíonadh le linn don Phríomh-Fheidhmeannach a bheith as láthair nó nuair a bheidh post an Phríomh-Fheidhmeannaigh folamh.

20.—(1) Féadfaidh an tÚdarás, le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe— Foireann an Údaráis.

(a) cibé daoine agus cibé líon daoine a chinnfidh sé a cheapadh chun bheith ina gcomhaltaí d'fhoireann an Údaráis, agus

(b) gráid na foirne sin den Údarás agus an líon foirne i ngach grád díobh a chinneadh.

(2) Beidh feidhm ag *alt 19 (3)(a)* maidir le ceapachán faoin alt seo.

21.—(1) Féadfaidh an tÚdarás, le ceadú an Aire agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, scéim nó scéimeanna a dhéanamh chun sochair aoisliúntais a dheonú don Phríomh-Fheidhmeannach, nó ina leith, agus do chomhaltaí fhoireann an Údaráis, nó ina leith. Aoisliúntas.

(2) Socrófar le scéim faoin alt seo an tráth scoir agus na coinníollacha scoir do na daoine go léir a mbeidh sochair aoisliúntais iníoctha leo nó ina leith faoin scéim nó faoi na scéimeanna agus féadfar tráthanna éagsúla agus coinníollacha éagsúla a shocrú i leith aicmí éagsúla daoine.

(3) Féadfaidh an tÚdarás, le ceadú an Aire agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, scéim a dhéanamh ag leasú scéime faoin alt seo lena n-áirítear scéim faoin bhfo-alt seo.

(4) Déanfaidh an tÚdarás scéim faoin alt seo, má cheadaíonn an tAire í le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a chomhall de réir a téarmaí.

(5) Beidh ar áireamh i scéim faoin alt seo foráil chun achomhairc a dhéanamh i gcoinne breithe a bhaineann le sochar aoisliúntais faoin scéim.

(6) Ní dheonóidh an tÚdarás aon sochair aoisliúntais do dhuine nó i leith duine ar scor dó nó di de bheith ina Phríomh-Fheidhmeannach nó ina Príomh-Fheidhmeannach nó de bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis seachas—

(a) de réir scéime nó scéimeanna faoin alt seo, nó

(b) le ceadú an Aire agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(7) Déanfar scéim faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a déanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na scéime beidh an scéim ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin scéim.

(8) Beidh feidhm ag *fo-alt* (7), fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir le leasú ar scéim faoin alt seo mar atá feidhm aige maidir le scéim faoin alt seo.

(9) San alt seo—

folaíonn “ag leasú”, i ndáil le scéim faoin alt seo, an scéim a chúlghairm;

ciallaíonn “sochar aoisliúntais” aon phinsean, aisce nó liúntas eile is iníochta le duine nó i leith duine a scoireann de bheith ina Príomh-Fheidhmeannach nó ina Príomh-Fheidhmeannach nó ina chomhalta nó ina comhalta d’fhoireann an Údaráis.

Cuntais agus iniúchtaí.

22.—(1) Déanfaidh an Príomh-Fheidhmeannach, le comhaontú an Údaráis—

(a) meastacháin ar ioncam agus caiteachas a chur faoi bhráid an Aire i cibé foirm, i leith cibé tréimhsí agus ag cibé tráthanna a shonróidh an tAire, agus

(b) aon fhaisnéis a éileoidh an tAire maidir leis na meastacháin sin a chur ar fáil don Aire agus freisin maidir le tograí agus pleananna an Údaráis i leith tréimhse a shonróidh an tAire.

(2) Coimeádfaidh an Príomh-Fheidhmeannach, faoi stiúradh an Údaráis, i cibé foirm agus i leith cibé tréimhsí cuntasáochta a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead a gheobhaidh an tÚdarás nó a chaithfidh sé, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe.

(3) (a) Aon uair a cheanglóidh an tAire amhlaidh, ceadóidh an tÚdarás, an Príomh-Fheidhmeannach agus aon chomhalta iomchuí den fhoireann, d’aon duine a bheidh ceaptha ag an Aire cuntais an Údaráis a scrúdú i leith aon bhliana airgeadais nó tréimhse eile agus éascóidh siad aon scrúdú den sórt sin, agus íocfaidh an tÚdarás leis an Aire cibé táille i leith an scrúdaithe a shocróidh an tAire.

(b) San fho-alt seo, ciallaíonn “comhalta iomchuí den fhoireann” comhalta d’fhoireann an Údaráis dá ndearnadh dualgais a bhaineann leis na cuntais sin a shannadh go cuí.

(4) (a) Ceadóidh an tÚdarás cuntais an Údaráis a luaithe is indéanta (ach tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh na tréimhse cuntasáochta lena mbaineann siad) agus cuirfidh sé iad faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh.

- (b) Déanfar cóip de na cuntais agus tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste orthu a thíolacadh do chomhaltaí an Údaráis agus don Aire a luaithe is indéanta agus cuirfidh an tAire faoi deara cóip de na cuntais agus den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

23.—(1) Aon uair a cheanglóidh Coiste de Dháil Éireann arna bhunú faoi Bhuan-Orduithe Dháil Éireann chun scrúdú a dhéanamh ar na cuntais leithreasa agus ar thuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chun tuarascáil a thabhairt orthu do Dháil Éireann, ar an bPríomh-Fheidhmeannach i scríbhinn déanamh amhlaidh, tabharfaidh sé nó sí fianaise don Choiste sin ar na nithe seo a leanas—

Cuntasacht an Phríomh-Fheidhmeannaigh don Choiste Oireachtais arna bhunú chun cuntais leithreasa etc., a scrúdú, etc.

- (a) rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart a taifeadadh, nó a cheanglaítear a thaifeadadh, in aon chuntas a choimeádtar faoi *alt 22(2)*,
- (b) barainneacht agus éifeachtúlacht an Údaráis i dtaca le húsáid a chuid acmhainní,
- (c) na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais a úsáideann an tÚdarás chun éifeachtacht a chuid oibríochtaí a mheas, agus
- (d) aon ní a dhéanann difear don Údarás agus dá dtagraítear i dtuarascáil speisialta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi *alt 11(2)* d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 nó in aon tuarascáil eile ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (a mhéid a bhaineann sí le ní a shonraítear i *mír (a), (b)* nó *(c)*) a leagtar faoi bhráid Dháil Éireann.

(2) Le linn dó nó di fianaise a thabhairt don Choiste faoin alt seo, ní dhéanfaidh an Príomh-Fheidhmeannach ceist a chur nó tuairim a nochtadh i dtaobh tuillteanas aon bheartais de chuid an Rialtais nó de chuid Aire den Rialtas nó i dtaobh tuillteanas cuspóirí beartais den sórt sin.

24.—(1) Faoi réir *fho-alt (3)*, ar iarraidh i scríbhinn ó Choiste, freastalóidh an Príomh-Fheidhmeannach os comhair an Choiste chun cuntas a thabhairt i riarachán ginearálta an Údaráis de réir mar a cheanglaíonn an Coiste.

Cuntasacht an Phríomh-Fheidhmeannaigh do Choistí eile den Oireachtas.

(2) Le linn dó nó di fianaise a thabhairt do Choiste faoin alt seo, ní dhéanfaidh an Príomh-Fheidhmeannach ceist a chur nó tuairim a nochtadh i dtaobh tuillteanas aon bheartais de chuid an Rialtais nó de chuid Aire den Rialtas nó i dtaobh tuillteanas cuspóirí beartais den sórt sin.

(3) Ní cheanglófar ar an bPríomh-Fheidhmeannach cuntas a thabhairt os comhair Coiste in aon ní is ábhar, nó ab ábhar nó a d'fhéadfadh san am atá le teacht a bheith ina ábhar—

- (a) d'imeachtaí os comhair cúirte nó binse sa Stát, nó
- (b) do bhreith nó do chinneadh ag an Údarás nó ag Bord Achomhairc, de réir mar a bheidh, i leith duine áirithe.

(4) Más é tuairim an Phríomh-Fheidhmeannaigh gur ní lena mbaineann *fo-alt (3)* é aon ní is ábhar d'iarraidh faoi *fho-alt (1)*, cuirfidh sé nó sí an tuairim sin in iúl don Choiste lena mbaineann mar aon leis na cúiseanna atá leis an tuairim sin, agus mura dtabharfar an fhaisnéis don Choiste tráth a bheidh an Príomh-Fheidhmeannach os a chomhair, tabharfar an fhaisnéis amhlaidh i scríbhinn.

(5) I gcás ina mbeidh an Príomh-Fheidhmeannach tar éis a thuairim nó a tuairim a chur in iúl don Choiste de réir *fho-alt (4)* agus nach dtarraingeoidh an Coiste siar an iarraidh dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a mhéid a bhaineann sí le ní is ábhar don tuairim sin—

- (a) féadfaidh an Príomh-Fheidhmeannach, tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis don Choiste a bhreith gan déanamh amhlaidh a chur in iúl dó nó di, iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar mhodh achomair chun an cheist i dtaobh an ní lena mbaineann *fo-alt (3)* é an ní a chinneadh, nó
- (b) féadfaidh cathaoirleach an Choiste iarratas den sórt sin a dhéanamh thar ceann an Choiste,

agus cinnfidh an Ard-Chúirt an ní.

(6) Go dtí go gcinnfear iarratas faoi *fho-alt (5)*, ní fhreastalóidh an Príomh-Fheidhmeannach os comhair an Choiste chun cuntas a thabhairt sa ní is ábhar don iarratas.

(7) Má chinneann an Ard-Chúirt gur ní a bhfuil feidhm ag *fo-alt (3)* maidir leis an ní lena mbaineann, tarraingeoidh an Coiste siar an iarraidh dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, ach má chinneann an Ard-Chúirt nach bhfuil feidhm ag *fo-alt (3)*, freastalóidh an Príomh-Fheidhmeannach os comhair an Choiste chun cuntas a thabhairt sa ní.

(8) San alt seo, ciallaíonn “Coiste” coiste arna cheapadh ag ceachtar Teach den Oireachtas nó ag dhá Theach an Oireachtais i gcomhar, seachas—

- (a) an Coiste dá dtagraítear in *alt 23(1)* nó fochoiste de chuid an choiste sin,
- (b) an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann nó fochoiste de chuid an choiste sin, nó
- (c) an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Sheanad Éireann nó fochoiste de chuid an choiste sin.

Cumhacht chun táillí a mhuirearú agus a ghnóthú.

25.—(1) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire, agus déanfaidh sé, má ordaíonn an tAire dó déanamh amhlaidh, agus de réir théarmaí an ordacháin, na táillí a bheidh le híoc leis agus an tráth a bheidh siad le híoc a fhorordú le rialacháin i leith na nithe seo a leanas—

- (a) comhlíonadh feidhmeanna,
- (b) soláthar seirbhísí, agus
- (c) seoladh gníomhaíochtaí,

ag an Údarás faoin Acht seo.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, folaíonn cumhacht an Údaráis faoin bhfo-alt sin chun táillí a fhorordú an chumhacht chun foráil a dhéanamh le haghaidh díolúintí ó tháillí a íoc, nó táillí a tharscaoileadh, a loghadh nó a aisíoc (go hiomlán nó go páirteach), in imthosca éagsúla nó aicmí éagsúla imthosca nó i gcásanna éagsúla nó aicmí éagsúla cásanna.

(3) Beidh méid iomlán na dtáillí a mhuirearófar go bliantúil faoin Acht seo, chomh gar agus is féidir, agus blianta a ghlacadh le chéile, comhionann leis an gcaiteachas iomlán a thabhoífar go bliantúil ag riaradh an Achta seo.

(4) Déanfar táillí a gheofar faoin Acht seo a íoc isteach sa Stáitchiste nó a chur chun tairbhe don Stáitchiste i cibé slí a ordóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(5) Féadfaidh an tÚdarás aon mhéid a bheidh dlite agus ag dul don Údarás maidir le táille a mhuirearófar faoin alt seo a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla, ó dhuine ag a mbeidh an táille iníoctha.

26.—Déanfaidh an tAire cibé méid nó méideanna a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun críocha caiteachais ag an Údarás ag comhlíonadh a fheidhmeanna dó a airleacan chuig an Údarás as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Airleacan ón Aire chuig an Údarás.

27.—(1) Chun críocha an Achta seo—

Cigirí.

(a) féadfaidh an tÚdarás cibé comhaltaí dá fhoireann is cuí leis a cheapadh chun bheith ina gcigirí ar feadh cibé tréimhse agus faoi réir cibé téarmaí a chinnfidh an tÚdarás,

(b) féadfaidh an tÚdarás cibé daoine eile is cuí leis a cheapadh chun bheith ina gcigirí ar feadh cibé tréimhse agus faoi réir cibé téarmaí (lena n-áirítear téarmaí maidir le luach saothair agus liúntais i leith caiteachas) a chinnfidh an tÚdarás, le ceadú an Aire agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(2) Tabharfar do gach cigire barántas ceapacháin agus, le linn dó nó di aon fheidhm a fhorchuirtear faoin Acht seo a chomhlíonadh, déanfaidh sé nó sí, ar aon duine dá ndéanfar difear é a iarraidh, an barántas nó cóip de a thabhairt ar aird, mar aon le foirm aitheantais phearsanta.

CUID 3

CEADÚNAIS CHUN SEIRBHÍSÍ MAOINE A SHOLÁTHAR

28.—(1) Ní dhéanfaidh duine—

Seirbhís maoine neamhcheadúnaithe a thoirmeasc.

(a) seirbhís maoine a sholáthar,

(b) a thabhairt le tuiscint go bhfuil sé nó sí ar fáil chun seirbhís maoine a sholáthar, nó

(c) a chur in iúl ina leith féin—

- (i) trí fhógrán, nó
- (ii) trí aon chárta nó rud eile a chur ar taispeáint a airbheartóidh a thabhairt le fios gur ceadúnaí é nó í, go bhfuil sé nó sí ar fáil chun seirbhís maoine a sholáthar,

mura sealbhóir ar cheadúnas a bheidh i bhfeidhm i leith na seirbhíse maoine sin an duine.

(2) Aon duine, seachas ceadúnaí, a sháraíonn *fo-alt (1)*, tá sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme A, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Clár na gceadúnaithe.

29.—(1) A luaithe is indéanta tar éis thosach feidhme an ailt seo, déanfaidh an tÚdarás, chun críocha an Achta seo, clár ceadúnaithe ar a dtabharfar Clár na Seirbhísí Maoine a bhunú agus a chothabháil.

(2) Is i cibé foirm is cuí leis an Údarás a bheidh an Clár, agus is éard a bheidh ann—

- (a) ainmneacha ceadúnaithe agus cibé sonraí aitheantais eile maidir le ceadúnaithe is cuí leis an Údarás, agus
- (b) cibé iontrálacha eile i leith ceadúnaithe (lena n-áirítear ceadúnaithe a bhfuil gceadúnais ar fionraí) is cuí leis an Údarás.

(3) Cuirfidh an tÚdarás an Clár ar fáil lena iniúchadh saor in aisce ag daoine den phobal—

- (a) ag a phríomhoifig le linn gnáthuaire oibre, agus
- (b) ar a shuíomh gréasáin Idirlín ar shlí go mbeidh an mhír den suíomh gréasáin sin ina bhfuil an Clár inrochtana go réidh ag daoine den phobal.

(4) Eiseoidh an tÚdarás cóip d'iontráil sa Chlár, ar í a iarraidh, ar an táille chuí a íoc.

(5) Féadfaidh an tÚdarás an Clár a roinnt ina ranna éagsúla le haghaidh aicmí éagsúla seirbhísí maoine.

(6) In aon imeachtaí dlí, aon deimhniú arna shíniú ag an bPríomh-Fheidhmeannach, nó ag comhalta d'fhoireann an Údaráis a bheidh údaraithe ag an bPríomh-Fheidhmeannach chun deimhniú a thabhairt faoin bhfo-alt seo, ina luafar—

- (a) go bhfuil duine cláraithe sa Chlár nó i roinn shonraithe den Chlár,
- (b) nach bhfuil duine cláraithe sa Chlár nó i roinn shonraithe den Chlár,

- (c) go raibh duine, ar dháta sonraithe nó le linn tréimhse sonraithe cláraithe sa Chlár nó i roinn shonraithe den Chlár,
- (d) nach raibh duine, ar dháta sonraithe ná le linn tréimhse sonraithe, cláraithe sa Chlár nó i roinn shonraithe den Chlár nó go raibh sé nó sí ar fionraí ón gClár an tráth sin de dhroim fionraí ar cheadúnas an duine, nó
- (e) nach raibh duine cláraithe sa Chlár riamh,

beidh sé, gan cruthúnas ar shíniú an duine a airbheartaíonn gurb é nó gurb í a shínigh an deimhniú nó gurbh é nó í an duine an Príomh-Fheidhmeannach nó gur chomhalta d'fhoireann an Údarás arna údarú nó arna húdarú amhlaidh é nó í, de réir mar a bheidh, ina fhianaise ar na nithe a bheidh luaite sa deimhniú, mura gcruthófar a mhalairt.

(7) Cinnteoidh an tÚdarás go bhfuil an Clár cruinn agus, chun na críche sin, déanfaidh an tÚdarás aon athrú is gá a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bheidh in iontráil.

(8) Déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is indéanta tar éis aon ní a dhéanamh faoi *fho-alt (7)*, fógra i scríbhinn ina thaobh sin a thabhairt don cheadúnaí lena mbaineann an t-athrú.

(9) Tabharfaidh ceadúnaí lena mbaineann iontráil sa Chlár fógra i scríbhinn don Údarás—

- (a) faoi aon earráid is eol don duine a bheith san iontráil, agus
- (b) faoi aon athrú ar imthosca ar dóigh dó fearadh ar chruinneas na hiontrála,

a luaithe is féidir tar éis don duine teacht chun fios a bheith aige nó aici i dtaobh na hearráide sin nó an athraithe sin ar imthosca, de réir mar a bheidh.

30.—(1) Féadfaidh duine iarratas a dhéanamh san fhoirm shonraithe chun an Údarás ar cheadúnas chun an tseirbhís maoine a shonraítear san iarratas a sholáthar (nó, má shonraítear níos mó ná seirbhís maoine amháin san iarratas, ceadúnas le haghaidh gach ceann de na seirbhísí maoine a shonraítear san iarratas) mura dtoirmisctear ar an duine iarratas den sórt sin a dhéanamh de bhua mór-smachtbhanna a thagann faoi réim *mhír (a)* nó *(b)* den mhíniú ar “mór-smachtbhanna” in *alt 2(1)* a fhorchur ar an duine nó de bhua ordú faoi *alt 38(3)*, *47(5)* nó *(7)*, *66(18)* nó *(20)* nó *94(2)*.

Iarratas ar cheadúnas.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *alt 97*, beidh na nithe seo a leanas ag gabháil le hiarratas faoi *fho-alt (1)*—

- (a) teistiméireachtaí faoi charachtar agus inniúlacht an iarratasóra (lena n-áirítear aon leibhéal oideachais, oiliúna agus taithí is gá) is iomchuí maidir leis an gceadúnas nó leis na ceadúnais is ábhar don iarratas,
- (b) i gcás iarratais ar cheadúnas chun seirbhís maoine a sholáthar mar fhostóir seirbhísí maoine nó mar chonraitheoir neamhspleách, tuarascáil san fhoirm shonraithe ó chuntasóir cuí-cháilithe go bhfuil nó go mbeidh córais chúí airgeadais agus rialuithe cuí

airgeadais i bhfeidhm chun airgead cliaint a chosaint dá ndéanfaí an t-iarratasóir a cheadúnú amhlaidh,

(c) fianaise i scríbhinn i dtaobh an leibhéal árachais slánaíochta gairmiúla is gá a bheith ar fáil don iarratasóir má dhéantar an ceadúnas nó na ceadúnais, de réir mar a bheidh, is ábhar don iarratas a eisiúint chuig an iarratasóir, agus

(d) an táille chuí.

(3) Gan dochar *d'ailt 32, 33* agus *42*, féadfaidh an tÚdarás—

(a) a cheangal ar iarratasóir cibé faisnéis bhreise a sholáthar san fhoirm shonraithe, nó le mionnscríbhinn, maidir le carachtar, inniúlacht agus staid airgeadais an iarratasóra, agus cibé fiosrúcháin a dhéanamh agus cibé scrúduithe a sheoladh ina leith sin a mheasfaidh sé is gá,

(b) a cheangal ar an iarratasóir deimhniú a chur ar fáil san fhoirm shonraithe ó chomhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ceannfort ina mbeidh cibé sonraí maidir leis an iarratasóir a bheidh ag teastáil chun feidhmeanna an Údaráis i ndáil leis an iarratasóir a chomhlíonadh go cuí.

(4) Faoi réir *fho-alt (5)*, san alt seo, folaíonn tagairtí do charachtar, inniúlacht agus staid airgeadais iarratasóra, i gcás iarratasóra is comhlacht corpraithe nó is comhpháirtí i gcomhpháirtíocht, tagairtí do charachtar, inniúlacht agus staid airgeadais aon duine de príomhoifigigh an chomhlachta chorpraithe nó na comhpháirtíochta, de réir mar a bheidh.

(5) I gcás ina bhfuil iarratasóir ag iarraidh a bheith ceadúnaithe mar chonraitheoir neamhspleách agus gur comhpháirtí i gcomhpháirtíocht é nó í, ní bheidh feidhm ag *fo-alt (4)* maidir le príomhoifigigh eile na comhpháirtíochta ach amháin a mhéid is gá chun a fháil amach cibé acu atá nó nach bhfuil *alt 31(3)(f)* nó *(i)(iii)* infheidhme i gcás na comhpháirtíochta sin.

Ceadúnas a eisiúint nó a dhiúltú.

31.—(1) Faoi réir *fho-ailt (3)* agus *(5)* agus *ailt 32* agus *33*, féadfaidh an tÚdarás ceadúnas a eisiúint chuig duine chun an tseirbhís maoine a shonraítear sa cheadúnas a sholáthar agus, sa cheadúnas sin, beidh an uimhir chláraithe a shanntar don duine sin chun críocha an Chláir, a mhéid a bhaineann sé leis an gceadúnas sin.

(2) Le linn don Údarás breith a thabhairt i dtaobh an eiseoidh sé ceadúnas, déanfaidh an tÚdarás aon fhaisnéis a sholáthraítear dó faoi *ailt 30* agus *42* a chur i gcuntas.

(3) Faoi réir *alt 34*, diúltóidh an tÚdarás ceadúnas a eisiúint do dhuine más rud é—

(a) nár comhlíonadh *alt 30* i leith an duine,

(b) nár íocadh an ranníoc cuí isteach sa Chiste i leith an duine,

(c) nár thug an duine cruthúnas leordhóthanach chun a shuíomh go bhfuil an leibhéal árachais slánaíochta gairmiúla is gá i leith an cheadúnais ar fáil don duine,

- (d) i gcás pearsan aonair (nach comhpháirtí i gcomhpháirtíocht)—
- (i) go bhfuil an duine faoi bhun 18 mbliana d’aois, nó
 - (ii) gur féimheach neamhurscaoilte an duine,
- (e) i gcás comhlachta chorpraithe (nach comhpháirtí i gcomhpháirtíocht), gur féimheach neamhurscaoilte aon phríomhoifigeach de chuid an chomhlachta chorpraithe,
- (f) i gcás comhpháirtí i gcomhpháirtíocht—
- (i) go bhfuil aon chomhpháirtí faoi bhun 18 mbliana d’aois, nó
 - (ii) gur féimheach neamhurscaoilte aon phríomhoifigeach de chuid na comhpháirtíochta,
- (g) i gcás pearsan aonair (nach comhpháirtí i gcomhpháirtíocht), gur deimhin leis an Údarás—
- (i) nach duine cuí ceart an duine chun an tseirbhís maoine lena mbaineann a sholáthar, nó
 - (ii) nach gcomhlíonann an duine aon cheanglas (nach ceanglas dá dtagraítear in aon cheann de *mhíreanna* (a) go (f) den fho-alt seo) de chuid an Achta seo nó de chuid rialachán arna ndéanamh faoin Acht seo agus is infheidhme maidir leis an duine,
- (h) i gcás comhlachta chorpraithe (nach comhpháirtí i gcomhpháirtíocht), gur deimhin leis an Údarás—
- (i) nach duine cuí ceart aon phríomhoifigeach de chuid an chomhlachta chorpraithe chun an post lena mbaineann a shealbhú i gcomhlacht corpraithe a sholáthraíonn an tseirbhís maoine lena mbaineann, nó
 - (ii) nach gcomhlíonann an comhlacht corpraithe aon cheanglas (nach ceanglas dá dtagraítear in aon cheann de *mhíreanna* (a) go (f) den fho-alt seo) de chuid an Achta seo nó de chuid rialachán arna ndéanamh faoin Acht seo agus is infheidhme maidir le comhlacht corpraithe,
- nó
- (i) i gcás comhpháirtí i gcomhpháirtíocht, gur deimhin leis an Údarás—
- (i) más pearsa aonair an comhpháirtí, nach duine cuí ceart an comhpháirtí chun an tseirbhís maoine lena mbaineann a sholáthar,
 - (ii) faoi réir *fho-alt* (4), nach duine cuí ceart aon phríomhoifigeach eile de chuid na comhpháirtíochta chun an post lena mbaineann a shealbhú i gcomhpháirtíocht a sholáthraíonn an tseirbhís maoine lena mbaineann, nó

- (iii) nach gcomhlíonann an chomhpháirtíocht aon cheanglas (nach ceanglas dá dtagraítear in aon cheann de *mhíreanna* (a) go (f) den fho-alt seo) de chuid an Achta seo nó de chuid rialachán arna ndéanamh faoin Acht seo agus is infheidhme maidir leis an gcomhpháirtíocht.

(4) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt* (3)(i)(ii) ach amháin i gcás comhpháirtí i gcomhpháirtíocht atá ag iarraidh a bheith ceadúnaithe mar fhostóir seirbhísí maoine.

(5) I gcás ina gceadúnaítear duine mar fhostóir seirbhísí maoine, is coinníoll a ghabhfaidh leis an gceadúnas (lena n-áirítear an ceadúnas arna athnuachan ó am go ham) go ndéanfaidh an ceadúnaí gach beart réasúnach chun a chinntiú—

(a) i gcás ceadúnaí is comhlacht corpraithe (ach nach comhpháirtí i gcomhpháirtíocht), gur daoine cuí cearta iad na príomhoifigigh de chuid an chomhlachta chorpraithe chun na poist a shealbhaíonn siad faoi seach sa chomhlacht corpraithe a shealbhú (cibé acu a shealbhaíonn nó nach sealbhaíonn aon duine de na príomhoifigigh ceadúnas freisin) ag féachaint don mhéid seo a leanas—

(i) na feidhmeanna a dhéanann sealbhóirí na bpost sin a chomhlíonadh faoi seach, agus

(ii) cineál na seirbhíse maoine a bhfuil an comhlacht corpraithe ceadúnaithe chun í a sholáthar,

agus

(b) i gcás ceadúnaí is comhpháirtí i gcomhpháirtíocht—

(i) más pearsa aonair an comhpháirtí, gur daoine cuí cearta na príomhoifigigh eile de chuid na comhpháirtíochta chun na poist a shealbhaíonn siad faoi seach sa chomhpháirtíocht nó de chuid na comhpháirtíochta a shealbhú (cibé acu a shealbhaíonn nó nach sealbhaíonn aon duine de na príomhoifigigh ceadúnas freisin) ag féachaint don mhéid seo a leanas—

(I) na feidhmeanna a dhéanann sealbhóirí na bpost sin a chomhlíonadh faoi seach, agus

(II) cineál na seirbhíse maoine a bhfuil an comhlacht corpraithe ceadúnaithe chun í a sholáthar,

(ii) más comhlacht corpraithe an comhpháirtí, gur daoine cuí cearta na príomhoifigigh de chuid na comhpháirtíochta chun na poist a shealbhaíonn siad faoi seach sa chomhpháirtíocht nó de chuid na comhpháirtíochta a shealbhú (cibé acu a shealbhaíonn nó nach sealbhaíonn aon duine de na príomhoifigigh ceadúnas freisin) ag féachaint don mhéid seo a leanas—

(I) na feidhmeanna a dhéanann sealbhóirí na bpost sin a chomhlíonadh faoi seach, agus

(II) cineál na seirbhíse maoine a bhfuil an comhlacht corpraithe ceadúnaithe chun í a sholáthar.

(6) Mura rud é níos túisce go ndéantar ceadúnas a thabhairt suas nó a chúlghairm nó go scoireann sé ar shlí eile de bheith i bhfeidhm, fanfaidh sé i bhfeidhm go ceann tréimhse bliana amháin ón dáta a eisítear é nó go ceann cibé tréimhse (más ann) is faide ná sin a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 95* chun críocha an fho-ailt seo.

(7) Maidir le ceadúnas—

(a) ní thugtar aon cheart chun maoine leis, ná

(b) ní fhéadfar é a aistriú ná a shannadh ná a mhorgáistiú, a mhuirearú ná a ualú ar shlí eile.

32.—(1) San alt seo—

Imríteach cánach.

ciallaíonn “Acht 1997” an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997;

ciallaíonn “Ard-Bhailitheoir” an tArd-Bhailitheoir arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 851 d’Acht 1997;

folaíonn “duine”—

(a) i gcás comhlachta chorpraithe, stiúrthóirí an chomhlachta chorpraithe, agus

(b) i gcás comhpháirtíochta, na comhpháirtithe,

ach ní fholaíonn sé pearsa aonair a sholáthraíonn seirbhís maoine i gcúrsa fostaíochta;

ciallaíonn “deimhniú imréitigh cánach” deimhniú faoi alt 1095 (arna chur isteach le halt 127(b) den Acht Airgeadais, 2002) d’Acht 1997.

(2) Diúltóidh an tÚdarás ceadúnas a eisiúint nó a athnuachan chuig duine nó i leith duine nach bhfuil deimhniú imréitigh cánach i bhfeidhm ina leith.

(3) Féadfaidh an tÚdarás ceadúnas a eisiúint nó a athnuachan mar sin féin chuig duine den sórt sin nó ina leith más rud é—

(a) go ndearna an duine, 4 mhí ar a laghad roimh iarratas a dhéanamh ar an eisiúint nó an athnuachan, iarratas ar dheimhniú imréitigh cánach agus gur diúltaíodh dó agus go ndearnadh achomharc i gcoinne an diúltaithe faoi alt 1094(7) d’Acht 1997 ach nach bhfuil cinneadh déanta ina leith, agus

(b) go ndéanfadh an Údarás, murach *fo-alt (2)*, an ceadúnas a eisiúint nó a athnuachan.

(4) Aon cheadúnas a eiseofar nó a athnuafar ar scór *fho-alt (3)*, rachaidh sé in éag 7 lá tar éis an dáta a bheidh cinneadh, nó cinneadh críochnaitheach, déanta i dtaobh an achomhairc lena mbaineann agus dá dtagraítear san *fho-alt* sin agus nár éirigh leis an achomharc.

(5) Déanfaidh an tArd-Bhailitheoir fógra a thabhairt don Údarás i dtaobh aon achomhairc i gcoinne diúltú d’iarratas ar dheimhniú

imréitigh cánach a eisiúint agus i dtaobh cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ar aon achomharc den sórt sin.

(6) An tagairt i *bhfo-alt* (3)(a) d'alt 1094(7), is tagairt í don fhoráil sin arna cur chun feidhme le fo-alt (6) d'alt 1095 (a cuireadh isteach le halt 127(b) den Acht Airgeadais, 2002) d'Acht 1997.

(7) Leasaítear Acht 1997 in alt 1094(1)—

- (a) sa mhíniú ar “ceadúnas”, trí mhíreanna (e), (f) agus (g) a scriosadh, agus
- (b) sa mhíniú ar “sealbhóir tairbhiúil ar cheadúnas”, trí “agus, i ndáil le ceadúnas arna eisiúint faoin Acht um Cheantálaithe agus Gníomhairí Tithe, 1947, foláionn sé an phearsa aonair údaraithe dá dtagraítear in alt 8(4), nó an phearsa aonair ainmnithe dá dtagraítear in alt 9(1), den Acht sin” a scriosadh.

Doiciméid a bheidh le cur ag gabháil le hiarratais áirithe.

33.—Diúltóidh an tÚdarás iarratas ar cheadúnas nó ar cheadúnas a athnuachan—

- (a) is iarratas ag cuideachta nó thar ceann cuideachta, mura mbeidh ag gabháil leis an iarratas deimhniú ar chorprú na cuideachta, arna dheimhniú ag clárúitheoir na gcuideachtaí faoi alt 370(1)(b) d'Acht na gCuideachtaí, 1963 agus dar dáta tráth nach luaithe ná 4 sheachtain roimh dháta an iarratais, nó
- (b) is iarratas ag duine nó thar ceann duine a sheolann gnó faoi ainm nach ainm úinéir tairbhiúil an ghnó, mura mbeidh ag gabháil leis an iarratas cóip de dheimhniú clárúcháin an duine faoin Acht um Chlárú Ainmneacha Gnó, 1963 arna dheimhniú de réir alt 16(1)(b) den Acht sin.

Fógra a thabhairt d'iarratasóir gur diúltaíodh ceadúnas a eisiúint, etc.

34.—(1) I gcás ina mbeartaíonn an tÚdarás diúltú ceadúnas a eisiúint chuig duine, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don duine—

- (a) faoina bhfuil beartaithe aige agus na cúiseanna atá leis an gcéanna, agus
- (b) ina luafar go bhféadfaidh an duine uiríll a dhéanamh i scríbhinn chuig an Údarás maidir lena bhfuil beartaithe aige—
 - (i) faoi réir *fhomhír* (ii), laistigh de 14 lá tar éis don duine an fógra sin a fháil,
 - (ii) laistigh de cibé tréimhse is faide ná sin is cuí leis an Údarás in imthosca an cháis.

(2) I gcás ina mbeidh fógra tugtha ag an Údarás faoi *fho-alt* (1) do dhuine, déanfaidh sé, a luaithe is indéanta tar éis dul in éag don tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1)(b) (i) nó (ii), de réir mar is gá sa chás, agus tar éis aon uiríll dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1)(b) agus a bheidh déanta chuige a bhreithniú—

- (a) an ceadúnas is ábhar don fhógra a eisiúint chuig an duine, nó

- (b) diúltú an ceadúnas is ábhar don fhógra a eisiúint agus na nithe seo a leanas a thabhairt don duine—
 - (i) fógra i scríbhinn maidir leis an diúltú agus na cúiseanna atá leis an diúltú, agus
 - (ii) cóip de *Chuid 2 de Sceideal 5* más rud é go dtagann an foras nó ceann de na forais atá leis an diúltú faoi réim *alt 31(3)(g), (h) nó (i)*.

35.—(1) Mura mbeidh ceadúnas cúlghairthe, féadfaidh an tÚdarás é a athnuachan, faoi réir *fho-alt (4)* agus *ailt 32* agus 33. Ceadúnas a athnuachan.

(2) Maidir le hiarratas ar cheadúnas a athnuachan—

- (a) beidh sé san fhoirm shonraithe,
- (b) déanfar é 6 seachtaine ar a laghad sula rachaidh an ceadúnas in éag, agus
- (c) beidh an táille chuí ag gabháil leis.

(3) Faoi réir *fho-alt (4)*, i gcás nach gcinneadh an tÚdarás iarratas faoi *fho-alt (2)* ar cheadúnas a athnuachan sula rachaidh an ceadúnas in éag, leanfaidh an ceadúnas i bhfeidhm go dtí go ndéanfar an t-iarratas a chinneadh amhlaidh.

(4) Faoi réir *fho-alt (6)* agus *alt 36*, diúltóidh an tÚdarás ceadúnas duine a athnuachan más rud é—

- (a) nach mbeidh *fo-alt (2)* comhlíonta i leith an duine,
- (b) i gcás iarratais ar cheadúnas chun seirbhísí maoine a sholáthar mar fhostóir seirbhísí maoine nó mar chonraitheoir neamhspleách a athnuachan, nach mbeidh tuarascáil san fhoirm shonraithe ó chuntasóir cuí-cháilithe ag gabháil leis an iarratas ar an gceadúnas a athnuachan go bhfuil córais chuí airgeadais agus rialuithe cuí airgeadais i bhfeidhm fós chun airgead cliaint a gheobhaidh an t-iarratasóir a chosaint,
- (c) nach mbeidh an ranníoc cuí leis an gCiste íoctha i leith an duine,
- (d) nach mbeidh an leibhéal árachais slánaíochta gairmiúla is gá ar fáil don duine i leith an cheadúnais,
- (e) i gcás pearsan aonair (nach comhpháirtí i gcomhpháirtíocht), gur féimheach neamhurscaoilte é nó í an duine,
- (f) i gcás comhlachta chorpraithe (nach comhpháirtí i gcomhpháirtíocht), gur féimheach neamhurscaoilte é nó í aon phríomhoifigeach de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó
- (g) i gcás comhpháirtí i gcomhpháirtíocht—
 - (i) go bhfuil aon chomhpháirtí faoi bhun 18 mbliana d'aois, nó

- (ii) gur féimheach neamhurscaoilte aon phríomhoifigeach de chuid na comhpháirtíochta.

(5) I gcás nach ndéanann iarratas faoi *fho-alt (2)* ar cheadúnas a athnuachan *mír (b)* den *fho-alt* sin a chomhlíonadh, pléifear leis an iarratasóir, mura ndeimhneoidh sé nó sí don Údarás go raibh imthosca eisceachtúla ann a thugann bonn cirt leis an gcúis nár chomhlíon an t-iarratas an mhír sin, mar dhuine nár shealbhaigh ceadúnas riamh, agus beidh feidhm ag *ailt 30* agus *31* maidir leis an iarratasóir dá réir sin.

(6) Pléifear le hiompar míchuí (lena n-áirítear aon líomhain maidir le hiompar míchuí) ag ceadúnaí nó leanfar de bheith ag plé leis faoi *Chuid 7* nó *8* agus, dá réir sin, ní dhéanann athnuachan cheadúnas an cheadúnaí faoin alt seo dochar ná difear don mhéid seo a leanas—

- (a) aon imscrúdú a bhaineann leis an gceadúnaí, nó
- (b) aon imeachtaí dlí (sibhialta nó coiriúla) nó imeachtaí eile faoi *Chuid 7* nó *8* nó faoi aon fhoráil eile den Acht seo i leith an cheadúnais nó an cheadúnaí.

(7) I gcás go n-athnuafar ceadúnas faoin Acht seo, measfar go dtosóidh tréimhse bhailíochta an cheadúnais arna athnuachan amhlaidh an lá a rachadh an ceadúnas in éag mura mbeadh aon iarratas déanta faoi *fho-alt (2)* ar é a athnuachan, agus is cuma cibé acu a athnuaitear an ceadúnas roimh an lá sin, ar an lá sin nó dá éis.

Fógra a thabhairt don iarratasóir gur diúltaíodh ceadúnas a athnuachan, etc.

36.—(1) I gcás ina mbeartaíonn an tÚdarás diúltú ceadúnas duine a athnuachan, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don duine—

- (a) faoina bhfuil beartaithe aige agus faoi na cúiseanna atá leis an gcéanna, agus
- (b) ina luafar gur féidir leis an duine uiríll i scríbhinn a dhéanamh chuig an Údarás maidir lena bhfuil beartaithe aige—
- (i) faoi réir *fhomhír (ii)*, laistigh de 14 lá tar éis don duine an fógra sin a fháil,
- (ii) laistigh de cibé tréimhse is faide ná sin agus is cuí leis an Údarás in imthosca an cháis.

(2) I gcás ina mbeidh fógra tugtha ag an Údarás faoi *fho-alt (1)* do dhuine, déanfaidh sé, a luaithe is indéanta tar éis dul in éag don tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(b)(i)* nó *(ii)*, de réir mar is gá sa chás, agus tar éis aon uiríll dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(b)* agus a bheidh déanta chuige a bhreithniú—

- (a) an athnuachan ar an gceadúnas is ábhar don fhógra a eisiúint chuig an duine, nó
- (b) diúltú an ceadúnas is ábhar don fhógra a athnuachan agus fógra i scríbhinn a thabhairt don duine maidir leis an diúltú agus na cúiseanna atá leis an diúltú.

37.—(1) I gcás inar pearsa aonair (lena n-áirítear pearsa aonair is comhpháirtí i gcomhpháirtíocht) ceadúnaí—

Ceadúnais a thaispeáint agus a thabhairt ar aird.

- (a) beidh an ceadúnas nó dúblach den cheadúnas ina sheilbh nó ina seilbh aige nó aici le linn dó nó di an tseirbhís maoine a údaraítear leis an gceadúnas a sholáthar d'aon duine, agus
- (b) déanfaidh sé nó sí, ar an duine sin é a iarraidh, an ceadúnas nó dúblach den cheadúnas a thabhairt ar aird láithreach agus a cheadú don duine sin é a iniúchadh.

(2) I gcás ina bhfuil áit ghnó mar cheadúnaí ag ceadúnaí, déanfaidh an ceadúnaí—

- (a) a chur faoi deara go ndéanfar an ceadúnas—
 - (i) a choimeád agus a thaispeáint go feiceálach i bpríomháit ghnó an cheadúnaí mar cheadúnaí, agus
 - (ii) ar iarraidh ó chigire nó ó aon duine dá bhfuil an tseirbhís maoine a údaraítear leis an gceadúnas á soláthar ag an gceadúnaí, a chur ar fáil lena iniúchadh ag an gcigire nó ag an duine sin, de réir mar a bheidh,

agus

- (b) a chur faoi deara go ndéanfar dúblach den cheadúnas—
 - (i) a choimeád, agus a thaispeáint go feiceálach, i ngach áit ghnó eile de chuid an cheadúnaí mar cheadúnaí,
 - (ii) ar iarraidh ó chigire nó ó aon duine dá bhfuil an tseirbhís maoine a údaraítear leis an gceadúnas á soláthar ag an gceadúnaí, a chur ar fáil lena iniúchadh ag an gcigire nó ag an duine sin, de réir mar a bheidh.

(3) I gcás ina bhfuil cigire den tuairim go bhfuil seirbhís maoine á soláthar ag pearsa aonair, féadfaidh an cigire a cheangal ar an bpearsa aonair an ceadúnas (más ann) a eisíodh chuig an bpearsa aonair, agus lena n-údaraítear an tseirbhís a sholáthar, a thabhairt ar aird láithreach.

(4) Aon phearsa aonair is ábhar do cheanglas faoi *fho-alt (3)* agus a bhfuil ceadúnas aige nó aici—

- (a) comhlíonfaidh sé nó sí an ceanglas, agus
- (b) ceadóidh sé nó sí don chigire an ceadúnas a iniúchadh.

(5) Aon cheadúnaí is fostóir seirbhísí maoine nó is conraitheoir neamhspleách, déanfaidh sé nó sí, fad a bheidh an ceadúnas i bhfeidhm agus ní aon tráth eile, uimhir chláráithe an cheadúnaí a thaispeáint go feiceálach—

- (a) in aon fhógrán nó bróisiúr díolacháin arna fhoilsiú ag an gceadúnaí nó thar ceann an cheadúnaí maidir le seirbhís maoine a údaraítear leis an gceadúnas a sholáthar,

- (b) sa chomhfhreagras gnó go léir a bhaineann leis an tseirbhís maoine a údaraítear leis an gceadúnas, agus
- (c) ar aon chomhartha arna chur suas ag an gceadúnaí nó thar ceann an cheadúnaí ar thalamh nó tadhlaigh le talamh a bhfuil an ceadúnaí ag soláthar seirbhís maoine a údaraítear leis an gceadúnas ina leith.

(6) Déanfaidh ceadúnaí, fad a bheidh an ceadúnas i bhfeidhm agus ní aon tráth eile, le linn díol ar ceant arna údarú leis an gceadúnas a dhéanamh in áit nach áit ghnó an cheadúnaí, an ceadúnas, nó dúblach den cheadúnas, a thaispeáint san áitreabh ina mbeidh an ceant á dhéanamh.

(7) Gan dochar do ghinearálacht *fho-alt (6)*, más rud é go mbeidh ceant á dhéanamh ag ceadúnaí (dá ngairtear “an ceadúnaí iomchuí” san *fho-alt seo*) ina cháil nó ina cáil mar phríomhoifigeach nó fostaí de chuid ceadúnaí is fostóir seirbhísí maoine, déanfaidh an ceadúnaí iomchuí an ceadúnas, nó dúblach den cheadúnas, atá ar seilbh aige nó aici agus a thugann teideal dó nó di an ceant a dhéanamh sa cháil sin, a chur ar taispeáint go feiceálach freisin.

Is cion é ceadúnas a eisíodh chuig duine eile a úsáid.

38.—(1) Ní dhéanfaidh duine, le hintinn mheabhlairachta—

- (a) ceadúnas a eisíodh chuig duine eile a thabhairt ar aird lena iniúchadh,
- (b) iniúchadh ceadúnais a eisíodh chuig duine eile a cheadú, nó
- (c) doiciméad a airbheartaíonn a bheith ina cheadúnas a dhéanamh nó a úsáid, ceadúnas a athrú, nó ceadúnas athraithe a úsáid.

(2) Aon duine a sháraíonn *fo-alt (1)*, tá sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d’aicme A, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) Faoi réir *fho-alt (4)*, i gcás ina gciontaítear ceadúnaí i gcion faoi *fho-alt (2)*, féadfaidh an chúirt, tar éis aird a thabhairt ar chineál an chion agus ar na himthosca ina ndearnadh é, a ordú go ndéanfar an ceadúnas a shealbhaíonn an ceadúnaí, a chúlghairm agus go dtóirmiscfeair ar an iarcheadúnaí (ar féidir gur toirmeasc buan, toirmeasc ar feadh tréimhse sonraithe nó toirmeasc faoi réir coinníollacha sonraithe é) iarratas a dhéanamh ar aon cheadúnas nua nó ar aicme áirithe ceadúnais nua.

(4) Ní bheidh éifeacht le hordú faoi *fho-alt (3)*—

- (a) go dtí go mbeidh an gnáth-am chun achomharc a thionscnamh i gcoinne an chiontaithe lena mbaineann nó an ordaithe imithe in éag gan aon achomharc den sórt sin a bheith tionscanta,
- (b) go dtí go mbeidh aon achomharc den sórt sin tarraingthe siar nó tréigthe, nó
- (c) ar aon achomharc den sórt sin, go dtí go seasfar leis an gciontú nó an leis an ordú, de réir mar a bheidh.

(5) San alt seo, foláíonn “ceadúnas” dúblach de cheadúnas.

39.—Féadfaidh an tÚdarás, más deimhin leis gur cailleadh nó gur díothaíodh ceadúnas nó dúblach de cheadúnas, ceadúnas ionaid nó dúblach ionaid, de réir mar a bheidh, a eisiúint, ar an táille chuí a bheith íoctha. Ceadúnas ionaid, etc., a eisiúint.

40.—(1) I gcás ina mbreithneofar ceadúnaí ina fhéimheach nó ina féimheach, oibreoidh an breithniú láithreach chun ceadúnas an cheadúnaí nó, má tá an ceadúnaí i seilbh 2 cheadúnas nó níos mó, na ceadúnais sin go léir, a fhionraí— Ceadúnas a thabhairt suas agus a urghabháil, tar éis an ceadúnas a fhionraí nó a chúlghairm, etc.

(a) go dtí go n-imeoidh an ceadúnas, nó na ceadúnais sin go léir, de réir mar a bheidh, in éag, nó

(b) go dtí go neamhneofar an breithniú agus go ndéanfar cóip oifige den ordú lena neamhnítear an breithniú a sheirbheáil ar an Údarás,

cibé acu is túisce a tharlóidh.

(2) Más rud é—

(a) go ndéanfar ceadúnas a fhionraí nó a chúlghairm, nó

(b) go scoirfidh ceadúnaí den tseirbhís maoine a údaraítear leis an gceadúnas a sholáthar,

déanfaidh an ceadúnaí an ceadúnas (agus gach dúblach den cheadúnas) a thabhairt suas láithreach don Údarás agus cuirfidh an tÚdarás faoi deara an Clár a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.

(3) Féadfaidh cigire ceadúnas (agus gach dúblach den cheadúnas) a urghabháil agus a choinneáil—

(a) ar ceadúnas é a fionraíodh nó a cúlghaireadh, nó a chuaigh in éag, nó

(b) i gcás ina mbeidh an ceadúnaí scortha den tseirbhís maoine a údaraítear leis an gceadúnas a sholáthar.

(4) Aon duine a sháraíonn *fo-alt* (2) gan leithscéal réasúnach, tá sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d’aicme A a chur air nó uirthi.

41.—(1) Tabharfaidh ceadúnaí fógra i scríbhinn don Údarás maidir le haon ní ábhartha a luaithe is indéanta ach, in aon chás, tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis don cheadúnaí teacht ar an eolas faoin ní sin, ar ní é ar dhóigh dó difear a dhéanamh do bhailíocht cheadúnas an cheadúnaí. Fógra a thabhairt don Údarás maidir le ní ábhartha.

(2) Ní iompar míchuí é *fo-alt* (1) a shárú más rud é, i gcás ceadúnaí a bheidh ciontaithe i gcion, nó a mbeidh imeachtaí ar feitheamh ina aghaidh nó ina haghaidh mar gheall ar chion, in áit seachas an Stát, nach gcomhfhreagraíonn an cion d’aon chion faoi dhlí an Stáit.

(3) Beidh feidhm ag *fo-ailt* (1) agus (2) maidir le hiarratasóir ar cheadúnas amhail is dá mba cheadúnaí an t-iarratasóir i ndáil leis an

tseirbhís maoine nó na seirbhísí maoine, de réir mar is gá sa chás, a bhfuil an t-iarratasóir ag lorg ceadúnais nó ceadúnas ina leith.

(4) San alt seo—

ciallaíonn “athrú ar na príomhoifigigh”, i ndáil le comhlacht corpraithe nó le comhpháirtíocht, duine do theacht chun bheith, nó do scor de bheith, ar cibé modh, ina phríomhoifigeach nó ina príomhoifigeach de chuid an chomhlachta chorpraithe nó na comhpháirtíochta, de réir mar a bheidh;

folaíonn “ní ábhartha”, i ndáil le ceadúnaí nó le hiarratasóir ar cheadúnas—

- (a) coinníollacha a fhorchur ar aon chlárú nó ceadúnas nó údarú eile, aon chlárú nó ceadúnas nó údarú eile a chúlghairm, a fhionraí, a tharraingt siar nó a bhaint, nó diúltú clárú nó ceadúnas nó údarú eile a dheonú, ag aon chomhlacht rialála sa Stát nó lasmuigh den Stát maidir le haon cháil nó le haon iarcháil de chuid an iarratasóra nó an cheadúnaí, de réir mar a bheidh, mar sholáthraí—
 - (i) seirbhísí maoine laistigh nó lasmuigh den Stát,
 - (ii) seirbhísí is iomchuí maidir leis na seirbhísí maoine sin a sholáthar,
- (b) aon chiontú i gcion (cibé acu a fhorchuirtear é laistigh den Stát nó lasmuigh de) seachas cion a bheidh forordaithe chun críocha na míre seo le rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 90*,
- (c) aon imeachtaí atá ar feitheamh mar gheall ar chion a thagann faoi réim *mhír (b)*, agus
- (d) i gcás ceadúnaí nó iarratasóra is comhlacht corpraithe nó comhpháirtí i gcomhpháirtíocht, aon athrú ar phríomhoifigigh an chomhlachta chorpraithe nó na comhpháirtíochta, de réir mar a bheidh.

An Garda Síochána do thabhairt faisnéise.

42.—(1) Féadfaidh an tÚdarás a iarraidh ar Choimisinéir an Gharda Síochána aon fhaisnéis a thabhairt is gá chun a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh go cuí i ndáil le haon iarratasóir ar cheadúnas, nó i ndáil le haon cheadúnaí.

(2) Comhlíonfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána iarraidh faoi *fho-alt (1)* d’ainneoin aon ní atá in aon fhoráil reachtúil nó in aon riail dlí.

CUID 4

OIBLEAGÁIDÍ GINEARÁLTA CEADÚNAITHE

Litir fruilithe.

43.—(1) Déanfaidh ceadúnaí, tráth nach déanaí ná 7 lá oibre tar éis an lae a thosaíonn an ceadúnaí ar sheirbhís maoine a sholáthar do dhuine, nó a bheidh sé nó sí tagtha ar chomhaontú leis an duine chun seirbhís maoine a sholáthar dó nó di, cibé acu is luaithe, a sholáthar don duine sin, i leith na seirbhíse maoine sin, litir fruilithe (lena n-áirítear cóip di) san fhoirm shonraithe—

(a) ina mbeidh cibé faisnéis a cheanglófar a bheith inti de bhua *Sceideal 2*, agus

(b) a bheidh sínithe ag an gceadúnaí.

(2) Más rud é—

(a) go mbeidh litir fruilithe agus cóip di tugtha ag ceadúnaí do dhuine i gcomhlíonadh *fho-alt (1)*, agus

(b) nach dtabharfar an chóip sin don cheadúnaí, agus í sínithe ag an duine, laistigh de na 7 lá oibre díreach tar éis dul in éag do na 7 lá oibre lena mbaineann agus dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*,

scoirfidh an ceadúnaí de bheith ag soláthar na seirbhíse maoine is ábhar don litir don duine sin, nó, de réir mar a bheidh, ní thosóidh sé nó sí ar sholáthar na seirbhíse sin don duine sin, agus air sin scoirfidh an litir sin d'aon fheidhm a bheith aici agus d'aon éifeacht a bheith léi.

(3) I gcás ina mbeidh comhaontú seirbhísí maoine déanta ag ceadúnaí ach go mbeidh comhaontaithe ag an gceadúnaí agus ag an bpáirtí eile sa chomhaontú dá éis sin ar leasú a dhéanamh ar an gcomhaontú (lena n-áirítear aon chomhaontú arna leasú roimhe sin faoin bhfo-alt seo), tabharfaidh an ceadúnaí, tráth nach déanaí ná 7 lá oibre tar éis comhaontú ar an leasú amhlaidh, an leasú sin (lena n-áirítear cóip de) don pháirtí sin san fhoirm shonraithe—

(a) ina mbeidh cibé faisnéis a cheanglófar a bheith sa leasú de bhua *Sceideal 2* a mhéid a bhaineann an Sceideal sin le hábhar an leasaithe, agus

(b) a bheidh sínithe ag an gceadúnaí.

(4) Beidh feidhm, fairis na modhnuithe go léir is gá, ag *fo-alt (2)* agus ag an míniú ar “comhaontú seirbhísí maoine” in *alt 2(1)* maidir leis na nithe seo a leanas—

(a) leasú ar chomhaontú seirbhísí maoine,

(b) athnuachan ar chomhaontú seirbhísí maoine, nó

(c) athfhuiliú an cheadúnaí lena mbaineann tar éis do chomhaontú seirbhísí maoine dul in éag nó é a fhoirceannadh ar shlí eile,

mar atá feidhm acu maidir le litir fruilithe.

44.—I gcás go ndéanfaidh ceadúnaí is fostóir seirbhísí maoine nó conraitheoir neamhspleách seirbhís maoine (lena n-áirítear, i gcás fostóra seirbhísí maoine, príomhoifigeach nó fostaí de chuid an fhostóra seirbhísí maoine do sholáthar na seirbhíse sin) a sholáthar, coinneoidh an ceadúnaí taifead san fhoirm shonraithe ar an tseirbhís sin a sholáthar go ceann tréimhse nach giorra ná 6 bliana tar éis na hidirbhearta, na gníomhartha nó na hoibríochtaí lena mbaineann an taifead a chríochnú. Taifid a choinneáil.

45.—(1) Ní dhéanfaidh ceadúnaí—

Árachas slánaíochta gairmiúla.

- (a) is conraitheoir neamhspleách, nó
- (b) is fostóir seirbhísí maoine agus pearsa aonair araon,

seirbhís maoine a sholáthar mura mbeidh i bhfeidhm, tráth an tseirbhís sin a sholáthar, polasaí árachais slánaíochta gairmiúla lena ndéanfar an ceadúnaí a chumhdach go leordhóthanach le linn an tseirbhís sin a sholáthar.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *alt 4*, ní údaróidh ná ní cheadóidh ceadúnaí is fostóir seirbhísí maoine do cheadúnaí is príomhoifigeach nó fostaí de chuid an fhostóra seirbhís maoine a sholáthar ina cháil nó ina cáil mar phríomhoifigeach nó mar fhostaí den sórt sin, de réir mar a bheidh, mura mbeidh i bhfeidhm, tráth an tseirbhís sin a sholáthar, polasaí árachais slánaíochta gairmiúla lena ndéanfar an príomhoifigeach nó an fostaí, de réir mar a bheidh, a chumhdach go leordhóthanach le linn an tseirbhís sin a sholáthar.

(3) Féadfaidh an tÚdarás treoirínite a eisiúint ó am go ham i leith oibriú praiticiúil *fho-alt (1)* nó *(2)*.

CUID 5

CUNTAIS CHLIAINT AGUS NITHE GAOLMHARA

Cuntais agus taifid chliaint a choimeád agus a chaomhnú.

46.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)* agus *alt 48(4)*, déanfaidh an tÚdarás rialacháin lena bhforálfar do gach ceann nó d'aon cheann de na nithe seo a leanas:

- (a) an aicme nó na haicmí ceadúnaí lena mbaineann na rialacháin;
- (b) an cineál nó na cineálacha cuntas i mbainc a fhéadfaidh ceadúnaí a oscailt agus a choimeád chun airgead cliaint a choimeád i dtaca le seirbhísí maoine a sholáthar;
- (c) na cuntais sin a oscailt agus a choimeád ag ceadúnaí;
- (d) cearta, dualgais agus freagrachtaí ceadúnaí i leith airgid a fhaightear, a shealbhaítear, a rialaítear nó a íoctar i dtaca le seirbhísí maoine a sholáthar, lena n-áirítear airgead cliaint a thaisceadh i gcuntas cliaint agus a tharraingt amach as;
- (e) na hadmhálacha nó na ráitis a eiseoidh ceadúnaí i leith airgid cliaint a fhaigheann, a shealbhaíonn, a rialaíonn nó a íocann an ceadúnaí i dtaca le seirbhísí maoine a sholáthar;
- (f) na himthosca ina bhféadfar airgead seachas airgead cliaint a íoc isteach i gcuntais ina mbeidh airgead cliaint agus na himthosca ina bhféadfar, agus na daoine dá bhféadfar, airgead a shealbhaítear sna cuntais sin a íoc amach astu;
- (g) na taifid chuntasaíochta a chothabhálfaidh ceadúnaí ag eascairt as soláthar seirbhísí maoine ag an gceadúnaí, lena n-áirítear an tréimhse nó na tréimhsí íosta dá gcoimeádfaidh ceadúnaí taifid chuntasaíochta le linn na tréimhse a sholáthraítear seirbhísí maoine agus tar éis soláthar seirbhísí maoine a chríochnú agus an modh ar

a ndéanfar taisceadh aon airgid cliaint a fhaigheann an ceadúnaí isteach i gcuntais chliaint a thaifeadadh sna taifid chuntasafóchta;

- (h) na taifid chuntasafóchta a chothabhálfaidh ceadúnaí ina mbeidh sonraí agus faisnéis i dtaobh airgid a fhaigheann, a shealbhaíonn, a rialaíonn nó a íocann an ceadúnaí i dtaca le seirbhísí maoine a sholáthar do chliant nó d'aon duine eile nó dó féin nó di féin nó thar ceann cliaint nó aon duine eile nó thar a cheann féin nó thar a ceann féin;
- (i) teidil chliaint, lena n-áirítear an chaoi ina ndéanfar déileáil le hús, le hioncam nó le brabach a eascraíonn as aon airgead cliaint nó an céanna a choinneáil i cibé cásanna a shonraítear sna rialacháin;
- (j) na himthosca ina bhféadfar a cheangal ar cheadúnaí airgead a íoc le cuntas cliaint lena n-áirítear ús nó suim choibhéiseach a shlánú;
- (k) na himthosca agus an modh ina bhfóraíonn ceadúnaí (nó cuntasóir cuí-cháilithe thar ceann an cheadúnaí) comhlíonadh na rialachán, lena n-áirítear an mhinice a dhéantar amhlaidh;
- (l) scrúdú ag iniúchóir nó cuntasóir cuí-cháilithe, i gceann tréimhsí a bheidh forordaithe leis na rialacháin, ar thaifid chuntasafóchta arna gcothabháil ag ceadúnaí faoi rialacháin arna ndéanamh faoi *mhíreanna* (g) agus (h);
- (m) fhorfheidhmiú ag an Údarás ar chomhlíonadh na rialachán;
- (n) táillí a fhorchur ar cheadúnaí i gcásanna neamhchomhlíonadh más rud é gur gá don Údarás fiosrúcháin bhreise a sheoladh (is táillí nach mó ná costas na bhfiosrúchán sin a sheoladh);
- (o) scrúdú ag an Údarás nó thar ceann an Údaráis ar imthosca airgeadais ceadúnaí a mhéid a d'fhéadfadh na himthosca sin difear a dhéanamh do chumas an cheadúnaí seirbhísí maoine a sholáthar.

(2) Tabharfaidh an tÚdarás, le linn rialacháin a dhéanamh faoin alt seo, aird ar an ngá atá ann airgead cliaint a chosaint.

47.—(1) Faoi réir *fho-alt* (2), aon cheadúnaí a thaisceann go feasach airgead cliaint (nó a chuireann faoi deara go feasach airgead cliaint a thaisceadh) i gcuntas seachas cuntas cliaint, tá sé nó sí ciontach i gcion.

Cionta a bhaineann le cuntais chliaint agus taifid chuntasafóchta.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt* (1) maidir le ceadúnaí a thaisceann airgead cliaint (nó a chuireann faoi deara airgead cliaint a thaisceadh) i gcuntas (dá ngairtear an “cuntas iomchuí” san *fho-alt* seo) seachas cuntas cliaint más rud é—

- (a) gur cuntas an cuntas iomchuí a n-íoctar muirir arna dtobhach faoi alt 18 den Acht um Fhorbairtí Ilaonad, 2011 isteach ann chun críocha scéime dá dtagraítear san alt sin, nó

(b) gur cuntas an cuntas iomchuí a n-íoctar ranníocaí arna socrú faoi alt 19 den Acht um Fhorbairtí Ilaonad, 2011 isteach ann chun críocha ciste fiachmhúchta dá dtagraítear san alt sin.

(3) Aon cheadúnaí a dhéanann go feasach (nó a chuireann faoi deara go ndéantar amhlaidh) iontráil bhréagach nó mhíthreorach nó taifead bréagach nó míthreorach i dtaifid chuntasaíochta, tá sé nó sí ciontach i gcion.

(4) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi *fho-alt (1)* nó *(3)*, dlífeair—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(5) Faoi réir *fho-alt (6)*, i gcás ina gciontaítear ceadúnaí go hachomair i gcion faoi *fho-alt (1)* nó *(3)*, féadfaidh an chúirt, tar éis aird a thabhairt ar chineál an chiona agus ar na himthosca ina ndearnadh é, a ordú go ndéanfar an ceadúnas a shealbhaíonn an ceadúnaí a chúlghairm agus go dtoirmiscfeair ar an iarcheadúnaí (ar féidir gur toirmeasc buan, toirmeasc ar feadh tréimhse sonraithe nó toirmeasc faoi réir coinníollacha sonraithe é) iarratas a dhéanamh ar aon cheadúnas nua nó ar aicme áirithe ceadúnais nua.

(6) Ní bheidh éifeacht le hordú faoi *fho-alt (5)*—

(a) go dtí go mbeidh an gnáth-am chun achomharc a thionscnamh i gcoinne an chiontaithe lena mbaineann nó an ordaithe imithe in éag gan aon achomharc den sórt sin a bheith tionscanta,

(b) go dtí go mbeidh aon achomharc den sórt sin tarraingthe siar nó tréigthe, nó

(c) ar aon achomharc den sórt sin, go dtí go seasfar leis an gciontú nó leis an ordú, de réir mar a bheidh.

(7) Faoi réir *fho-alt (8)*, i gcás ina gciontaítear ceadúnaí ar díotáil i gcion faoi *fho-alt (1)* nó *(3)*, ordóidh an chúirt go ndéanfar na ceadúnais go léir a shealbhaíonn an ceadúnaí a chúlghairm agus go dtoirmiscfeair go buan ar an iarcheadúnaí iarratas a dhéanamh ar aon cheadúnas.

(8) Ní bheidh éifeacht le hordú faoi *fho-alt (7)*—

(a) go dtí go mbeidh an gnáth-am chun achomharc a thionscnamh i gcoinne an chiontaithe imithe in éag gan aon achomharc den sórt sin a bheith tionscanta,

(b) go dtí go mbeidh aon achomharc den sórt sin tarraingthe siar nó tréigthe, nó

(c) ar aon achomharc den sórt sin, go dtí go seasfar leis an gciontú.

48.—(1) Más rud é—

- (a) go ndiúltóidh an tÚdarás ceadúnas a athnuachan,
- (b) go bhfionrófar nó go gcúlghairfear ceadúnas faoin Acht seo, nó
- (c) gur deimhin leis an Údarás, ar chúis ar bith, gur scoir ceadúnaí de sheirbhísí maoine a sholáthar,

Cuntais
bhaincéireachta nó
sócmhainní de
chuid ceadúnaithe a
rialú.

féadfaidh an tÚdarás, d'fhonn cuntais cliaint a chosaint, iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar mhodh achomair, agus féadfaidh an Ard-Chúirt ordú a dhéanamh á ordú ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

- (i) nach ndéanfaidh aon bhanc, gan cead na hArd-Chúirte, aon íocaíocht as cuntas in ainm an cheadúnaí nó an iarcheadúnaí lena mbaineann ina cháil nó ina cáil nó ina iarcháil nó ina hiarcháil, de réir mar a bheidh, mar cheadúnaí;
- (ii) nach ndéanfaidh banc sonraithe, gan cead na hArd-Chúirte, aon íocaíocht as cuntas a choimeádann an ceadúnaí nó an t-iarcheadúnaí sa cháil nó san iarcháil sin, de réir mar a bheidh, sa bhanc sin;
- (iii) nach ndéanfaidh an ceadúnaí nó an t-iarcheadúnaí, gan cead na hArd-Chúirte, aon sócmhainní a bheidh ina sheilbh aige nó ina seilbh aici nó faoina urláimh nó faoina hurláimh nó ar fáil aige nó aici a dhiúscairt, a ordú go ndiúscrófar iad, ná a ndiúscairt a éascú;
- (iv) nach laghdóidh an ceadúnaí nó an t-iarcheadúnaí, gan cead na hArd-Chúirte, a shócmhainní ná a sócmhainní faoi bhun méid shonraithe nó luacha shonraithe.

(2) Beidh cumhacht ag an Ard-Chúirt iarratas ar ordú faoi *fho-alt (1)* a éisteacht ar shlí seachas go poiblí.

(3) I gcás ina ndéanfaidh an Ard-Chúirt i ndáil le ceadúnaí nó iarcheadúnaí ordú faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh an Chúirt aon cheann amháin nó níos mó de na horduithe breise seo a leanas a dhéanamh:

- (a) á ordú do bhanc sonraithe aon fhaisnéis a bheidh ina sheilbh aige agus a theastóidh ón Údarás agus a bhainfidh le haon ghné de ghnóthaí airgeadais an cheadúnaí nó an iarcheadúnaí ina cháil nó ina cáil nó ina iarcháil nó ina hiarcháil, de réir mar a bheidh, mar cheadúnaí, a thabhairt;
- (b) faoi réir *fho-alt (7)*, á ordú don cheadúnaí nó don iarcheadúnaí mionnscríbhinn a mhionnú ina nochtfar an fhaisnéis go léir a bhaineann le haon chuntas, nó atá in aon chuntas, in aon bhanc arna shealbhú ina ainm féin nó ina hainm féin, nó in ainm a ghnó nó a gnó nó a iarghnó nó a hiarghnó mar cheadúnaí, nó i gcomhpháirt le tríú páirtithe laistigh de thréimhse shonraithe ama a shocróidh an Chúirt;
- (c) faoi réir *fho-alt (7)*, á ordú don cheadúnaí nó don iarcheadúnaí mionnscríbhinn a mhionnú ina nochtfar an fhaisnéis go léir a bhaineann lena shócmhainní nó lena

sócmhainní, atá an tráth sin ina sheilbh aige nó ina seilbh aici nó faoina urláimh nó faoina hurláimh nó ar fáil aige nó aici nó a bhí, ach nach bhfuil a thuilleadh, ina sheilbh aige nó ina seilbh aici nó faoina urláimh nó faoina hurláimh nó ar fáil aige nó aici, laistigh de thréimhse shonraithe ama a shocróidh an Chúirt, agus, mura bhfuil siad ina sheilbh aige nó ina seilbh aici nó faoina urláimh nó faoina hurláimh nó ar fáil aige nó aici a thuilleadh, mar a chreideann sé nó sí maidir leis an áit ina bhfuil na sócmhainní sin i láthair na huairé;

(d) faoi réir *fho-alt* (7), á ordú don cheadúnaí nó don iarcheadúnaí é féin nó í féin a chur ar fáil os comhair na Cúirte ar dháta sonraithe agus ag tráth sonraithe lena cheistiú nó lena ceistiú ó bhéal faoi mhionn i ndáil le hábhair aon mhionnscribhinne sócmhainní arna mionnú aige nó aici de bhun *mhír* (c).

(4) I gcás ina ndéanfaidh an Ard-Chúirt ordú faoi *fho-alt* (1) i ndáil le ceadúnaí nó le hiarcheadúnaí, déanfaidh an ceadúnaí nó an t-iarcheadúnaí (nó cuirfidh sé nó sí faoi deara go ndéanfar), aon airgead a gheobhaidh sé nó sí dá éis sin a thaisceadh láithreach sa chuntas cliaint cuí nó sna cuntais chliaint chuí, mura n-ordóidh an Chúirt a mhálairt.

(5) I gcás inar deimhin leis an Ard-Chúirt, ar iarratas a bheith déanta chuici ag an Údarás, go bhfuil cúis ann lena chreidiúint go sealbhaíonn nó gur shealbhaigh aon duine sócmhainní thar ceann ceadúnaí nó iarcheadúnaí nó thar ceann a ghnó nó a gnó nó a iarghnó nó a hiarghnó mar cheadúnaí lena mbaineann *fo-alt* (1), féadfaidh an Chúirt a ordú don duine sin gach faisnéis a nochtadh don Údarás maidir le sócmhainní den sórt sin atá an tráth sin ina sheilbh aige nó ina seilbh aici nó faoina urláimh nó faoina hurláimh nó ar fáil aige nó aici, nó a bhí ach nach bhfuil a thuilleadh, ina sheilbh aige nó ina seilbh aici nó faoina urláimh nó faoina hurláimh nó ar fáil aige nó aici, agus, mura bhfuil siad ina sheilbh aige nó ina seilbh aici nó faoina urláimh nó faoina hurláimh nó ar fáil aige nó aici a thuilleadh, mar a chreideann sé nó sí maidir leis an áit ina bhfuil na sócmhainní sin i láthair na huairé.

(6) Aon duine a ghníomhaíonn, gan leithscéal réasúnach, ar dhóigh a dhéanann neamhbhríoch ordú iomlán, nó cuid d'ordú, arna dhéanamh faoi *fho-alt* (1), nó a sháraíonn *fo-alt* (4), gan leithscéal réasúnach, tá sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 a chur air nó uirthi.

(7) I gcás gur comhlacht corpraithe ceadúnaí nó iarcheadúnaí, féadfaidh príomhoifigeach de chuid an chomhlachta corpraithe an mhionnscribhinn dá dtagraítear i *mír* (b) nó (c) d'*fho-alt* (3) a mhionnú, thar ceann an chomhlachta corpraithe, agus déanfar cumhacht na hArd-Chúirte chun ordachán a thabhairt faoin mír sin, nó faoi *mhír* (d) den *fho-alt* sin, a fhorléiriú dá réir sin.

Tosaíocht éileamh ar airgead cliaint.

49.—(1) I gcás ina mbeidh cuntas cliaint á choimeád ag ceadúnaí, ní bheidh aon chúlárach ná ceart ag aon duine (lena n-áirítear duine atá sonraithe i *bhfo-alt* (2) chun críocha an *fho-ailt* seo), ná ní

bhfaighidh aon duine aon chúlárach ná ceart in aghaidh airgid a bheidh chun creidiúna an chuntais sin i leith éilimh nó cirt in aghaidh an cheadúnaí go dtí go mbeidh éilimh chuí uile chliaint an cheadúnaí in aghaidh an airgid sin lánsásaithe.

(2) Is iad seo a leanas na daoine atá sonraithe chun críocha *fho-alt (1)*—

- (a) creidiúnaí de chuid an cheadúnaí,
- (b) leachtaitheoir, glacadóir, riarthóir, scrúdaitheoir nó Sannaí Oifigiúil de chuid an cheadúnaí, agus
- (c) an Stát.

50.—Ní oibreoidh aon ní san Acht seo ar shlí a bhainfidh de cheadúnaí aon chúlárach nó ceart (cibé acu ar mhodh liain, fritháirimh, frithéilimh, muirir nó ar shlí eile) a bheidh ag an gceadúnaí in aghaidh airgid a bheidh chun creidiúna cuntais cliaint arna choimeád ag an gceadúnaí. Lian agus cearta eile a shlánchoimeád.

51.—(1) Maidir le banc, i dtaca le haon idirbheart ar chuntas ceadúnaí a choimeádtar sa bhanc nó i mbanc eile— Forálacha maidir le bainc.

- (a) ní thabhóidh sé dliteanas,
- (b) ní bheidh sé faoi oibleagáid fiosrúchán a dhéanamh, nó
- (c) ní mheasfar eolas a bheith aige ar cheart chun airgid a bheidh íoctha isteach sa chuntas nó creidiúnaithe dó,

nach dtabhódh an banc, nach mbeadh sé fúithi, nó nach measfaí a bheith aige, de réir mar a bheidh, i gcás cuntais arna choimeád ag duine a bhfuil teideal iomlán aige nó aici chun an airgid a bheidh íoctha isteach sa chuntas nó creidiúnaithe dó.

(2) Ní dhéanfaidh aon ní i *bhfo-alt (1)* banc a shaoradh ó dhliteanas nó ó oibleagáid a mbeadh sé faoi nó fúithi ar leith ón Acht seo.

(3) D'ainneoin *fho-alt (1)*, aon bhanc a choimeádann cuntas ceadúnaí le haghaidh airgid cliaint, ní bheidh aige, ná ní bhfaighidh sé, i leith dliteanais de chuid an cheadúnaí don bhanc, nach dliteanas i dtaca leis an gcuntas sin, aon chúlárach nó ceart (cibé acu ar mhodh liain, fritháirimh, frithéilimh, muirir nó ar shlí eile) in aghaidh airgid a bheidh chun creidiúna an chuntais sin.

(4) Ní bhainfidh aon ní i *bhfo-alt (3)*, ó bhanc, ceart atá ann tráth thosach feidhme an ailt seo i leith airgid a taisceadh roimhe sin sa bhanc.

52.—(1) I gcás ina mbreithneofar ina fhéimheach nó ina féimheach ceadúnaí, nó i gcás ina ndéanfaidh an ceadúnaí, agus é nó í ina fhéichiúnaí comhshocraíochta nó ina féichiúnaí comhshocraíochta, eastát an cheadúnaí a dhílsiú don Sannaí Oifigiúil lena réadú agus lena dháileadh ar chreidiúnaithe an cheadúnaí, ansin, d'ainneoin aon ní in *alt 49*, nó in aon achtachán eile, dílseoidh don Sannaí Oifigiúil an tsuim a bheidh chun creidiúna gach cuntais cliaint a bheidh á choimeád ag an gceadúnaí. Suimeanna chun creidiúna cuntais cliaint áirithe a dhílsiú don Sannaí Oifigiúil.

(2) I gcás ina gcomhdóidh ceadúnaí achainí ar chomhshocraíocht ach nach ndílseoidh sé nó sí eastát an cheadúnaí don Sannaí Oifigiúil, féadfaidh na creidiúnaithe is cliaint de chuid an cheadúnaí, nó cuid de na creidiúnaithe sin (nach lú ná trí chúigiú díobh a líon), iarratas a dhéanamh ar mhodh achomair chuig breitheamh den Ard-Chúirt a fheidhmíonn, de thuras na huaire, dlínse i ngnóthaí féimheachta, ar ordú lena ndéanfar an tsuim a bheidh chun creidiúna gach cuntais cliaint a choimeádann an ceadúnaí a dhílsiú don Sannaí Oifigiúil, agus féadfaidh an Chúirt, más rud é gur cuí léi déanamh amhlaidh agus go dtoileoidh an Sannaí Oifigiúil, ordú den sórt sin a dhéanamh, a mbeidh éifeacht dá réir sin leis.

(3) Ar chuntas cliaint a dhílsiú faoi *fho-alt (1)* nó *(2)* don Sannaí Oifigiúil, rachaidh an Sannaí Oifigiúil i mbun an cuntas cliaint a riaradh chun tairbhe do na cliaint agus beidh feidhm ag dlí na féimheachta (lena n-áirítear an tAcht seo) maidir leis an riaradh sin.

(4) Measfar chun gach críche gur gnó atá sannta d'Oifig an tSannaí Oifigiúil i bhFéimheacht agus gurb inti a dhéantar riaradh faoi *fho-alt (3)* ar chuntas cliaint ag an Sannaí Oifigiúil.

(5) Ar chuntas cliaint a dhílsiú faoi *fho-alt (1)* nó *(2)* don Sannaí Oifigiúil, agus d'ainneoin go mb'fhéidir go ndearnadh ordú faoi *alt 48(1)* i leith an chuntais—

- (a) beidh banc i dteideal an tsuim a bheith chun creidiúna an chuntais a íoc leis an Sannaí Oifigiúil, agus
- (b) íocfaidh banc an tsuim sin leis an Sannaí Oifigiúil ar an Sannaí Oifigiúil í a éileamh.

Forálacha a bhaineann le cuntais chliaint i gcás féimheachta.

53.—(1) Más rud é—

- (a) maidir le ceadúnaí—
 - (i) is pearsa aonair, go mbreithnítear ina fhéimheach nó ina féimheach é nó í, go gcomhdaíonn sé nó sí achainí ar chomhshocraíocht, go bhforghníomhaíonn sé nó sí gníomhas comhshocraíochta (de réir bhrí na bhfocal “deed of arrangement” in alt 4 den *Deeds of Arrangement Act, 1887*) nó go bhfaigheann sé nó sí bás agus é nó í dócmhainneach, nó
 - (ii) is cuideachta, go mbeidh sé dócmhainneach agus á fhoirceannadh,
- agus
- (b) gur lú an tsuim a bheidh chun creidiúna an chuntais cliaint a bheidh á choimeád ag an gceadúnaí i mbanc de réir rialachán arna ndéanamh faoi *alt 46* nó, i gcás ina mbeidh 2 chuntas den sórt sin nó níos mó á gcoimeád ag an gceadúnaí, iomlán na suimeanna a bheidh chun creidiúna na gcuntas, ná iomlán na suimeanna a fhaigheann an ceadúnaí i gcúrsa ghnó an cheadúnaí thar ceann chliaint an cheadúnaí agus a bheidh fós dlite den cheadúnaí do na cliaint,

ansin, d'ainneoin aon fhoráil reachtúil nó aon riail dlí dá mhalairt, beidh an tsuim a bheidh chun creidiúna an chuntais cliaint, nó, i gcás ina mbeidh 2 chuntas cliaint nó níos mó á gcoimeád ag an gceadúnaí,

iomlán na suimeanna a bheidh chun creidiúna na gcuntas sin, inroinnte go comhréireach ar chliant an cheadúnaí de réir na suimeanna faoi seach a fhaigheann an ceadúnaí i gcúrsa ghnó an cheadúnaí thar ceann chliant an cheadúnaí agus a bheidh fós dlite den cheadúnaí do na cliant.

(2) Faoi réir *fho-alt* (3), chun críocha an ailt seo, i gcás ina mbeidh aisíoc éarlaise dlite de cheadúnaí, measfar go bhfuair an ceadúnaí an méid a bheidh dlite i gcúrsa ghnó an cheadúnaí thar ceann an duine a thaisc an éarlais.

(3) Ní oibreoidh *fo-alt* (2) ar shlí a bhainfidh de dhuine dá dtagraítear san *fho-alt* sin aon cheart chun a cheangal go geríochánófar go cuí conradh díolacháin nó conradh ligin.

54.—(1) Más rud é—

Cumhacht an
Údaráis chun pléi le
doiciméid.

- (a) (i) go ndiúltaíonn an tÚdarás ceadúnas a athnuachan, nó
- (ii) go ndéantar ceadúnas a chúlghairm nó a fhionraí faoin Acht seo,

agus

- (b) gurb é tuairim an Údaráis nach ndearnadh socrúithe leordhóthanacha chun aon doiciméid a thabhairt ar ais do chliant an cheadúnaí nó an iarcheadúnaí lena mbaineann an diúltú, an fhionraí nó an chúlghairm sin, de réir mar a bheidh, ar doiciméid iad atá i seilbh nó faoi rialú an cheadúnaí nó an iarcheadúnaí, de réir mar a bheidh, nó ar fáil aige nó aici,

féadfaidh an tÚdarás, trí fhógra i scríbhinn arna thabhairt don cheadúnaí nó don iarcheadúnaí, de réir mar a bheidh, a cheangal ar an gceadúnaí nó ar an iarcheadúnaí, de réir mar a bheidh, nó ar aon duine eile a bhfuil na doiciméid sin ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú aige nó aici, na doiciméid a thabhairt ar aird, do dhuine a cheapfaidh an tÚdarás chun na críche, ag tráth agus in áit a bheidh sonraithe ag an Údarás san fhógra.

(2) I gcás nach ndéanfaidh duine is ábhar do cheanglas faoi *fho-alt* (1) an ceanglas sin a chomhlíonadh nó a chomhlíonadh go hiomlán, féadfaidh an tÚdarás, iar bhfógra don duine sin, iarratas a dhéanamh ar mhodh achomair chun na Cúirte Cuarda ar ordú á cheangal ar an duine an ceanglas a chomhlíonadh nó a chomhlíonadh go hiomlán, de réir mar a bheidh, laistigh de thréimhse a shonróidh an Chúirt agus féadfaidh an Chúirt an t-ordú a ndéantar iarratas ina leith, nó cibé ordú eile is cuí léi, a dhéanamh.

(3) I gcás ina nglacfaidh an tÚdarás seilbh ar dhoiciméid a tugadh ar aird faoin alt seo—

- (a) seirbheálfaidh sé ar an duine a thug na doiciméid ar aird fógra ina dtabharfar sonraí na ndoiciméad agus an dáta a ghlacfar seilbh orthu, agus
- (b) féadfaidh sé cibé fiosruithe a dhéanamh is gá le réasún chun a fháil amach cén duine nó cé na daoine atá i dteideal sheilbh nó choimeád na ndoiciméad sin, nó aon cheann díobh, agus féadfaidh sé dá éis sin plé leis na

doiciméid sin, nó le haon cheann díobh, de réir ordacháin an duine nó na ndaoine sin ag a mbeidh an teideal sin.

(4) Laistigh de 14 lá ón tráth a sheirbheálfar fógra faoi *fho-alt* (3) ar dhuine, féadfaidh an duine iarratas a dhéanamh ar mhodh achomair chun na Cúirte Cuarda ar ordú á ordú don Údarás na doiciméid a ghlac an tÚdarás a thabhairt ar ais dó nó di nó do cibé duine nó daoine eile a éileoidh an t-iarratasóir agus féadfaidh an Chúirt an t-ordú a ndéantar iarratas ina leith, nó cibé ordú eile is cú léi, a dhéanamh.

(5) Maidir le hiarratas faoi *fho-alt* (2) chun na Cúirte Cuarda, déanfar é chun breithimh den Chúirt sin don chuaird ina bhfuil cónaí ar an duine is ábhar don iarratas nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, gnó nó slí bheatha de ghnáth.

CUID 6

TALAMH A DHÍOL NÓ A LIGEAN

Ráiteas maidir le margadhluach comhairlithe etc., le tabhairt don díoltóir.

55.—(1) Déanfaidh ceadúnaí, laistigh de 7 lá oibre ón tráth a iarrfaidh díoltóir talún air nó uirthi an talamh a luacháil chun é a dhíol, nó laistigh de cibé tréimhse is faide ná sin a chomhaontófar idir an ceadúnaí agus an díoltóir, ráiteas san fhoirm shonraithe maidir le margadhluach comhairlithe na talún a sholáthar don díoltóir.

(2) Déanfaidh ceadúnaí, laistigh de 7 lá oibre ón tráth a iarrfaidh léasóir talún air nó uirthi an talamh a luacháil chun é a ligean, nó laistigh de cibé tréimhse is faide ná sin a chomhaontófar idir an ceadúnaí agus an léasóir, ráiteas san fhoirm shonraithe maidir le luach comhairlithe ligin na talún a sholáthar don léasóir.

Ní lú an meastachán ar an bpraghas díolacháin ná an margadhluach comhairlithe, etc.

56.—(1) Faoi réir *fho-alt* (2), ní luafaidh ceadúnaí mar mheastachán an cheadúnaí ar phraghas díolacháin talún, cibé acu ó bhéal nó i scríbhinn—

- (a) in aon fhógrán i leith na talún,
- (b) i sonraí nó i gcoinníollacha díolacháin na talún,
- (c) le ceannaitheoir ionchasach ar an talamh, nó
- (d) tráth an talamh a cheantáil,

praghas is lú ná margadhluach comhairlithe na talún arna soláthar ag an gceadúnaí don díoltóir faoi *alt* 55 nó, i gcás ina mbeidh an margadhluach comhairlithe sin sainráite mar raon praghsanna iomchuí, praghas is lú ná íosteorainn an raoin sin.

(2) Féadfar margadhluach comhairlithe talún arna sholáthar ag ceadúnaí do dhíoltóir faoi *alt* 55 a choigeartú, le toiliú an díoltóra i scríbhinn, chun na dálaí atá i réim sa mhargadh a chur i gcuntas.

Fianaise ar réasúntacht margadhluacha chomhairlithe.

57.—(1) Féadfaidh an tÚdarás, i gcúrsa imscrúdaithe, le fógra i scríbhinn a cheangal ar cheadúnaí fianaise a sholáthar dó, an dáta a shonraítear san fhógra nó roimhe, ar réasúntacht, agus ar mhodh ríofa, aon mhargadhluacha chomhairlithe talún a bheidh luaithe ag an ceadúnaí—

- (a) le díoltóir na talún,
 - (b) in aon fhógrán i leith na talún,
 - (c) i sonraí nó i gcoinníollacha díolacháin na talún,
 - (d) le ceannaitheoir ionchasach ar an talamh, nó
 - (e) tráth an talamh a cheantáil.
- (2) Aon duine, seachas ceadúnaí—
- (a) a dhéanann aon fhaisnéis, taifead nó doiciméad eile a theastaíonn ón Údarás faoi *fho-alt (1)* a choimeád siar, a dhíothú, a cheilt nó a dhiúltaíonn í nó é a sholáthar, nó
 - (b) a chuireann isteach ar an Údarás nó a bhacann é, ar shlí eile, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna faoin alt seo,

tá sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

58.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, i gcás ina dtairgfear talamh lena dhíol ar ceant—

- (a) ní dhéanfaidh an díoltóir imthairiscint ag an gceant, ná
- (b) ní shocróidh an díoltóir go ndéanfaidh aon duine imthairiscint, ná ní údaróidh sé nó sí ná ní cheadóidh sé nó sí d'aon duine imthairiscint a dhéanamh, thar a cheann nó thar a ceann.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* i gcás ina dtairgfear talamh lena dhíol ar ceant—

- (a) i gcomhlíonadh ordaithe cúirte faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1995, nó
- (b) i gcomhlíonadh ordaithe cúirte faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996.

(3) Ní ghlacfaidh ceadúnaí go feasach le himthairiscint a dhéanfar de shárú ar *fho-alt (1)*.

(4) I gcás ina ndéanfar sárú ar *fho-alt (1)* i leith aon talún a thairgfear lena dhíol ar ceant, féadfaidh ceannaitheoir na talún, d'ainneoin aon fhoráil reachtúil nó aon riail dlí dá mhalairt, diúltú conradh díolacháin a chríochnú i leith na talún gan aon dliteanas sibhialta a thabhú dá dheasca sin a d'fhéadfadh a bheith tabhaithe thairis sin de dhroim diúltú den sórt sin.

(5) Ní oibreoidh *fo-alt (3)* chun aon leigheas dlí a bhaint den cheannaitheoir dá dtagraítear san *fho-alt* sin, a bheadh, dá mba nár achtaíodh an *fo-alt* sin, ag an gceannaitheoir i ndáil leis an sárú ar *fho-alt (1)* lena mbaineann nó, más infheidhme, le haon sárú ar *fho-alt (3)* a bhaineann leis an sárú céadluaite sin.

(6) Aon duine a sháraíonn *fo-alt (1)* tá sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme A nó

príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Ceanglais is dtaobh nochtadh is infheidhme maidir leis an díoltóir agus leis an gceadúnaí i ndáil le maoin chónaithe a dhíol.

59.—(1) Faoi réir *fho-alt* (2), ní dhéanfaidh ceadúnaí faisnéis, comhairle ná cabhair a sholáthar, cibé acu trí bhíthin bróisiúir, fógráin (i cibé meán) nó ar shlí eile, do cheannaitheoir maoine cónaithe i leith iasachta a d'fhéadfadh a bheith ar fáil ó iasachtóir i leith an mhaoin a cheannach, mura rud é—

- (a) gur chuir díoltóir na maoine in iúl don cheadúnaí, i scríbhinn, i dtaobh an ndearna, nó nach ndearna, an t-iasachtóir iasacht a sholáthar, nó ar léirigh nó nár léirigh an t-iasachtóir a thoilteanas nó a toilteanas iasacht a sholáthar (cibé acu go hiomlán nó go páirteach), chun an mhaoin a fhorbairt nó a fhoirgniú (cibé acu go hiomlán nó go páirteach), agus
- (b) go gcuirfidh an ceadúnaí in iúl don cheannaitheoir an ndearna, nó nach ndearna, an t-iasachtóir iasacht a sholáthar, nó ar léirigh nó nár léirigh an t-iasachtóir a thoilteanas nó a toilteanas iasacht a sholáthar (go hiomlán nó go páirteach), chun an mhaoin a fhorbairt nó a fhoirgniú (go hiomlán nó go páirteach) (ní is féidir a dhéanamh, i gcás bróisiúir nó fógráin, tríd an bhfaisnéis lena mbaineann a chur sa bhróisiúir nó san fhógrán, de réir mar a bheidh).

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt* (1) in aon chás inarb éard é nó í díoltóir na maoine cónaithe lena mbaineann ina cháil nó ina cáil mar an díoltóir sin—

- (a) pearsa aonair atá ag gníomhú lasmuigh dá ghnó nó dá gnó, nó
- (b) duine, nó duine a thagann faoi réim aicme daoine, atá forordaithe faoi *alt 96* chun críocha na míre seo.

(3) San alt seo, folaíonn “iasachtóir” cuideachta shealbhaíochta agus fochuideachta (de réir bhrí alt 155 d'Acht na gCuideachtaí, 1963) de chuid an iasachtóra.

Toirmeasc ar sheirbhísí airgeadais a sholáthar, etc.

60.—(1) Ní sholáthróidh ceadúnaí seirbhís airgeadais do cheannaitheoir talún i gcás ina soláthraíonn an ceadúnaí seirbhís maoine do dhíoltóir na talún mura rud é—

- (a) go bhfuil curtha in iúl ag an gceadúnaí don díoltóir, roimh an díolachán lena mbaineann, trí fhógra san fhoirm shonraithe, go bhfuil sé ar intinn ag an gceadúnaí seirbhís airgeadais a sholáthar don cheannaitheoir, agus go bhfuil ráite i scríbhinn ag an díoltóir, roimh an díolachán sin, nach bhfuil aon agóid aige nó aici in aghaidh an cheadúnaí do sholáthar seirbhís airgeadais amhlaidh, agus
- (b) go bhfuil curtha in iúl ag an gceadúnaí don cheannaitheoir, roimh an díolachán sin, trí fhógra san fhoirm a shonraítear, go bhfuil seirbhís maoine á soláthar ag an gceadúnaí don díoltóir, agus go bhfuil ráite i scríbhinn ag an gceannaitheoir, roimh an díolachán sin, nach bhfuil aon agóid aige nó aici in aghaidh an cheadúnaí do

thabhairt seirbhísí maoine an tráth céanna a bheadh seirbhísí airgeadais á soláthar ag an gceadúnaí don cheannaitheoir.

(2) Ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní—

- (a) a fhearfaidh ar oibriú aon fhorála den Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995, nó aon fhorála reachtúla eile, nó aon rialach dlí, i dtaca lena cur i bhfeidhm maidir le duine ar ceadúnaí é nó í, nó
- (b) lena saorfar duine ar ceadúnaí é nó í ó aon oibleagáidí a bheidh ar an duine sin faoi aon fhoráil den sórt sin nó faoi aon rial dlí.

61.—Gan dochar do ghinearáltacht rialachán arna ndéanamh faoi *alt 46*, i gcás ina ndéanann ceadúnaí is fostóir seirbhísí maoine nó conraitheoir neamhspleách talamh a thairiscint lena dhíol seachas ar ceant (lena n-áirítear, i gcás fostóra seirbhísí maoine, príomhoifigeach nó fostaí de chuid an fhostóra seirbhísí maoine do sholáthar na tairisceana sin), coinneoidh an ceadúnaí taifead ar feadh tréimhse nach giorra ná 6 bliana, san fhoirm shonraithe, ar na tairiscintí go léir a gheobhaidh an ceadúnaí, lena n-áirítear glacthaí coinníollacha, i leith an díolacháin.

Taifid a choinneáil nuair a dhíoltar talamh seachas ar ceant.

62.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire iomchuí, agus tar éis dul i gcomhairle le cibé duine eile nó comhlacht eile is cuí leis an Údarás nó a ordóidh an tAire iomchuí, rialacháin a dhéanamh i leith aon cheann díobh seo a leanas:

Rialacháin faoi *Chuid 6*.

- (a) ábhar fógrán chun talamh a dhíol nó a ligean;
- (b) éarlaisí áirithinte chun talamh a cheannach (nach éarlaisí iad a dhéantar de bhun conartha chun an talamh a cheannach), éarlaisí áirithinte chun talamh a ligean, foirm agus ábhar admhálacha ar éarlaisí áirithinte agus coinníollacha a bhaineann le haisíocaíochtaí éarlaisí áirithinte;
- (c) téarmaí conarthaí tógála, lena n-áirítear íocaíochtaí céimnithe faoi chonarthaí den sórt sin;
- (d) téarmaí chun talamh a dhíol ar ceant nó trí thairiscint;
- (e) na caighdeáin chun talamh a thairgtear lena dhíol nó lena ligean a thomhas; agus
- (f) costais suirbhéanna, nó nithe eile a bhaineann le suirbhéanna, ar thalamh atá ar díol.

(2) Le linn don Údarás rialacháin a dhéanamh faoin alt seo, beidh aird aige ar leasanna cliant agus úsáideoirí eile agus úsáideoirí ionchasacha seirbhísí maoine, maidir leis an ní dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* agus is ábhar do na rialacháin, a chosaint.

(3) Beidh sé sainráite i rialacháin a dhéantar faoin alt seo go mbeidh feidhm acu maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) ceadúnaithe nó aicmí ceadúnaithe, nó

(b) daoine seachas ceadúnaithe nó aicmí daoine den sórt sin.

(4) Aon duine a sháraíonn foráil de rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo agus a bhfuil sé sainráite iontu go bhfuil feidhm acu maidir le daoine seachas ceadúnaithe nó aicmí de dhaoine den sórt sin, tá sé nó sí ciontach i gcion agus dlitear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó na €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(5) San alt seo, ciallaíonn “Aire iomchuí” an tAire sin nó na hAírí sin den Rialtas dá bhfuil feidhmeanna tugtha, nó ar a bhfuil freagracht ghinearálta, maidir leis an ní atá i gceist nó i dtaca leis.

CUID 7

GEARÁIN, IMSCRÚDUITHE AGUS SMACHTBHANNAÍ

Gearáin in aghaidh ceadúnaithe.

63.—(1) Féadfaidh duine gearán i scríbhinn a dhéanamh leis an Údarás ag líomhain go raibh nó go bhfuil ceadúnaí ag gabháil d’iompar míchuí.

(2) I gcás ina bhfaighidh an tÚdarás gearán, cuirfidh sé faoi deara imscrúdú i dtaobh an ní is ábhar don ghearán a sheoladh, mura rud é—

(a) gur deimhin leis nach de mheon macánta a dhéantar an gearán,

(b) gur deimhin leis go bhfuil an gearán suaibhreasach nó cráiteach nó gan substaint ná foras, nó

(c) faoi réir *fho-alt (6)*, tar éis cibé fiosruithe a dhéanamh is cuí leis an Údarás, gur deimhin leis gur dóigh go réiteofar an gearán trí idirghabháil nó ar mhodh neamhfhoirmiúil eile idir na páirtithe lena mbaineann.

(3) I gcás ina dtabharfaidh an tÚdarás breith go dtagann gearán faoi réim *fho-alt (2)(a)*, *(b)* nó *(c)*, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don ghearánach agus don cheadúnaí lena mbaineann an gearán maidir leis an mbreith agus na cúiseanna atá léi.

(4) I gcás ina ndéanfaidh gearánach gearán a tharraingt siar sula mbeidh an tuarascáil ar imscrúdú a bhaineann leis an ngearán curtha faoi bhráid an Údaráis de bhun *alt 68(2)*, féadfaidh an tÚdarás leanúint ar aghaidh amhail is nár tarraingíodh siar an gearán más deimhin leis go bhfuil cúis mhaith dhóthanach ann déanamh amhlaidh.

(5) Más rud é, de bhun *fho-alt (4)*, go leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh amhail is nár tarraingíodh siar gearán, pléifear, air sin, leis an imscrúdú lena mbaineann mar imscrúdú arna thionscnamh ag an Údarás, agus forléireofar forálacha eile an Achta seo dá réir sin.

(6) I gcás nach réiteofar gearán trí idirghabháil nó trí mhodh neamhfhoirmiúil eile dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(c)*, féadfaidh an gearánach, dá rogha féin, gearán úr a dhéanamh i leith an ní is ábhar don ghearán céadluaite.

64.—(1) Gan dochar *d'fho-alt (4)*, i gcás ina measfaidh an tÚdarás gur gá ceadúnas ceadúnaí (cibé acu is ábhar do ghearán an ceadúnaí nó nach ea) a fhionraí láithreach chun cliaint an cheadúnaí, nó úsáideoirí nó úsáideoirí ionchasacha na seirbhísí maoine a sholáthraíonn an ceadúnaí, a chosaint, go dtí go ndéanfar bearta nó bearta breise faoin gCuid seo, féadfaidh an tÚdarás, iar bhfógra don cheadúnaí, iarratas a dhéanamh ar mhodh achomair chun na hArd-Chúirte ar ordú chun an ceadúnas a fhionraí.

Imthosca ina bhféadfar iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar cheadúnas a fhionraí láithreach, etc.

(2) Féadfaidh an Ard-Chúirt iarratas faoi *fho-alt (1)* a chinneadh—

- (a) trí aon ordú is cuí léi a dhéanamh, lena n-áirítear ordú lena bhfionrófar ceadúnas an cheadúnaí is ábhar don iarratas ar feadh cibé tréimhse, nó go dtí go dtarlóidh cibé teagmhas, a shonrófar san ordú, agus
- (b) trí aon ordachán eile is cuí leis an Ard-Chúirt a thabhairt don Údarás.

(3) Déanfaidh an tÚdarás, ar ordú ón Ard-Chúirt faoi *fho-alt (2)(b)* a chomhlíonadh, fógra a thabhairt i scríbhinn don cheadúnaí lena mbaineann i dtaobh an tÚdarás do chomhlíonadh an ordacháin.

(4) (a) I gcás ina measfaidh an tÚdarás gur gá ceadúnas ceadúnaí (agus cibé acu is ábhar do ghearán an ceadúnaí nó nach ea) a fhionraí láithreach mar gheall ar an bpríacal láithreach go ndéanfaí díobháil airgeadais do chliaint an cheadúnaí, nó d'úsáideoirí nó d'úsáideoirí ionchasacha na seirbhísí maoine a sholáthraíonn an ceadúnaí, féadfaidh an tÚdarás iarratas a dhéanamh ar mhodh achomair *ex parte* chun na hArd-Chúirte ar ordú eatramhach chun an ceadúnas a fhionraí.

(b) Maidir leis an iarratas ar ordú den sórt sin, is ar mhionnscribhinn arna mionnú thar ceann an Údaráis a bheidh sé bunaithe.

(5) (a) Féadfaidh an Ard-Chúirt ordú eatramhach a dhéanamh chun ceadúnas a fhionraí ar iarratas faoi *fho-alt (4)*, i gcás ina measann an Chúirt, ag féachaint d'imthosca an cháis, gur gá déanamh amhlaidh, d'fhonn na daoine seo a leanas a chosaint—

(i) cliaint an cheadúnaí, nó

(ii) úsáideoirí nó úsáideoirí ionchasacha na seirbhísí maoine a sholáthraíonn an ceadúnaí.

(b) Má dhéantar ordú eatramhach, seirbheálfar cóip den ordú agus den mhionnscribhinn dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(b)* ar an gceadúnaí a luaithe is indéanta.

(c) Beidh éifeacht leis an ordú eatramhach ar feadh tréimhse nach faide ná 8 lá oibre, agus ar tréimhse í a shonrófar san ordú, agus scoirfidh sé d'éifeacht a bheith leis ar an

Ard-Chúirt do dhéanamh cinnidh ar iarratas faoi *fho-alt (1)* ar ordú chun an ceadúnas a fhionraí.

(6) (a) Beidh éifeacht le hordú eatramhach faoi *fho-alt (5)* tráth a thabharfar fógra i dtaobh a dhéanta don cheadúnaí.

(b) Measfar, gan dochar d'aon chineál eile fógra faoin Acht seo, gur fógra leordhóthanach don cheadúnaí é go ndearnadh an t-ordú, teachtaireacht ó bhéal ón Údarás nó thar ceann an Údaráis chun an cheadúnaí go ndearnadh ordú eatramhach, maille le cóip den ordú a thabhairt ar aird.

(7) Déanfar iarratas faoi *fho-alt (4)* a éisteacht ar shlí eile seachas go poiblí mura rud é gur cuí leis an Ard-Chúirt an t-iarratas a éisteacht go poiblí.

(8) Beidh feidhm ag *alt 72(3), (4)* agus *(5)*, fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir le ceadúnas a fhionraítear faoi *fho-alt (2)* nó *(5)* mar atá feidhm aige maidir le ceadúnas a fhionraítear de bhun breith a dhaingnítear nó a thugtar faoi *fho-alt 70(3)* nó *71(2)*.

Imscrúduithe.

65.—(1) Faoi réir *alt 63(2)* agus *(4)*, déanfaidh an tÚdarás—

(a) tar éis gearán a fháil, nó féadfaidh sé, dá dheoin féin, a chur faoi deara cibé imscrúdú is cuí leis a sheoladh chun aon iompar míchuí a aithint, agus

(b) chun críocha an imscrúdaithe, cigire a cheapadh, faoi réir cibé téarmaí is cuí leis—

(i) chun an t-imscrúdú a sheoladh, agus

(ii) chun tuarascáil ar imscrúdú a chur faoina bhráid, tar éis an t-imscrúdú a chríochnú.

(2) Féadfaidh an tÚdarás líon is mó ná cigire amháin a cheapadh chun imscrúdú a sheoladh, ach in aon chás den sórt sin, déanfaidh na cigirí arna gceapadh amhlaidh an tuarascáil ar imscrúdú lena mbaineann a ullmhú i gcomhar, agus déanfar forálacha eile an Achta seo (lena n-áirítear an míniú ar “tuarascáil ar imscrúdú” in *alt 2(1)* agus *alt 68*), fairis na modhnuithe go léir is gá, a fhorléiriú dá réir sin.

(3) Féadfar, le téarmaí ceapacháin cigire, scóip an imscrúdaithe a bheidh le seoladh ag an gcigire a mhíniú, cibé acu maidir leis na nithe nó leis an tréimhse a mbeidh réim ag an imscrúdú maidir leo nó léi nó maidir le nithe eile, agus, go háirithe, féadfaidh siad an t-imscrúdú a theorannú do nithe a bhaineann le himthosca áirithe.

(4) I gcás ina mbeidh cigire ceaptha ag an Údarás chun imscrúdú a sheoladh, déanfaidh an cigire, a luaithe is indéanta, tar éis é nó í a cheapadh amhlaidh—

(a) más rud é go n-eascaíonn an t-imscrúdú de dhroim gearáin a fuair an tÚdarás—

(i) fógra i scríbhinn a thabhairt don cheadúnaí lena mbaineann an gearán lena ndeirtear go bhfuarthas an gearán agus ina leagtar amach sonraí an ghearáin,

(ii) na nithe seo a leanas a thabhairt don cheadúnaí—

- (I) cóipeanna d'aon doiciméid is iomchuí maidir leis an imscrúdú, agus
- (II) cóipeanna den Chuid seo agus de *Chuid 8*, agus
- (iii) gan dochar do ghinearáltacht *alt 66*, deis a thabhairt don cheadúnaí freagra a thabhairt, laistigh de 30 lá ón dáta a fuair an cheadúnaí an fógra dá dtagraítear i *bhfomhír (i)*, nó de cibé tréimhse bhreise nach faide ná 30 lá a cheadóidh an cigire, ar an ngearán,
- (b) má eascraíonn an t-imscrúdú de dheoin an Údaráis—
- (i) fógra i scríbhinn a thabhairt don cheadúnaí lena mbaineann i dtaobh na nithe lena mbaineann an t-imscrúdú, agus
- (ii) na nithe seo a leanas a thabhairt don cheadúnaí—
- (I) cóipeanna d'aon doiciméid is iomchuí maidir leis an imscrúdú, agus
- (II) cóipeanna den Chuid seo agus de *Chuid 8*, agus
- (iii) gan dochar do ghinearáltacht *alt 66*, deis a thabhairt don cheadúnaí freagra a thabhairt, laistigh de 30 lá ón dáta a fuair an cheadúnaí an fógra dá dtagraítear i *bhfomhír (i)*, nó de cibé tréimhse bhreise nach faide ná 30 lá a cheadóidh an cigire, ar an ní lena mbaineann an t-imscrúdú.
- (5) Más rud é go n-eascraíonn imscrúdú de dhroim gearán a fuair an tÚdarás, déanfaidh an cigire a cheapfar chun an t-imscrúdú a sheoladh—
- (a) a luaithe is indéanta, cóip den fhógra dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(a)(i)* a thabhairt don ghearánach, ar fógra é a bheidh tugtha don cheadúnaí lena mbaineann an gearán, agus
- (b) iarrachtaí réasúnacha chun a chinntiú go gcoimeádtar an gearánach ar an eolas maidir le dul chun cinn i ndáil leis an imscrúdú.
- (6) I gcás ina bhfaighidh an tÚdarás gearán i leith ceadúnaí ina cháil nó ina cáil mar phríomhoifigeach nó mar fhostaí de chuid ceadúnaí is fostóir seirbhísí maoine, ansin ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní a choisceann ar an Údarás, más cuí leis déanamh amhlaidh, plé leis an ngearán mar ghearán atá á dhéanamh freisin i leith an fhostóra seirbhísí maoine agus, in aon chás den sórt sin, féadfaidh baint a bheith ag an imscrúdú áirithe le níos mó ná aon cheadúnaí amháin agus déanfar forálacha an Achta seo (lena n-áirítear an t-alt seo), a fhorléiriú, fairis na modhnuithe go léir is gá, dá réir sin.
- (7) I gcás ina bhfaighidh an tÚdarás gearán i leith ceadúnaí is fostóir seirbhísí maoine agus gur deimhin leis go bhféadfaidh sé go bhfuil baint ag an ní is ábhar don ghearán le soláthar seirbhíse

maoine ag ceadúnaí eile ina cháil nó ina cáil mar phríomhoifigeach nó mar fhostaí de chuid an fhostóra seirbhísí maoine sin, ansin ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní a choisceann ar an Údarás, más cuí leis déanamh amhlaidh, plé leis an ngearán mar ghearán atá á dhéanamh freisin i leith an phríomhoifigigh nó an fhostaí sin, de réir mar a bheidh, agus, in aon chás den sórt sin, féadfaidh baint a bheith ag an imscrúdú áirithe le níos mó ná aon cheadúnaí amháin agus déanfar forálacha an Achta seo (lena n-áirítear an t-alt seo), a fhorléiriú, fairis na modhnuithe go léir is gá, dá réir sin.

(8) Ní fhorléireofar *fo-ailt* (6) agus (7) ar shlí a theorannóidh ginearáltacht chumhacht an Údaráis faoi *fho-alt* (1) a chur faoi deara imscrúdú a dhéanamh dá thoil féin agus, dá réir sin, féadfaidh baint a bheith ag aon imscrúdú den sórt sin le níos mó ná aon cheadúnaí amháin agus déanfar forálacha an Achta seo (lena n-áirítear an t-alt seo) a fhorléiriú, fairis na modhnuithe go léir is gá, dá réir sin.

Cumhachtaí ag cigirí chun dul isteach agus iniúchadh a dhéanamh, etc., chun críocha imscrúdú.

66.—(1) Chun críocha imscrúdú i ndáil le ceadúnaí—

- (a) féadfaidh cigire, faoi réir *fho-ailt* (13) agus (14), gach tráth réasúnach, dul isteach, in aon áitreabh ina ndéantar, nó in aon fheithicil ina ndéantar nó trína ndéantar, aon ghníomhaíocht a sheoladh i dtaca le soláthar seirbhíse maoine ag an gceadúnaí, nó i dtaca le heagrú daoine atá ag gabháil don tseirbhís maoine sin a sholáthar nó cabhrú leo, agus aon áitreabh nó feithicil den sórt sin a iniúchadh, a scrúdú agus a chuardach,
- (b) féadfaidh cigire, faoi réir *fho-ailt* (13) agus (14), dul isteach in aon teaghais a bheidh ar áitiú ag an gceadúnaí nó ag stiúrthóir, bainisteoir nó aon chomhalta foirne de chuid gnóthais a sheolann gníomhaíocht dá dtagraítear i *mír* (a), agus í a iniúchadh, a scrúdú agus a chuardach, ar teaghais í a bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint ina leith go bhfuil taifid a bhaineann le seoladh na gníomhaíochta sin á gcoimeád inti,
- (c) féadfaidh cigire, gan dochar d'aon chumhacht eile a thugtar leis an bhfo-alt seo, a cheangal ar aon duine a gheofar in aon áitreabh, in aon fheithicil nó in aon teaghais dá dtagraítear in aon mhír de na míreanna roimhe seo nó ar aon duine a bheidh i bhfeighil an áitribh, na feithicle nó na teaghaise sin, nó a mbeidh an céanna faoina rialú, nó a bheidh ag stiúradh aon ghníomhaíochta dá dtagraítear i *mír* (a) ann nó inti nó chuige nó chuici, aon taifid, leabhair nó cuntais (cibé acu a choimeádtar de lámh iad nó ar shlí eile) nó doiciméid eile is gá don chigire a fheiceáil chun críocha an imscrúdaithe a thabhairt ar aird (agus féadfaidh an cigire aon taifid, leabhair nó cuntais den sórt sin nó doiciméid eile a thabharfar ar aird amhlaidh a iniúchadh, a scrúdú agus a chóipeáil, nó féadfaidh sé nó sí a cheangal ar dhuine réamhráite cóip díobh nó d'aon iontrálacha iontu a sholáthar don chigire),
- (d) féadfaidh cigire a cheangal ar aon duine dá dtagraítear i *mír* (c) cibé saoráidí agus cúnaimh a thabhairt dó nó di a bheidh faoi urláimh an duine nó mar chuid de fhreagrachtaí an duine agus is gá le réasún chun a chumasú don chigire aon cheann de na cumhachtaí a thugtar don chigire faoi *mhír* (a), (b) nó (c) a fheidhmiú,

- (e) féadfaidh cigire a cheangal ar aon duine a úsáideann nó a d'úsáid trealamh sonraí, nó a n-úsáidtear nó ar úsáideadh trealamh sonraí thar a cheann nó thar a ceann, i dtaca le gníomhaíocht dá dtagraítear i *mír (a)*, nó ar aon duine a bheidh i bhfeighil an trealaimh sonraí sin nó aon ghairis nó ábhair ghaolmhair nó a mbeidh baint aige nó aici ar shlí eile le hoibriú an chéanna, gach cúnaimh réasúnach a thabhairt don chigire maidir lena úsáid,
- (f) féadfaidh cigire a cheangal ar an gceadúnaí, ar phríomhoifigeach an cheadúnaí, ar fhostaí an cheadúnaí nó ar ghníomhaire an cheadúnaí cibé údarú i scríbhinn a thabhairt, arna dhíriú ar cibé banc nó bainc, a theastóidh ón gcigire chun a chumasú dó nó di aon chuntas nó cuntais a d'oscail an ceadúnaí, nó a chuir an ceadúnaí faoi deara a oscailt, sa bhanc nó sna bainc sin (nó aon doiciméid a bhaineann leis na cuntais sin), a iniúchadh agus cóipeanna de na doiciméid sin a fháil ón mbanc nó ó na bainc sin, ar doiciméid iad a bhaineann leis an gcuntas nó na cuntais sin ar feadh cibé tréimhse nó tréimhsí is dóigh leis an gcigire is gá chun an chríoch sin a chomhlíonadh, agus
- (g) féadfaidh comhalta den Gharda Síochána a bheith i dteannta cigire má bhíonn cúis réasúnach ann le brath go gcuirfear mórthac ar chomhlíonadh aon fheidhmeanna de chuid an chigire faoin bhfo-alt seo.

(2) Sonrófar i gceanglas faoi *fho-alt (1)(c), (d), (e)* nó *(f)* tréimhse ar laistigh di a bheidh, nó dáta agus tráth ar a mbeidh, an ceanglas le comhlíonadh ag an duine is ábhar don cheanglas.

(3) Chun críocha imscrúdú, féadfaidh cigire—

(a) a cheangal ar dhuine, ar dóigh leis an gcigire—

- (i) go bhfuil ina sheilbh nó ina seilbh aige nó aici faisnéis atá iomchuí maidir leis an imscrúdú, nó
- (ii) go bhfuil aon taifid, leabhair nó cuntais (cibé acu a choimeádtar de lámh iad nó ar shlí eile) nó doiciméid eile is iomchuí maidir leis an imscrúdú i seilbh, nó faoi urláimh, an duine sin nó ar fáil ag an duine sin,

an fhaisnéis sin nó na taifid, na leabhair, na cuntais nó na doiciméid eile sin, de réir mar a bheidh, a sholáthar don chigire, agus

- (b) i gcás inar cuí leis an gcigire, a cheangal ar an duine sin freastal os comhair an chigire chun an fhaisnéis sin nó na taifid, na leabhair, na cuntais nó na doiciméid eile sin, de réir mar a bheidh, a sholáthar amhlaidh,

agus comhlíonfaidh an duine an ceanglas.

(4) Sonrófar le ceanglas faoi *fho-alt (3)*—

- (a) tréimhse ar laistigh di a bheidh, nó dáta nó tráth ar a mbeidh, an ceanglas le comhlíonadh ag an duine is ábhar don cheanglas, agus
- (b) de réir mar is cuí leis an gcigire lena mbaineann—
- (i) an áit ag a bhfreastalóidh an duine chun an fhaisnéis lena mbaineann a thabhairt nó ar a seachadfaidh an duine na taifid, na leabhair, na cuntais nó na doiciméid eile lena mbaineann, nó
- (ii) an áit ar chuici a chuirfidh an duine an fhaisnéis nó na taifid, na leabhair, na cuntais nó na doiciméid eile lena mbaineann.
- (5) Aon duine ar a gceanglófar freastal os comhair cigire faoi *fho-alt (3)*—
- (a) ceanglófar freisin air nó uirthi aon cheist a chuirfidh an cigire ar an duine a fhreagairt go hiomlán agus go fírinneach, agus
- (b) má cheanglaíonn an cigire air nó uirthi déanamh amhlaidh, freagróidh sé nó sí aon cheist den sórt sin faoi mhionn.
- (6) I gcás gur dealraitheach do chigire gur mhainnigh duine ceanglas faoi *fho-alt (1)*, *(3)* nó *(5)* a chomhlíonadh nó a chomhlíonadh go hiomlán, féadfaidh an cigire, iar bhfógra don duine sin agus le toiliú an Údaráis, iarratas a dhéanamh ar mhodh achomair chun na Cúirte Cuarda ar ordú faoi *fho-alt (7)*.
- (7) Más deimhin leis an gCúirt Chuarda, tar éis di an t-iarratas a éisteacht, gur mhainnigh an duine an ceanglas atá i gceist a chomhlíonadh nó a chomhlíonadh go hiomlán, féadfaidh an Chúirt Chuarda, faoi réir *fho-alt (10)*, ordú a dhéanamh lena gceanglófar ar an duine sin an ceanglas a chomhlíonadh nó a chomhlíonadh go hiomlán, de réir mar a bheidh, laistigh de thréimhse a shonróidh an Chúirt.
- (8) Maidir le hiarratas faoi *fho-alt (6)* chun na Cúirte Cuarda, déanfar é chun breithimh den Chúirt sin don chuaird ina bhfuil cónaí ar an duine is ábhar don iarratas nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, gnó nó slí bheatha, de ghnáth.
- (9) Údaraítear leis seo do chigire duine a chur faoi mhionn dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)(b)*.
- (10) Beidh duine is ábhar do cheanglas faoi *fho-alt (1)*, *(3)* nó *(5)* i dteideal na ndíolúintí agus na bpríbhleáidí céanna i leith an ceanglas sin a chomhlíonadh amhail is dá mba fhinné os comhair na hArd-Chúirte an duine.
- (11) Ní bheidh aon ráiteas nó admháil ó dhuine de bhun ceanglais faoi *fho-alt (1)*, *(3)* nó *(5)* inghlactha mar fhianaise i gcoinne an duine sin in imeachtaí coiriúla seachas in imeachtaí coiriúla i leith ciona faoi *fho-alt (17)*, agus déanfaidh an cigire lena mbaineann é seo a mhíniú don duine i ngnáthchaint.
- (12) Ní mheasfar go gcuirtear iallach le haon ní san alt seo ar aon duine aon taifid, leabhair nó cuntais (cibé acu a choimeádtar de láimh iad nó ar shlí eile) nó doiciméid eile a thabhairt ar aird a

mbeadh sé nó sí díolmhaithe óna dtabhairt ar aird in imeachtaí i gcúirt ar fhoras pribhléide gairmiúla dlíthiúla.

(13) Ní rachaidh cigire, ach amháin le toiliú an áititheora, isteach i dteaghais phríobháideach, gan barántas arna eisiúint faoi *fho-alt (14)* á údarú dó nó di dul isteach.

(14) Féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche, más deimhin leis nó léi ar fhaisnéis faoi mhionn ó chigire—

(a) (i) go bhfuil forais réasúnacha amhrais ann go ndéantar aon fhaisnéis nó taifid, leabhair nó cuntais (cibé acu a choimeádtar de lámh iad nó ar shlí eile) nó aon doiciméid eile a theastóidh ó chigire faoin alt seo, a choinneáil in aon áitreabh nó in aon chuid d'aon áitreabh, agus

(ii) gur coiscedh cigire, le linn feidhmeanna faoi *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, ó dhul isteach san áitreabh nó in aon chuid de,

nó

(b) gur gá don chigire dul isteach i dteaghais phríobháideach, agus aon cheann dá chumhachtaí nó dá cumhachtaí faoin alt seo a fheidhmiú inti,

barántas a eisiúint lena n-údaraitear don chigire, agus daoine eile ina theannta nó ina teannta, más gá, aon tráth nó tráthanna laistigh de 30 lá ón dáta a eiseofar an barántas, agus ar an mbarántas a thabhairt ar aird má iarrtar amhlaidh air nó uirthi é, dul isteach, le forneart réasúnach más gá, san áitreabh nó sa chuid den áitreabh lena mbaineann, agus gach ceann nó aon cheann de na feidhmeanna sin a chomhlíonadh.

(15) Chun críocha imscrúdú, féadfaidh cigire, más cuí leis nó léi déanamh amhlaidh, dá dheoin nó dá deoin féin, nó ar iarratas ón gceadúnaí a mbaineann an t-imscrúdú leis nó léi, éisteach ó bhéal a sheoladh.

(16) Beidh éifeacht le *Cuid 1* de *Sceideal 3* chun críocha éisteach ó bhéal dá dtagraítear i *bhfo-alt (15)*.

(17) Faoi réir *fho-alt (12)*, aon duine—

(a) a choimeádann siar, a dhíothaíonn nó a cheileann aon fhaisnéis nó aon taifid, leabhair nó cuntais (cibé acu a choimeádtar de lámh iad nó ar shlí eile) nó doiciméid eile a theastóidh chun críocha imscrúdú, nó a dhiúltaíonn an céanna a sholáthar,

(b) a mhainníonn nó a dhiúltaíonn aon cheanglas de chuid cigire faoin alt seo a chomhlíonadh, nó

(c) a choisceann nó a bhacann cigire, ar shlí eile, le linn dó nó di feidhmeanna arna bhforchur faoin Acht seo a chomhlíonadh,

tá sé nó sí ciontach i gcion agus dlítear—

- (i) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (ii) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó na €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(18) Faoi réir *fho-alt (19)*, i gcás ina gciontófar ceadúnaí go hachomair i gcion faoi *fho-alt (17)*, féadfaidh an chúirt a ordú, tar éis di féachaint do chineál an chiona agus do na himthosca ina ndearnadh an cion, go ndéanfar an ceadúnas a shealbhaíonn an ceadúnaí a chúlghairm agus go dtóirmiscfear ar an iarcheadúnaí (ar féidir gur toirmeasc buan, toirmeasc ar feadh tréimhse sonraithe nó toirmeasc faoi réir coinníollacha sonraithe a bheidh ann) iarratas a dhéanamh ar aon cheadúnas nua nó ar aicme áirithe ceadúnais nua.

(19) Ní bheidh éifeacht le hordú faoi *fho-alt (18)*—

- (a) go dtí go mbeidh an gnáth-am chun achomharc a thionscnamh i gcoinne an chiontaithe lena mbaineann nó an ordaithe imithe in éag gan aon achomharc den sórt sin a bheith tionscanta,
- (b) go dtí go mbeidh an t-achomharc sin tarraingthe siar nó tréigthe, nó
- (c) ar aon achomharc den sórt sin, go dtí go seasfar leis an gciontú nó leis an ordú, de réir mar a bheidh.

(20) Faoi réir *fho-alt (21)*, i gcás ina gciontófar ceadúnaí ar díotáil i gcion faoi *fho-alt (17)*, ordóidh an chúirt go ndéanfar na ceadúnais go léir a shealbhaíonn an ceadúnaí a chúlghairm agus go dtóirmiscfear go buan ar an iarcheadúnaí iarratas a dhéanamh ar aon cheadúnas nua.

(21) Ní bheidh éifeacht le hordú faoi *fho-alt (20)*—

- (a) go dtí go mbeidh an gnáth-am chun achomharc a thionscnamh i gcoinne an chiontaithe lena mbaineann imithe in éag gan aon achomharc den sórt sin a bheith tionscanta,
- (b) go dtí go mbeidh aon achomharc den sórt sin tarraingthe siar nó tréigthe, nó
- (c) ar aon achomharc den sórt sin, go dtí go seasfar leis an gciontú.

(22) San alt seo, foláionn “taifid, leabhair nó cuntais” cóipeanna de thaifid, de leabhair nó de chuntais.

Cosaint do dhaoine a thuairiscíonn iompar míchuí, etc.

67.—(1) Aon duine a bheadh, ar leith ón alt seo, faoi dhliteanas amhlaidh, ní bheidh sé nó sí faoi dhliteanas maidir le damáistí i leith a thuairim nó a tuairim a chur in iúl don Údarás, cibé acu i scríbhinn nó ar shlí eile, go bhféadfaidh sé go raibh nó go bhfuil ceadúnaí ag gabháil d'aon iompar míchuí, nó go bhféadfaidh sé go bhfuil sárú ar fhoráil den Acht seo nó de rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo déanta nó á dhéanamh ag duine seachas ceadúnaí, mura rud é—

- (a) le linn a thuairim nó a tuairim a chur in iúl don Údarás, go ndearna sé nó sí amhlaidh—

(i) agus a fhios aige nó aici í a bheith bréagach, míthreorach, suaibhreasach nó cráiteach, nó

(ii) agus é nó í meargánta i dtaobh í a bheith bréagach, míthreorach, suaibhreasach nó cráiteach,

nó

(b) i dtaca lena thuairim nó lena tuairim a chur in iúl don Údarás, gur thug sé nó sí faisnéis ab eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach.

(2) Déanfar an tagairt i bhfo-alt (1) do dhliteanas maidir le damáistí a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt do dhliteanas i leith aon chineáil eile faoisimh.

(3) Aon duine a dhéanann faoi *fho-alt (1)*, agus a fhios aige nó aici é a bheith bréagach, a chur in iúl go bhféadfaidh sé go raibh nó go bhfuil ceadúnaí ag gabháil d'aon iompar míchuí, nó go bhféadfaidh sé go bhfuil sárú ar fhoráil den Acht seo nó de rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo déanta nó á dhéanamh ag duine seachas ceadúnaí, tá sé nó sí ciontach i gcion.

(4) Is fo-alt é *fo-alt (1)* i dteannta, agus ní fo-alt é in ionad, aon phribhléide nó cosanta atá ar fáil in imeachtaí dlí, de bhua aon fhorála reachtúla nó rialach dlí atá i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, i leith duine do chur tuairime den chineál dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* in iúl do dhuine eile (cibé acu an tÚdarás nó nach é).

(5) Ní dhéanfaidh fostóir fostaí a phionósú ná pionósú a bhagairt i gcoinne fostaí, nó ní chuirfidh sé nó sí faoi deara go ndéanfaidh aon duine eile, nó ní ligfidh sé nó sí d'aon duine eile, fostaí a phionósú nó pionósú a bhagairt i gcoinne fostaí—

(a) mar gheall ar theacht ar thuairim den chineál dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* agus í a chur in iúl, cibé acu i scríbhinn nó ar shlí eile, don Údarás, mura rud é—

(i) le linn a thuairim nó a tuairim a chur in iúl don Údarás, go ndearna an fostaí amhlaidh—

(I) agus a fhios aige nó aici í a bheith bréagach, míthreorach, suaibhreasach nó cráiteach, nó

(II) agus é nó í meargánta i dtaobh í a bheith bréagach, míthreorach, suaibhreasach nó cráiteach,

nó

(ii) i dtaca lena thuairim nó lena tuairim a chur in iúl don Údarás, gur thug an fostaí faisnéis ab eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach.

nó

(b) mar gheall ar fhógra a thabhairt go bhfuil sé ar intinn aige nó aici an rud dá dtagraítear i *mír (a)* a dhéanamh.

(6) Beidh éifeacht le *Scideal 4* chun críocha *fho-alt (5)*.

(7) Aon fhostóir a sháraíonn *fo-alt* 5, tá sé nó sí ciontach i gcion.

(8) Aon duine atá ciontach i gcion faoi *fho-alt* (3) nó (7), dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon a chur air nó uirthi.

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó na €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(9) Aon duine a dhéanann, agus é nó í faoi scrúdú faoi mhionn a bheidh údaraithe faoi *mhír 3(1)* de *Sceideal 4*, aon ráiteas go toiliúil atá ábhartha chun na críche sin agus is eol don duine a bheith bréagach nó nach greideann an duine a bheith fíor, tá sé nó sí ciontach i gcion, agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(10) Beidh duine dá mbeidh fógra faoi *mhír 3(2)* de *Sceideal 4* tugtha agus a dhiúltaíonn nó a fhaillíonn go toiliúil freastal de réir an fhógra nó a dhiúltaíonn, ar fhreastal dó nó di amhlaidh, fianaise a thabhairt nó a dhiúltaíonn nó a mhainníonn go toiliúil aon doiciméad lena mbaineann an fógra a thabhairt ar aird, tá sé nó sí ciontach i gcion agus dlítear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme A a chur air nó uirthi.

(11) Aon doiciméad a airbheartaíonn a bheith sínithe ag cathaoirleach na Cúirte Oibreachais, nó ag leaschathaoirleach de chuid na Cúirte Oibreachais, á rá—

(a) gur ceanglaíodh, trí fhógra faoi *mhír 3(2)* de *Sceideal 4*, ar dhuine atá ainmnithe sa doiciméad, freastal os comhair na Cúirte Oibreachais lá agus tráth agus in áit a shonraítear sa doiciméad, chun fianaise a thabhairt nó doiciméad a thabhairt ar aird, nó an dá rud sin a dhéanamh,

(b) gur tionóladh suí den Chúirt Oibreachais an lá sin agus an tráth sin agus san áit sin, agus

(c) nár fhreastail an duine os comhair na Cúirte Oibreachais de bhun an fhógra nó, de réir mar a bheidh, ar fhreastal dó nó di amhlaidh, gur dhiúltaigh an duine fianaise a thabhairt nó gur dhiúltaigh nó gur mhainnigh an duine go toiliúil an doiciméad a thabhairt ar aird,

beidh sé, in ionchúiseamh an duine faoi *fho-alt* (10), ina fhianaise ar na nithe a déarfair, gan a thuilleadh cruthúnais, mura suífear a mhalairt.

(12) Chun críocha an ailt seo, folaíonn tagairt do “dífhostú”—

(a) dífhostú de réir bhrí na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007, agus

(b) dífhostú arna dhéanamh go hiomlán nó go páirteach chun nach measfar gur conradh d'fhad éiginnte faoi alt 9(3) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003 conradh téarma shocraithe nó arna dhéanamh i ndáil leis an gcríoch sin.

(13) Ní fhorléireofar *míreanna* (a), (c), (d), (e) ná (f) den mhíniú ar ‘pionósú’ i *bhfo-alt* (14) ar shlí lena gcoiscfear ar fhostóir—

- (a) a chinntiú go seolfar an gnó lena mbaineann ar mhodh éifeachtúil, nó
- (b) aon ghníomh a dhéanamh a bhfuil gá leis ar chúiseanna eacnamaíochta, teicniúla nó eagraíochtúla.

(14) San alt seo—

ciallaíonn “conradh fostaíochta” conradh fostaíochta nó seirbhíse nó printíseachta, cibé acu is conradh sainráite nó intuigthe é agus, i gcás é a bheith sainráite, cibé acu is conradh ó bhéal nó i scríbhinn é;

ciallaíonn “fostaí” duine a bhfuil conradh fostaíochta déanta aige nó aici nó a oibríonn faoi chonradh fostaíochta (nó, i gcás deireadh a bheith leis an bhfostaíocht, a rinne conradh fostaíochta nó a d’oibrigh faoi chonradh fostaíochta), agus, i ndáil le fhostóir, déanfar tagairtí d’fhostaí a fhorléiriú mar thagairtí d’fhostaí atá ar fostú ag an bhfostóir sin;

ciallaíonn “fhostóir”, i ndáil le fostaí, an duine lena bhfuil conradh fostaíochta déanta ag an bhfostaí nó dá n-oibríonn an fostaí faoi chonradh fostaíochta (nó, i gcás deireadh a bheith leis an bhfostaíocht, lena ndearna an fostaí conradh fostaíochta nó dár oibrigh an fostaí faoi chonradh fostaíochta), agus foláíonn sé—

- (a) duine (seachas fostaí de chuid an duine sin) ar faoina urláimh nó faoina hurláimh agus faoina threorú nó faoina threorú a oibríonn fostaí, agus
- (b) más cuí, comharba an fhostóra nó fhostóir comhlachaithe de chuid an fhostóra;

ciallaíonn “pionósú” aon ghníomh nó neamhghníomh ag fhostóir, nó ag duine atá ag gníomhú thar ceann fhostóra, a dhéanann dífeall d’fhostaí, chun a aimhleasa nó a haimhleasa, maidir le haon téarma nó coinníoll dá fhostaíocht nó dá fostaíocht, agus, gan dochar do ghinearálacht an mhéid sin roimhe seo, foláíonn sé—

- (a) fionraí, asleagan nó dífhostú,
- (b) fionraí, asleagan nó dífhostú a bhagairt,
- (c) céim síos a thabhairt d’fhostaí, nó deis ar ardú céime a cheilt ar fhostaí,
- (d) dualgais a aistriú, láthair na háite oibre a athrú, laghdú ar phá nó athrú ar uaireanta oibre,
- (e) aon araíonacht, aon iomardú nó aon phionós eile (lena n-áirítear pionós airgid) a fhorchur nó a chur ar fhostaí,
- (f) cóir éagórach, lena n-áirítear roghnú le haghaidh iomarcaíochta,
- (g) comhéigean, imeaglú nó ciapadh,
- (h) idirdhealú, míbhuntáiste nó cóir dhochrach,
- (i) díobháil, damáiste nó cailteanas, agus

(j) bagairtí díoltais.

Bearta a bheidh le déanamh ag an gcigire agus ag an Údarás ar an imscrúdú a chríochnú.

68.—(1) Faoi réir *fho-alt (3)*, i gcás ina mbeidh imscrúdú críochnaithe ag cigire, déanfaidh an cigire, a luaithe is indéanta tar éis breithniú a dhéanamh, a mhéid a bheidh siad iomchuí maidir leis an imscrúdú, ar aon fhaisnéis nó aon taifid, aon leabhair nó aon chuntais (cibé acu a choimeádtar de lámh iad nó ar shlí eile) nó ar dhoiciméid eile arna soláthar don chigire de bhun aon cheanglais faoi *alt 66*, ar aon ráiteas arna dhéanamh, nó ar aon admháil arna déanamh, ag aon duine de bhun aon cheanglais faoin alt sin, ar aon aighneachtaí arna ndéanamh agus aon fhianaise arna tabhairt (cibé acu ag éisteacht ó bhéal dá dtagraítear in *alt 66(15)* nó ar shlí eile)—

(a) dréacht den tuarascáil ar imscrúdú a ullmhú, agus

(b) na nithe seo a leanas a thabhairt don ceadúnaí lena mbaineann an t-imscrúdú agus, más rud é gur eascair an t-imscrúdú de dhroim gearán a fháil, don ghearánach—

(i) cóip den dréacht den tuarascáil ar imscrúdú,

(ii) cóip den alt seo, agus

(iii) fógra i scríbhinn ina luafar go bhféadfaidh an ceadúnaí agus an gearánach (más ann) araon, tráth nach déanaí ná 30 lá ón dáta a fuair siad faoi seach an fógra, nó cibé tréimhse bhreise nach faide ná 30 lá a cheadóidh an cigire, aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh chuig an gcigire maidir leis an dréacht den tuarascáil ar imscrúdú.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, maidir le cigire a mbeidh *fo-alt (1)* comhlíonta aige nó aici tar éis imscrúdú a chríochnú, déanfaidh sé nó sí, a luaithe is indéanta—

(a) tar éis dul in éag don tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(b)(iii)*, agus

(b) tar éis dó nó di—

(i) breithniú a dhéanamh ar na haighneachtaí (más ann) dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(b)(iii)* agus a rinneadh roimh dhul in éag don tréimhse sin maidir leis an dréacht den tuarascáil ar imscrúdú lena mbaineann, agus

(ii) aon athmheasanna a dhéanamh ar an dréacht den tuarascáil ar imscrúdú is gá i dtuairim an chigire tar éis an bhreithnithe sin,

an fhoirm chríochnaitheach den tuarascáil ar imscrúdú a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Údaráis fara aon aighneachtaí den sórt sin a bheidh i gceangal leis an tuarascáil.

(3) I gcás ina luafaidh cigire, cibé acu i ndrúacht den tuarascáil ar imscrúdú nó san fhoirm chríochnaitheach den tuarascáil ar imscrúdú, gur deimhin leis nó léi go raibh nó go bhfuil an ceadúnaí lena mbaineann an t-imscrúdú ag gabháil d'iompar míchuí, ní dhéanfaidh an cigire aon mholadh, ná ní nochtfaidh sé nó sí aon tuairim, sa tuarascáil maidir leis an mion-smachtbhanna nó an mór-smachtbhanna a mheasann sé nó sí ba chóir a fhorchur ar an

gceadúnaí i leith an iompair mhíchuí sin i gcás inar deimhin leis an Údarás freisin go raibh nó go bhfuil an ceadúnaí ag gabháil d'iompar míchuí.

(4) Faoi réir *fho-alt (5)*, i gcás ina mbeidh breithniú déanta ag an Údarás ar thuarascáil ar imscrúdú (agus aon aighneachtaí a bheidh i gceangal léi) arna cur faoina bhráid de bhun *fho-alt (2)*—

(a) más deimhin leis an Údarás go raibh nó go bhfuil an ceadúnaí lena mbaineann an t-imscrúdú ag gabháil d'iompar míchuí, déanfaidh sé, faoi réir *fho-alt (8)* agus *(10)* agus *alt 69*—

(i) mion-smachtbhanna a fhorchur ar an gceadúnaí, nó

(ii) mór-smachtbhanna a fhorchur ar an gceadúnaí,

de réir mar is cuí leis in imthosca an cháis,

(b) mura deimhin leis an Údarás go raibh nó go bhfuil an ceadúnaí lena mbaineann an t-imscrúdú ag gabháil d'iompar míchuí ach i gcás gurb é a thuairim gur gá imscrúdú breise a dhéanamh ar an gceadúnaí, cuirfidh sé faoi deara go ndéanfar an t-imscrúdú breise de bhun a chumhachtaí faoi *alt 65(1)*,

(c) mura deimhin leis an Údarás go raibh nó go bhfuil an ceadúnaí lena mbaineann an t-imscrúdú ag gabháil d'iompar míchuí agus murab é a thuairim gur gá imscrúdú breise a dhéanamh ar an gceadúnaí, agus más rud é gur eascair an t-imscrúdú as gearán, déanfaidh sé an gearán a dhíbhe.

(5) I gcás ina mbeidh breithniú déanta ag an Údarás ar thuarascáil ar imscrúdú (agus aon aighneachtaí a bheidh i gceangal léi) arna cur faoina bhráid de bhun *fho-alt (2)*, féadfaidh an tÚdarás, más dóigh leis gur cuí déanamh amhlaidh chun cuidiú leis breith a thabhairt faoi *fho-alt (4)*, nó chun nósanna imeachta córa a urramú, chun na geríoch sin—

(a) éisteacht ó bhéal a sheoladh, nó

(b) na nithe seo a leanas a thabhairt don cheadúnaí lena mbaineann an t-imscrúdú áirithe agus, más rud é gur eascair an t-imscrúdú de dhroim gearán a fháil, don ghearánach—

(i) cóip den tuarascáil ar imscrúdú, agus

(ii) fógra i scríbhinn ina luafar go bhféadfaidh an ceadúnaí agus an gearánach (más ann) araon, tráth nach déanaí ná 30 lá ón dáta a fuair siad faoi seach an fógra, nó cibé tréimhse bhreise nach faide ná 30 lá a cheadóidh an tÚdarás, aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh chuig an Údarás maidir leis an tuarascáil ar imscrúdú.

(6) Beidh éifeacht le *Cuid 2 de Sceideal 3* chun críocha éisteacht ó bhéal dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)(a)*.

(7) A luaithe is indéanta tar éis breith a thabhairt faoi *fho-alt (4)*, tabharfaidh an tÚdarás fógra i scríbhinn faoin mbreith agus na

cúiseanna leis an mbreith don cheadúnaí lena mbaineann an t-imscrúdú áirithe agus, má bhíonn feidhm ag *fo-alt (4)(a)* i gcás an cheadúnaí sin, leagfaidh sé amach san fhógra sin—

- (a) an mion-smachtbhanna nó an mór-smachtbhanna a fhorchuirtear ar an gceadúnaí as an iompar míchuí a shonrófar san fhógra agus ar deimhin leis an Údarás ina leith amhail dá dtagraítear san fho-alt sin, agus
- (b) na cúiseanna leis an mion-smachtbhanna nó an mór-smachtbhanna sin, de réir mar a bheidh, a fhorchur.

(8) I gcás ina mbeidh feidhm ag *fo-alt (4)(a)* i gcás ceadúnaí, déanfaidh an tÚdarás, le linn dó breith a thabhairt maidir leis an mion-smachtbhanna nó an mór-smachtbhanna a bheidh le forchur ar an gceadúnaí, na nithe dá dtagraítear in *alt 73* a chur i gcuntas.

(9) I gcás ina mbeidh feidhm ag *fo-alt (4)* i gcás imscrúdú a d'eascair as gearán, déanfaidh an tÚdarás cóip den fhógra faoi *fho-alt (7)* a thugtar nó atá le tabhairt don cheadúnaí lena mbaineann an t-imscrúdú a thabhairt don ghearánach an tráth céanna a thugtar an fógra don cheadúnaí nó a luaithe is indéanta dá éis sin.

(10) Ní fhorchuirfidh an tÚdarás mór-smachtbhanna ar cheadúnaí faoi *fho-alt (4)(a)* más éard é an t-aon iompar míchuí ag an gceadúnaí ar deimhin leis an Údarás ina leith go rabhthas nó go bhfuiltear ag gabháil dó, iompar míchuí a thagann faoi réim *mhír (c)* den mhíniú ar “iompar míchuí” in *alt 2(1)*.

Ní mór daingniú a fháil ón Ard-Chúirt sula dtiocfaidh breith faoi *alt 68(4)(a)* mór-smachtbhanna a fhorchur, in éifeacht.

69.—Faoi réir *alt 64*, ní thiocfaidh breith faoi *alt 68(4)(a)* mór-smachtbhanna a fhorchur ar cheadúnaí in éifeacht mura mbeidh an bhreith daingnithe ag an Ard-Chúirt faoi *alt 70(3)* nó *71(2)*.

Achomharc chun na hArd-Chúirte i gcoinne breithe mór-smachtbhanna a fhorchur.

70.—(1) Féadfaidh ceadúnaí is ábhar do bhreith faoi *alt 68(4)(a)* ag an Údarás mór-smachtbhanna a fhorchur ar an gceadúnaí, tráth nach déanaí ná 30 lá ón dáta a fuair an ceadúnaí an fógra faoi *alt 68(7)* i dtaobh na breithe, achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte i gcoinne na breithe.

(2) Féadfaidh an Ard-Chúirt, ar achomharc ag ceadúnaí faoi *fho-alt (1)* a éisteacht, aon fhianaise a thabharfar ar aird nó aon argóint a dhéanfar a bhreithniú, cibé acu is chuig cigire nó chuig an Údarás a thabharfar ar aird í nó a dhéanfar í, nó nach ea.

(3) Faoi réir *fho-alt (4)*, féadfaidh an Ard-Chúirt, ar achomharc ag ceadúnaí faoi *fho-alt (1)* a éisteacht—

- (a) (i) an bhreith is ábhar don achomharc a dhaingniú, nó
- (ii) an bhreith sin a chealú agus cibé breith eile is cuí leis an gCúirt a chur ina hionad, ar féidir gur breith í—
- (I) ceachtar de na nithe seo a leanas nó iad araon a dhéanamh:
 - (A) mór-smachtbhanna éagsúil a fhorchur ar an gceadúnaí;

(B) mion-smachtbhanna a fhorchur ar an gceadúnaí,

nó

(II) gan mór-smachtbhanna ná mion-smachtbhanna a fhorchur ar an gceadúnaí,

agus

(b) cibé acu atá *mír (a)(i)* nó *(ii)* infheidhme, cibé ordú maidir le costais a dhéanamh a mheasfaidh sí is cuí i leith an achomhairc.

(4) Déanfaidh an Ard-Chúirt, chun críocha *fho-alt (3)(a)(i)* nó *(ii)(I)*, na nithe dá dtagraítear in *alt 73* a chur san áireamh.

71.—(1) I gcás nach ndéanann ceadúnaí, laistigh den tréimhse a cheadaítear faoi *alt 70(1)*, achomharc chun na hArd-Chúirte i gcoinne breithe faoi *alt 68(4)(a)* ag an Údarás mór-smachtbhanna a fhorchur ar an gceadúnaí, déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is indéanta tar éis don tréimhse sin dul in éag agus iar bhfógra don cheadúnaí, iarratas ar mhodh achomair chun na hArd-Chúirte chun an bhreith a dhaingniú.

Iarratas chun na hArd-Chúirte chun breith mór-smachtbhanna a fhorchur, a dhaingniú.

(2) Déanfaidh an Ard-Chúirt ar iarratas faoi *fho-alt (1)* a éisteacht, an bhreith faoi *alt 68(4)(a)* is ábhar don iarratas a dhaingniú, mura measfaidh an Chúirt go bhfuil cúis mhaith ann gan déanamh amhlaidh.

72.—(1) Is breith chríochnaitheach breith na hArd-Chúirte ar achomharc faoi *alt 70(1)* nó iarratas faoi *alt 71(1)* ach amháin go bhféadfaidh an tÚdarás nó an ceadúnaí is ábhar don bhreith le cead na Cúirte nó na Cúirte Uachtaraí achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe chun na Cúirte Uachtaraí ar cheist shonraithe dlí.

Forálacha d'fhorlíonadh *ailt 70* agus *71*.

(2) I gcás go ndéanfaidh an Ard-Chúirt breith faoi *alt 70 (3)* nó *71(2)* a dhaingniú nó a thabhairt, déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is indéanta tar éis an bhreith a dhaingniú nó a thabhairt, de réir mar a bheidh, fógra i scríbhinn faoin mbreith a thabhairt don cheadúnaí is ábhar don bhreith, agus má dhéantar foráil leis an mbreith maidir le mór-smachtbhanna a fhorchur ar an gceadúnaí is mór-smachtbhanna a thiocfaidh faoi réim *mhír (b)* den mhíniú ar “mór-smachtbhanna” in *alt 2 (1)*, sonrú san fhógra an lá a bheidh an tréimhse iomchuí dá dtagraítear sa mhír sin le tosú, ar lá é nach tús ná 7 lá ón dáta a dhaingneofar nó a thabharfar an bhreith, de réir mar a bheidh.

(3) Aon cheadúnas a fhionraítear de bhun breithe arna daingniú nó arna thabhairt ag an Ard-Chúirt faoi *alt 70(3)* nó *71(2)*, ní bheidh sé i bhfeidhm le linn thréimhse a fhionraí.

(4) Comhlíonfaidh duine ar cúlghaireadh nó ar fionraíodh a cheadúnas nó a ceadúnas de bhun breithe arna daingniú nó arna thabhairt ag an Ard-Chúirt faoi *alt 70(3)* nó *71(2)* aon ordacháin ón Údarás a thugtar don duine maidir leis an gceadúnas nó aon dúblaigh den cheadúnas a ghéilleadh nó a ghéilleadh go sealadach.

(5) Aon duine a dhéanann, gan leithscéal réasúnach, ordachán dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* a shárú, tá sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme A nó

príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(6) Féadfaidh an tÚdarás aon mhéid a bheidh dlite agus ag dul don Údarás nó don Chiste de bhun breithe arna daingniú nó arna tabhairt ag an Ard-Chúirt faoi *alt 70(3)* nó *71(2)* a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla ón duine ag a bhfuil sé infoctha.

(7) Déanfar na híocaíochtaí go léir a dhéantar leis an Údarás d'aon mhéid atá dlite don Údarás de bhun breithe arna daingniú nó arna tabhairt ag an Ard-Chúirt faoi *alt 70(3)* nó *71(2)*, a íoc isteach sa Státchiste nó a dhiúscairt ar mhaithe leis an Státchiste ar cibé modh a ordóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(8) I gcás gur eascair imscrúdú as gearán, déanfaidh an tÚdarás cóip d'fhógra a thugtar nó atá le tabhairt faoi *fho-alt (2)* do cheadúnaí, a thabhairt don ghearánach an tráth céanna a thugtar an fógra don cheadúnaí nó a luaithe is indéanta dá éis sin.

Nithe a bheidh le breithniú le linn na smachtbhannaí a bheidh le forchur a chinneadh.

73.—Le linn don Údarás nó don Ard-Chúirt, de réir mar is cuí, breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas—

- (a) an mion-smachtbhanna nó an mór-smachtbhanna a bheidh le forchur ar cheadúnaí de bhun *alt 68(4)(a)*,
- (b) an mion-smachtbhanna (más ann) nó an mór-smachtbhanna (más ann) a bheidh le forchur ar cheadúnaí de bhun breithe arna daingniú nó arna tabhairt faoi *alt 70(3)* nó *71(2)*,

déanfaidh sé nó sí imthosca an iompair mhíchuí lena mbaineann a chur i gcuntas (lena n-áirítear na tosca ba chionsiocair leis) agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, féadfaidh sé nó sí aird a thabhairt ar an méid seo a leanas—

- (i) an gá atá ann a chinntiú maidir le haon smachtbhanna a fhorchuirfead—
 - (I) gur smachtbhanna cuí é agus go mbeidh sé i gcomhréir leis an iompar míchuí, agus
 - (II) más infheidhme, go mbeidh sé ina dhreasú leordhóthanach chun a chinntiú nach mbeifear ag gabháil d'aon iompar míchuí dá shamhail san am atá le teacht,
- (ii) tromchúis an iompair mhíchuí,
- (iii) ioncam an cheadúnaí sa bhliain airgeadais ar críoch di sa bhliain roimh an mbliain ina rabhthas ag gabháil don iompar míchuí go deireanach agus cumas an cheadúnaí méid a íoc a thagann faoi réim *mhír (c), (d), (e)* nó *(f)* den mhíniú ar “mór-smachtbhanna” in *alt 2(I)*,
- (iv) a mhéid a mhainnigh an cheadúnaí comhoibriú leis an imscrúdú lena mbaineann ar an gceadúnaí,
- (v) aon leithscéal nó míniú ón gceadúnaí mar gheall ar an iompar míchuí nó ar an mainneachtain comhoibriú leis an imscrúdú lena mbaineann,

- (vi) aon ghnóchan (is gnóchan airgeadais nó de chineál eile) a rinne an ceadúnaí nó aon duine a bhfuil leas airgeadais ag an gceadúnaí ann nó inti de dhroim an iompair mhíchuí,
- (vii) méid aon chaillteanais a fulaingíodh nó aon chostas a tabhaíodh de dheasca an iompair mhíchuí,
- (viii) an fad a rabhthas ag gabháil don iompar míchuí,
- (ix) an ceadúnaí do ghabháil go leantach d'iompar míchuí,
- (x) más infheidhme, an ceadúnaí do leanúint den iompar míchuí tar éis dó nó di fógra a fháil faoin imscrúdú lena mbaineann,
- (xi) i gcás fostóra seirbhísí maoine, a mhéid arbh eol don fhostóir nó ar chóir gurbh eol don fhostóir go rabhthas ag gabháil don iompar míchuí,
- (xii) más infheidhme, easnamh, mí-éifeachtacht nó teip leantach sásraí inmheánacha nó nósanna imeachta an cheadúnaí arb é is cuspóir dóibh cosc a chur le hiompar míchuí,
- (xiii) más infheidhme, méid agus tráthúlacht aon bheart a rinneadh chun deireadh a chur leis an iompar míchuí agus aon bheart a rinneadh chun iarmhairtí an iompair mhíchuí a leigheas,
- (xiv) cibé acu a rinne cúirt, an tÚdarás nó duine eile smachtbhanna a fhorchur cheana ar an gceadúnaí maidir le hiompar míchuí den tsamhail chéanna, agus
- (xv) aon fhasaigh a bheidh leagtha síos ag cúirt, ag an Údarás nó ag duine eile i leith iompair mhíchuí roimhe sin.

CUID 8

ACHOMHAIRC I gCOINNE BREITHEANNA ÁIRITHE ÓN ÚDARÁS

74.—(1) Tá comhlacht arna bhunú ar a dtabharfar an Bord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine nó, sa Bhéarla, *The Property Services Appeal Board*, chun achomhairc i gcoinne breitheanna áirithe ón Údarás a éisteacht agus a chinneadh.

An Bord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine.

(2) Beidh an Bord Achomhairc neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

(3) Beidh éifeacht le *Sceideal 5* maidir leis an mBord Achomhairc.

(4) Féadfaidh an tAire le rialacháin an táille dá dtagraítear i *mír 15(1)* de *Sceideal 5* a fhorordú.

(5) Aon duine a sháraíonn *mír 9(1)* nó *10(1)* de *Sceideal 5*, tá sé nó sí ciontach i gcion, agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air nó uirthi.

(6) Aon duine a dhiúltaíonn nó a mhainníonn, gan cúis réasúnach, ceanglas faoi *mhír 23(1)(a)* de *Sceideal 5* a chomhlíonadh, beidh sé

Cd.8 A.74 [Uimh. 40.] An tAcht um Sheirbhísí Maoine [2011.]
(Rialáil), 2011.

nó sí ciontach i gcion, agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air nó uirthi.

Achomharc chun na hArd-Chúirte ar cheist dlí. **75.**—(1) Laistigh de 3 mhí ón dáta a chinnfidh an Bord Achomhairc achomharc, féadfaidh aon pháirtí san achomharc, achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar aon cheist dlí a eascraíonn as an gcinneadh.

(2) Féadfaidh an Ard-Chúirt—

(a) an cinneadh a dhaingniú,

(b) é a chur ar ceal,

(c) aon chinneadh eile a dhéanamh a d fhéadfadh an Bord Achomhairc a dhéanamh, nó

(d) an ní a tharchur chun an Bhoird Achomhairc chun go mbreithneofaí tuilleadh é.

(3) Ní féidir achomharc a dhéanamh i gcoinne breithe ón Ard-Chúirt faoin alt seo ach amháin le cead ón Ard-Chúirt.

Breitheanna áirithe ón Údarás do theacht in éifeacht.

76.—Tiocfaidh breith ón Údarás a mbaineann *alt 74* léi in éifeacht ar dhul in éag don tréimhse inar féidir achomharc a dhéanamh ina coinne, mura rud é go ndéantar an t-achomharc a thionscnamh go cuí, agus sa chás sin, beidh an bhreith arna fionraí go dtí go mbeidh toradh ar na himeachtaí achomhairc (lena n-áirítear imeachtaí faoi *alt 75*).

CUID 9

AN CISTE CÚITIMH UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE

An Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine.

77.—(1) Déanfaidh an tÚdarás ciste ar a dtabharfar an Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine (dá ngairtear “an Ciste” san Acht seo) a bhunú, a riaradh agus a chothabháil.

(2) Beidh feidhm ag *Sceideal 6* maidir le riaradh an Chiste.

(3) Beidh aird ag an Údarás, le linn dó na feidhmeanna a thugtar dó faoin alt seo a chomhlíonadh, ar an bprionsabal gur chóir gur mhéid nach lú ná an méid forordaithe an méid iomlán a bheidh chun creidiúna don Chiste (lena n-áirítear luach na n-infheistíochtaí go léir is cuid den Chiste) ar an gcothromdháta ceithre bliana ó bunaíodh an Ciste agus dá éis.

(4) San alt seo, ciallaíonn “méid forordaithe”—

(a) faoi réir *mhír (b)*, €2,000,000,

(b) cibé méid is mó ná sin a fhorordófar le rialacháin a dhéantar faoi *alt 96* chun críocha na míre seo (ar féidir gur méid é is mó ná méid a forordaíodh roimhe sin le rialacháin den sórt sin).

78.—(1) I gcás inar deimhin leis an Údarás go bhfuil caillteanas fulaingthe ag cliant ceadúnaí de dheasca mímhacántachta ar thaobh an cheadúnaí sin, nó de dheasca mímhacántachta ar thaobh aon príomhoifigigh, fostaí nó gníomhaire nó iar-phríomhoifigigh, iarfhostaí nó iarghníomhaire de chuid an cheadúnaí sin, is caillteanas a eascraíonn as soláthar seirbhísí maoine ag an gceadúnaí nó thar ceann an cheadúnaí, ansin, faoi réir fhorálacha an ailt seo, tabharfaidh an tÚdarás deontas don chliant sin as an gCiste.

Cúiteamh i
gcaillteanas de
dheasca
mímhacántachta.

(2) Is éard a bheidh i méid deontais méid is comhionann, i dtuairim an Údaráis, le haisíoc mhéid nó luach an chaillteanais a d'fhulaing an cliant lena mbaineann agus aisíoc na gcostas réasúnach a thabhaigh an cliant ag féachaint leis an gcaillteanas a ghnóthú, mar aon le hús de réir an ráta a bheidh arna shonrú de thuras na huairé faoi alt 26 den *Debtors (Ireland) Act, 1840*, más cuí leis an Údarás é, ar iomlán mhéid nó luach an chaillteanais sin nó ar aon chuid de i leith iomlán na tréimhse nó aon chuid den tréimhse idir an dáta a fulaingíodh an caillteanas agus an dáta a thugtar an deontas, ach damáistí nó aon chineál caillteanais eile de dhroim an cliant a bheith fágtha gan méid nó luach an chaillteanais a fulaingíodh, a eisiamh.

(3) Beidh de rogha ag an Údarás deontas a thabhairt nó diúltú deontas a thabhairt do chliant i leith caillteanais in aon chás inar dóigh leis—

- (a) nach raibh ag an gceadúnaí lena mbaineann, an tráth a fulaingíodh an caillteanas, ceadúnas a bhí i bhfeidhm i leith na seirbhíse maoine lena mbaineann an caillteanas,
- (b) go raibh mímhacántacht nó faillí ann ar thaobh an chliant nó aon duine a bhfuil an cliant sin freagrach ina leith, agus gur chionchúis leis an gcaillteanas an mhímhacántacht nó an fhaillí sin, nó
- (c) gur chionchúis an cliant (lena n-áirítear trí neamhghníomh) le hiompar míchuí ag an gceadúnaí, is iompar míchuí a thagann faoi réim *mhír* (a) nó (b) den mhíniú ar “iompar míchuí” in *alt 2(1)*,

agus, i gcás ina gcinnfidh an tÚdarás deontas a thabhairt in aon chás den sórt sin, beidh de rogha aige gan é a thabhairt ach go feadh méid theoranta.

(4) Féadfar deontas a thabhairt d'ainneoin an ceadúnaí lena mbaineann d'fháil bháis nó do scor de bheith ina cheadúnaí nó ina ceadúnaí tar éis an ghnímh mímhacántachta.

(5) Ní fhéadfar aon deontas a thabhairt i leith caillteanais a slánaíodh ar shlí eile.

(6) (a) Ar aon deontas a thabhairt d'aon chliant de chuid ceadúnaí i leith aon chaillteanais—

(i) beidh seachaíocht ag an Údarás, go feadh mhéid an deontais—

(I) maidir le haon chearta nó leigheasanna a raibh teideal chucu ag an gcliant, mar gheall ar an gcaillteanas, i gcoinne an cheadúnaí nó aon duine eile nó i gcoinne eastát an cheadúnaí sin nó an duine eile sin,

(II) maidir le haon chearta nó leigheasanna a raibh teideal chucu ag an gceadúnaí, nó ag aon phríomhoifigeach, fostaí nó gníomhaire nó iar-phríomhoifigeach, iarfhostaí nó iarghníomhaire de chuid an cheadúnaí, mar gheall ar an gcaillteanas, i gcoinne aon duine eile nó i gcoinne eastát an duine eile sin, agus

(III) maidir leis na cearta agus na leigheasanna eile go léir (más ann) de chuid an chliant sin nó an cheadúnaí sin nó aon phríomhoifigigh, fostaí nó gníomhaire nó iar-phríomhoifigigh, iarfhostaí nó iarghníomhaire de chuid an cheadúnaí i leith an chaillteanais,

agus

(ii) ní bheidh ceart ar bith ag an gcliant faoi imeachtaí féimheachta nó imeachtaí dlí eile nó ar aon slí eile chun aon suim a fháil as sócmhainní an cheadúnaí nó aon phríomhoifigigh, fostaí nó gníomhaire nó iar-phríomhoifigigh, iarfhostaí nó iarghníomhaire de chuid an cheadúnaí i leith an chaillteanais go dtí go mbeidh méid iomlán an deontais aisíochta leis an Údarás.

(b) I mír (a), maidir le tagairtí don cheadúnaí nó d'aon phríomhoifigeach, fostaí nó gníomhaire nó iar-phríomhoifigeach, iarfhostaí nó iarghníomhaire de chuid an cheadúnaí, foláionn siad, i gcás an cheadúnaí sin, an príomhoifigeach, an fostaí nó an gníomhaire sin nó an t-iar-phríomhoifigeach, an t-iarfhostaí nó an t-iarghníomhaire sin d'fháil bháis, d'éirí dócmhainneach nó do theacht faoi dhícháilíocht eile, tagairtí d'ionadaí pearsanta an cheadúnaí sin, an phríomhoifigigh, an fhostaí nó an ghníomhaire sin nó an iar-phríomhoifigigh, an iarfhostaí nó an iarghníomhaire sin nó aon duine eile ag a mbeidh údarás chun eastát an cheadúnaí sin, an phríomhoifigigh, an fhostaí nó an ghníomhaire sin nó an iar-phríomhoifigigh, an iarfhostaí nó an iarghníomhaire sin a riaradh.

(7) Ní thabharfar aon deontas mura bhfaighidh an tÚdarás fógra i scríbhinn i dtaobh an chaillteanais—

(a) san fhoirm shonraithe, agus

(b) laistigh de 12 mhí tar éis don chliant lena mbaineann fios a fháil ar an gcaillteanas.

(8) Féadfaidh an tÚdarás, chun fiosrú a dhéanamh ar aon nithe a d'fhéadfadh difear a dhéanamh maidir le deontas a thabhairt nó a dhiúltú, fianaise a ghlacadh faoi mhionn, agus údaraítear leis seo d'aon chomhalta den Údarás nó don Phríomh-Fheidhmeannach daoine a chur faoin mionn sin.

(9) (a) Féadfar deontas a íoc, de rogha an Údaráis, in aon suim amháin nó i cibé tráthchodanna a chinnfidh an tÚdarás.

(b) Féadfaidh an tÚdarás, más é a thuairim gur gá déanamh amhlaidh ar mhaithe le cobhsaíocht airgeadais an Chiste,

íoc aon deontais nó aon tráthchoda d'aon deontas, a chur siar.

(10) Chun críocha an ailt seo, ní cliant é nó í ceadúnaí, comhpháirtíocht ar comhpháirtí inti an ceadúnaí, nó comhlacht corpraithe atá ar úinéireacht thairbhiúil nó á rialú ag an gceadúnaí sin, de chuid aon cheann díobh seo a leanas—

- (a) an ceadúnaí,
- (b) comhpháirtíocht ar comhpháirtí inti an ceadúnaí,
- (c) comhlacht corpraithe atá ar úinéireacht thairbhiúil nó á rialú ag an gceadúnaí sin.

(11) Féadfaidh an tÚdarás, chun cailteanas a dheimhniú dó féin amhail dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* nó chun a chearta faoi *fho-alt (6)* a chosaint, nó chun an dá chríoch sin, a cheangal ar aon duine gach ceist a fhreagairt, gach doiciméad a fhorfheidhmiú agus gach beart a ghlacadh, is gá, i dtuairim an Údaráis, chun aon chríche acu sin, agus féadfaidh sé a cheangal ar chliant de chuid ceadúnaí a éilfonn gur fhulaing sé nó sí cailteanas dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* aon doiciméad a fhíorú trí mhionnscribhinn.

CUID 10

INNIÚLACHT GHAIRMIÚIL CEADÚNAITHE A CHOTHABHÁIL

79.—(1) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire, foráil a dhéanamh, agus má ordaíonn an tAire dó déanamh amhlaidh agus de réir théarmaí an ordacháin sin, déanfaidh an tÚdarás foráil le rialacháin, tar éis dul i gcomhairle le haon duine nó comhlacht eile is cuí leis an Údarás nó a ordóidh an tAire, maidir le scéim nó scéimeanna oideachais agus oiliúna chun cothabháil leanúnach inniúlachta gairmiúla ceadúnaithe a chinntiú i dtaca le soláthar na seirbhíse maoine nó na haicme seirbhíse maoine a n-údaraítear dóibh lena gceadúnais faoi seach í a sholáthar.

Féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin maidir le scéimeanna inniúlachta gairmiúla.

(2) Maidir le rialacháin a dhéantar faoin alt seo i leith scéime inniúlachta gairmiúla—

- (a) féadfaidh sé a bheith sainráite iontu go bhfuil feidhm acu—
 - (i) maidir le ceadúnaithe ar pearsana aonair iad nó le haicme ceadúnaithe den sórt sin (lena n-áirítear aon cheadúnaithe den sórt sin ar comhpháirtithe i gcomhpháirtíochtaí iad),
 - (ii) maidir le príomhoifigigh ceadúnaithe is comhlachtaí corpraithe nó le haicme de phríomhoifigigh den sórt sin (lena n-áirítear aon cheadúnaithe den sórt sin is comhpháirtithe i gcomhpháirtíochtaí), nó
 - (iii) maidir le haon teaghlaim den chéanna,
- agus
- (b) féadfar foráil a dhéanamh leo maidir leo seo a leanas d'fhorbairt, do bhunú agus d'oibriú na scéime—

Cd.10 A.79 [Uimh. 40.] *An tAcht um Sheirbhísí Maoine* [2011.]
(*Rialáil*), 2011.

- (i) an tÚdarás amháin,
- (ii) an tÚdarás i dteannta comhlachta a shonraítear sna rialacháin, nó
- (iii) comhlacht a shonraítear sna rialacháin faoi shocrú leis an Údarás.

Athbhreithniú ar scéim inniúlachta gairmiúla.

80.—Maidir le scéim inniúlachta gairmiúla—

- (a) déanfaidh an tÚdarás oibriú na scéime a athbhreithniú go tréimhsiúil, agus
- (b) féadfaidh an tÚdarás, tar éis athbhreithniú den sórt sin, moltaí a chur faoi bhráid an Aire maidir leis na bearta a bhféadfadh sé gur gá, i dtuairim an Údaráis, iad a dhéanamh chun oibriú na scéime a fheabhsú.

Dualgas ceadúnaithe chun inniúlacht ghairmiúil a chothabháil.

81.—(1) Déanfaidh ceadúnaí is pearsa aonair (lena n-áirítear ceadúnaí den sórt sin is comhpháirtí i gcomhpháirtíocht) a inniúlacht nó a hinniúlacht ghairmiúil a chothabháil ar bhonn leanúnach de bhun scéime inniúlachta gairmiúla (más ann) is infheidhme maidir leis an gceadúnaí sin.

(2) Déanfaidh ceadúnaí is comhlacht corpraithe (lena n-áirítear ceadúnaí den sórt sin is comhpháirtí i gcomhpháirtíocht) gach beart is cuí chun a chinntiú go gcothabhálfaidh a phríomhoifigigh a n-inniúlacht ghairmiúil ar bhonn leanúnach de bhun scéime inniúlachta gairmiúla (más ann) is infheidhme maidir leis na príomhoifigigh sin.

CUID 11

SEIRBHÍSÍ MAOINE ARNA SOLÁTHAR AG DAOINE ÁIRITHE AS BALLSTÁIT AE

Léiriú ar *Chuid 11* agus *Sceideal 7*.

82.—Sa Chuid seo agus i *Sceideal 7*, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

ciallaíonn “údarás inniúil” aon údarás inniúil de réir bhrí Airteagal 4 de Threoir 2006/123/CE a bhfuil feidhmeanna aige i ndáil le daoine a sholáthraíonn seirbhís a fhreagraíonn go substaintiúil do sheirbhís a thagann faoi réim aon cheann de *mhíreanna (a)* go *(d)* den mhíniú ar “seirbhís maoine” in *alt 2(1)*;

tá le “seirbhís maoine chomhréireach”, i ndáil le duine iomchuí, an bhrí a shanntar dó leis an míniú ar “duine iomchuí”;

ciallaíonn “údarú iomchuí”, i ndáil le duine iomchuí, an ceadúnas nó an fhoirm údaráithe eile dá dtagraítear i *mír (a)* den mhíniú ar “duine iomchuí” agus a shealbhaíonn an duine iomchuí;

ciallaíonn “duine iomchuí” aon duine—

- (a) a shealbhaíonn, ó údarás inniúil, ceadúnas nó foirm údaráithe eile atá i bhfeidhm agus lena n-údaraítear don duine seirbhís (dá ngairtear “an tseirbhís maoine iomchuí” sa mhíniú seo) a sholáthar a fhreagraíonn go substaintiúil do sheirbhís a thagann faoi réim aon cheann de *mhíreanna (a)* go *(d)* den mhíniú ar “seirbhís maoine”

in *alt 2(1)* (dá ngairtear “an tseirbhís maoine chomhréireach” sa mhíniú seo),

- (b) atá, le linn an tseirbhís maoine iomchuí a sholáthar do chliaint (cibé acu laistigh den Stát nó lasmuigh de), faoi réir scéime cosanta do na cliaint sin a fhreagraíonn go substaintiúil d’fhorálacha *Chuid 5*,
- (c) a bheartaíonn an tseirbhís maoine chomhréireach a sholáthar, nó atá ag soláthar na seirbhíse maoine comhréirí, sa Stát, agus
- (d) nach dtairmistear air nó uirthi faoin Acht seo an tseirbhís maoine chomhréireach a sholáthar.

83.—(1) Ní bheidh feidhm ag an Acht seo maidir le duine iomchuí ina cháil nó ina cáil mar dhuine iomchuí ach amháin mar a shonraítear i *bhfo-alt (2)* agus i bhforálacha eile na Coda seo. Feidhm an Achta seo maidir le daoine iomchuí.

(2) Beidh éifeacht leis an Acht seo i ndáil le daoine iomchuí fairis na modhnuithe a shonraítear i *Sceideal 7* agus fara aon mhodhnuithe eile is gá.

(3) Ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní lena n-údarófar do dhuine iomchuí ina cháil nó ina cáil mar dhuine iomchuí seirbhís maoine lena mbaineann an tAcht seo a sholáthar sa Stát seachas an tseirbhís maoine chomhréireach.

84.—(1) Tabharfaidh an tÚdarás fógra don údarás inniúil lena mbaineann i dtaobh na nithe seo a leanas— Caidreamh le húdarás inniúla.

- (a) aon ghníomh a dhéanfaidh an tÚdarás nó an Ard-Chúirt faoi *alt 63, 64, 65(1)* nó *68* i ndáil le duine iomchuí,
- (b) aon ghníomh a dhéanfaidh an tÚdarás nó an Ard-Chúirt faoi *alt 71* nó *72* i ndáil le duine iomchuí,
- (c) duine iomchuí do dhéanamh aon achomhairc faoin Acht seo agus toradh aon achomhairc den sórt sin nó aon imeachtaí dá éis, agus
- (d) aon iompar míchuí a raibh nó a bhfuil an duine iomchuí ag gabháil dó.

(2) Comhoibreoidh agus cuideoidh an tÚdarás le húdarás inniúla d’fhonn comhlíonadh éifeachtach a bhfeidhmeanna faoi seach i ndáil le daoine iomchuí ag an Údarás agus ag na húdarás sin a chur chun cinn.

85.—(1) I gcás ina ndéanfaidh údarás inniúil údarú iomchuí arna eisiúint aige chuig duine iomchuí a chúlghairm nó a fhionraí— An éifeacht a bheidh le húdarú iomchuí duine iomchuí a chúlghairm nó a fhionraí.

- (a) faoi réir *fho-alt (2)*, scoirfidh an Chuid seo agus *Sceideal 7* d’éifeacht a bheith leo i ndáil leis an duine sin, agus
- (b) pléifear leis an duine iomchuí mar dhuine nach sealbhóir ar cheadúnas é nó í,

le héifeacht ó dháta na cúlghairme nó le linn na tréimhse fionraí, de réir mar a bheidh.

(2) Beidh éifeacht le *Sceideal 7* fós i ndáil le duine lena mbaineann *fo-alt (1)* a mhéid a shonraítear sa *Sceideal* sin gur tagairt d'iardhuine iomchuí aon tagairt san Acht seo d'iartheadúnaí.

CUID 12

PRAGHSANNA DÍOLA MAOINE CÓNAITHE AGUS AN BUNACHAR SONRAÍ LÉASANNA TRÁCHTÁLA

Pragsanna díola maoine cónaithe.

86.—(1) Déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is indéanta tar éis thosach feidhme an ailt seo, sonraí i dtaobh pragsanna díola maoine cónaithe sa Stát a fhoilsiú, lena n-áirítear—

- (a) seoladh na maoine,
- (b) an praghas ar ar díoladh an mhaoin, agus
- (c) an dáta a díoladh an mhaoin.

(2) De rogha an Údaráis, féadfaidh sé go mbainfidh na sonraí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, cibé acu i leith na maoine cónaithe go léir sa Stát nó aicme de na maoine sin, le díolacháin maoine a rinneadh thar thréimhse ama, lena n-áirítear tréimhse ama a bheidh caite roimh thosach feidhme an ailt seo.

(3) Cuirfidh an tÚdarás na sonraí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* ar fáil lena n-íniúchadh saor in aisce ag aon duine ar a shuíomh gréasáin Idirlín ar shlí ina mbeidh an mhír den suíomh gréasáin ina mbeidh na sonraí inrochtana go réidh ag daoine den phobal.

An bunachar sonraí léasanna maoine tráchtála.

87.—(1) Déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is indéanta tar éis thosach feidhme an ailt seo, bunachar sonraí a bhainfidh le léasanna maoine tráchtála agus ar a dtabharfar an Bunachar Sonraí Léasanna Tráchtála, a bhunú agus a chothabháil chun críocha an Achta seo.

(2) Is i cibé foirm is cuí leis an Údarás a bheidh an Bunachar Sonraí Léasanna Tráchtála agus beidh na nithe seo a leanas ann i leith gach léasa tráchtála iomchuí a bheidh i bhfeidhm—

- (a) seoladh agus tuairisc na maoine tráchtála is ábhar don léas,
- (b) dáta léas na maoine,
- (c) téarma blianta an léasa,
- (d) an cíós is iníoctha i leith na maoine,
- (e) na sonraí a bheidh curtha ar fáil don Údarás faoi *alt 88* i ndáil leis an maoin, agus
- (f) cibé sonraí eile a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 95* chun críocha na míre seo.

(3) Faoi réir *fho-alt (4)*, de rogha an Údaráis, féadfaidh na sonraí dá bhforáiltear i *míreanna (a)* go *(d)* d'*fho-alt (2)* a bheith sa Bhunachar Sonraí Léasanna Tráchtála i leith léasa maoine tráchtála

d'ainneoin gur roimh thosach feidhme an ailt seo a rinneadh an léas sin.

(4) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt* (3) maidir le léas maoine tráchtála a rinneadh breis agus 5 bliana roimh thosach feidhme an ailt seo.

(5) Cuirfidh an tÚdarás an Bunachar Sonraí Léasanna Tráchtála ar fáil lena iniúchadh ag aon duine, ar an táille iomchuí a íoc—

- (a) ag a phríomhoifig le linn gnáthuaireanta oibre, agus
- (b) ar a shuíomh gréasáin Idirlín ar shlí ina mbeidh an mhír den suíomh gréasáin sin ina mbeidh an Bunachar Sonraí inrochtana go réidh ag an duine sin.

88.—(1) Déanfaidh an tionónta faoi léas tráchtála iomchuí (nó cibé duine eile a bheidh údaraithe ag an tionónta i scríbhinn chun gníomhú thar a cheann nó thar a ceann chun críocha an fho-ailt seo a mhéid a bhaineann sé leis an léas), laistigh den tréimhse iomchuí díreach tar éis an lae a gheobhaidh an tionónta deimhniú stampa, nó a gheofar deimhniú stampa thar a cheann nó thar a ceann, ó na Coimisinéirí Ioncaim i leith an léasa, fógra a thabhairt don Údarás san fhoirm shonraithe ina leagfar amach (i dteannta na sonraí a shonraítear i *míreanna* (a) go (d) *d'alt* 87(2))—

Soláthróidh tionóntaí sonraí don Údarás i dtaobh léasanna tráchtála iomchuí.

- (a) dáta thosach feidhme théarmaí an léasa,
- (b) an chomaoin chaipitiúil (más ann) a bheidh le hÍoc ag an tionónta nó an tiarna talún i leith na maoine tráchtála is ábhar don léas,
- (c) a mhinice a dhéanfar an cíos a athbhreithniú i leith na maoine,
- (d) na sonraí maidir leis an duine atá faoi dhliteanas i leith na rátaí, an árachais, na muirear seirbhíse agus na ndeisiúcháin i leith na maoine
- (e) glan-achar urláir na maoine in aghaidh gach urláir,
- (f) na sonraí (más ann) maidir le tréimhsí saor ó chíos, leis an am feistithe a cheadófar, le liúntais feistithe agus le ranníocaí caipitiúla i leith na maoine,
- (g) na sonraí maidir le haon chlásal scoir sa léas,
- (h) uimhir aitheantais deimhnithe (de réir bhrí rialachán 2 de na Rialacháin Dleachta Stampa (Ríomhstampáil Ionstraimí), 2009 (I.R. Uimh. 476 de 2009)) an deimhnithe stampa sin, agus
- (i) cibé sonraí eile a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh faoi *alt* 95 chun críocha na míre seo.

(2) I gcás ina mbeidh cíos athbhreithnithe arna chinneadh (cibé acu a ardaítear nó a íslítear an cíos nó a fhanann sé mar an gcéanna) i leith léasa tráchtála iomchuí (cibé acu trí chomhaontú nó ar shlí eile), déanfaidh an tionónta faoin léas (nó cibé duine eile a bheidh údaraithe ag an tionónta i scríbhinn chun gníomhú thar a cheann nó thar a ceann chun críocha an fho-ailt seo a mhéid a bhaineann sé leis an léas), laistigh den tréimhse iomchuí díreach tar éis lá an chinnidh,

fógra a thabhairt don Údarás san fhoirm shonraithe ina leagfar amach—

- (a) sonraí an chíosa athbhreithnithe,
- (b) sonraí aon athruithe eile a rinneadh sa léas le linn an athbhreithnithe cíosa nó chun críocha an athbhreithnithe cíosa, agus
- (c) cibé sonraí eile a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 95* chun críocha na míre seo.

(3) I gcás ina scoirfidh tionónta de leas a bheith aige nó aici i maoin tráchtála is ábhar do léas tráchtála iomchuí, déanfaidh an tionónta (nó cibé duine eile a bheidh údaraithe ag an tionónta i scríbhinn chun gníomhú thar a cheann nó thar a ceann chun críocha an fho-ailt seo a mhéid a bhaineann sé leis an scor), laistigh den tréimhse iomchuí díreach tar éis an lae a thiochfaidh an scor in éifeacht, fógra a thabhairt don Údarás san fhoirm shonraithe ag leagan amach sonraí maidir leis an scor (lena n-áirítear an lá a thiochfaidh sé in éifeacht).

(4) Aon fhoráil (cibé slí ina sonrúfar í) de chuid aon chonartha nó comhaontaithe eile arb éard é an cuspóir nó arb í an éifeacht atá léi nochtadh aon cheann de na sonraí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, (2) nó (3), cibé acu don Údarás nó do dhaoine eile nó dóibh araon, a chosc, ní choiscfidh sí nochtadh na sonraí sin don Údarás de réir an ailt seo.

(5) Aon duine a sháraíonn *fo-alt (1)*, (2) nó (3) gan leithscéal réasúnach, tá sé nó sí ciontach i gcion agus dlítear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air nó uirthi.

(6) San alt seo, ciallaíonn “tréimhse iomchuí”—

- (a) an tréimhse a bheidh forordaithe le rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 95* chun críocha an mhínithe seo,
- (b) mura mbeidh aon tréimhse den sórt sin forordaithe amhlaidh de thuras na huaire, 30 lá.

CUID 13

ILGHNÉITHEACH

Daoine seachas ceadúnaithe a imscrúdú.

89.—(1) Déanfaidh an tÚdarás, ar iarraidh ón Aire, nó féadfaidh sé, dá dheoin féin nó ar ghearán arna dhéanamh ag duine den phobal a fháil, a chur faoi deara cibé imscrúdú is cuí leis a dhéanamh i ndáil le haon duine, nach ceadúnáí, a bhfuiltear i ndrochamhras go ndearna nó go ndéanann sé nó sí *alt 28(1)* a shárú.

(2) Chun críocha imscrúdú (neamhceadúnáí), ceapfaidh an tÚdarás cigire, faoi réir cibé téarmaí is cuí leis—

- (a) chun an t-imscrúdú (neamhceadúnáí) a sheoladh, agus
- (b) chun tuarascáil ar imscrúdú (neamhceadúnáí) a chur faoina bhráid tar éis an t-imscrúdú (neamhceadúnáí) a chríochnú.

(3) Féadfaidh an tÚdarás níos mó ná cigire amháin a cheapadh chun imscrúdú (neamhcheadúnaí) a sheoladh ach, in aon chás den sórt sin, ullmhóidh na cigirí a cheapfar amhlaidh an tuarascáil ar imscrúdú (neamhcheadúnaí) lena mbaineann i gcomhpháirt agus déanfar an míniú ar “tuarascáil ar imscrúdú (neamhcheadúnaí)” i *bhfo-alt (8)* agus na forálacha eile den alt seo, fairis na modhnuithe go léir is gá, a fhorléiriú dá réir sin.

(4) Beidh feidhm ag forálacha *alt 66* maidir le himscrúdú (neamhcheadúnaí) mar atá feidhm acu maidir le himscrúdú amhail is—

- (a) dá mba thagairt d’imscrúdú (neamhcheadúnaí) aon tagairt san alt sin d’imscrúdú, agus
- (b) dá mba thagairt don duine lena mbaineann an t-imscrúdú (neamhcheadúnaí) aon tagairt do cheadúnaí (cibé slí ina sonrúfar í) san alt sin,

agus fairis na modhnuithe eile go léir is gá.

(5) I gcás ina mbeidh imscrúdú (neamhcheadúnaí) críochnaithe ag cigire, déanfaidh an cigire, a luaithe is indéanta tar éis breithniú a dhéanamh, a mhéid a bheidh siad iomchuí maidir leis an imscrúdú (neamhcheadúnaí), ar aon fhaisnéis nó aon taifid, ar aon leabhair nó aon chuntais (cibé acu a choimeádtar de láimh iad nó ar shlí eile) nó ar dhoiciméid eile arna soláthar don chigire de bhun aon cheanglais faoi *alt 66* arna léamh le *fo-alt (4)*, ar aon ráiteas arna dhéanamh, nó ar aon admháil arna déanamh, ag aon duine de bhun aon cheanglais faoin alt sin arna léamh amhlaidh, ar aon aighneachtaí arna ndéanamh agus ar aon fhianaise arna tabhairt (cibé acu ag éisteacht ó bhéal dá dtagraítear in *alt 66(15)* nó ar shlí eile), tuarascáil ar imscrúdú (neamhcheadúnaí) a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Údaráis.

(6) I gcás ina mbeidh breithniú déanta ag an Údarás ar thuarascáil ar imscrúdú (neamhcheadúnaí) arna cur faoina bhráid de bhun *fho-alt (5)*—

- (a) más deimhin leis an Údarás go raibh nó go bhfuil *alt 28(1)* á shárú ag an duine lena mbaineann an t-imscrúdú (neamhcheadúnaí), déanfaidh sé, gan dochar do ghinearáltacht *alt 94*, cóip den tuarascáil ar imscrúdú (neamhcheadúnaí) a thabhairt láithreach don Garda Síochána agus don Aire mar aon le fógra i scríbhinn maidir lena bhreith faoin mír seo agus na cúiseanna atá leis an mbreith,
- (b) mura deimhin leis an Údarás go raibh nó go bhfuil *alt 28(1)* á shárú ag an duine lena mbaineann an t-imscrúdú (neamhcheadúnaí) ach i gcás gurb é a thuairim gur gá imscrúdú (neamhcheadúnaí) breise a dhéanamh ar an duine sin, cuirfidh sé faoi deara go ndéanfar an t-imscrúdú (neamhcheadúnaí) breise de bhun a chumhachtaí faoin alt seo,
- (c) mura deimhin leis an Údarás go raibh nó go bhfuil *alt 28(1)* á shárú ag an duine lena mbaineann an t-imscrúdú (neamhcheadúnaí) agus murab é a thuairim gur gá imscrúdú (neamhcheadúnaí) breise a dhéanamh ar an duine, déanfaidh sé, a luaithe is indéanta, fógra i scríbhinn a thabhairt don duine sin á rá—

- (i) nach deimhin leis go raibh nó go bhfuil *alt 28(1)* á shárú ag an duine,
- (ii) nach é a thuairim gur gá imscrúdú (neamhcheadúnaí) breise a dhéanamh ar an duine, agus
- (iii) nach bhfuil *fomhíreanna (i)* agus *(ii)* ina mbac ar aon imscrúdú (neamhcheadúnaí) a sheoladh sa todhchaí i ndáil leis an duine má táthar i ndrochamhras athuair go raibh nó go bhfuil *alt 28(1)* á shárú ag an duine.

(7) I gcás inar deimhin leis an Údarás de réir mar atá luaite i *bhfo-alt (6)(a)*, féadfaidh sé, iar bhfógra don duine lena mbaineann an tuarascáil ar imscrúdú (neamhcheadúnaí) áirithe, urghaire a lorg san Ard-Chúirt á cheangal ar an duine scor de na gníomhaíochtaí ar aithníodh leis an tuarascáil sin agus leis an bhfógra áirithe dá dtagraítear san fho-alt sin gur gníomhaíochtaí iad lena ndearnadh nó lena ndéantar *alt 28(1)* a shárú.

(8) San alt seo—

ciallaíonn “imscrúdú (neamhcheadúnaí)” imscrúdú faoi *fho-alt (1)*;

tá le “tuarascáil ar imscrúdú (neamhcheadúnaí)”, i ndáil le himscrúdú (neamhcheadúnaí) tuarascáil i scríbhinn arna hullmhú, tar éis an t-imscrúdú (neamhcheadúnaí) a chríochnú, ag an gcigire a ceapfar chun an t-imscrúdú (neamhcheadúnaí) a sheoladh—

(a) ina luafar—

(i) gur deimhin leis an gcigire go raibh nó go bhfuil *alt 28(1)* á shárú ag an duine lena mbaineann an tuarascáil, nó

(ii) nach deimhin leis an gcigire amhlaidh,

de réir mar is cuí,

(b) más infheidhme *mír (a)(i)*, ina luafar na forais ar ar deimhin leis an gcigire amhlaidh,

(c) más infheidhme *mír (a)(ii)*, ina luafar—

(i) an bonn ar dá réir nach deimhin leis an gcigire amhlaidh, agus

(ii) tuairim an chigire, ag féachaint don bhonn sin, i dtaobh an gá nó nach gá imscrúdú (neamhcheadúnaí) breise a dhéanamh ar an duine agus, más gá, tuairim an chigire maidir leis na príomhnithe ar cheart go mbainfeadh an t-imscrúdú (neamhcheadúnaí) breise leo.

Forálacha áirithe a bheith ar neamhní.

90.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, aon fhoráil (cibé acu sainráite nó intuigthe) i gcomhaontú i leith talamh a dhíol nó a ligean lena gceanglaítear ar an gceannaitheoir nó ar an tionónta, de réir mar a bheidh, costas tháillí nó chaiteachais an cheadúnaí i leith an díola nó an ligin, de réir mar a bheidh, a íoc nó a iompar ar shlí eile, beidh sí ar neamhní, agus beidh aon airgead a íocadh de bhun forála den sórt sin inghnóthaithe mar fhiach conartha shimplí i gcúirt dlínse inniúla.

(2) Ní dhéanfaidh aon ní i *bhfo-alt (1)* difear do dhliteanas duine táillí nó caiteachais a íoc le ceadúnaí i leith aon talamh a fháil i gcás ina bhfuil an ceadúnaí fostaithe ag an duine leis an talamh sin a fháil agus nach ngníomhaíonn sé nó sí freisin, i leith na fála sin, thar ceann an duine óna bhfaightear an talamh.

91.—(1) Foilseoidh an tÚdarás sonraí, i cibé foirm agus modh agus do cibé tréimhse is cuí leis, maidir leis an méid seo a leanas— Smachtbhannaí a fhoilsíú, etc.

- (a) ciontú aon duine mar gheall ar shárú ar *alt 28(1)*,
- (b) aon bhreith ag an Údarás lena ndiúltaítear ceadúnas a athnuachan,
- (c) fionraí aon cheadúnais faoi *alt 64(2)*, agus
- (d) forchur aon mhór-smachtbhanna ar cheadúnaí de bhun breithe arna daingniú nó arna tabhairt faoi *alt 70(3)* nó *71(2)*.

(2) Féadfaidh an tÚdarás sonraí a fhoilsíú, i cibé foirm agus modh agus do cibé tréimhse is cuí leis, maidir leis an méid seo a leanas—

- (a) forchur aon mhion-smachtbhanna ar cheadúnaí de bhun breithe faoi *alt 68(4)(a)*,
- (b) forchur aon mhion-smachtbhanna ar cheadúnaí de bhun breithe arna tabhairt faoi *alt 70(3)*, nó
- (c) forchur aon mhion-smachtbhanna ar cheadúnaí de bhun cinnidh faoi *mhír 24(1)(a)* nó (c) de *Sceideal 5*.

92.—(1) Aon fhógra a bheidh le tabhairt ag an Údarás nó ag an mBord Achomhairc do dhuine faoin Acht seo, tabharfar don duine é ar aon cheann amháin de na slite seo a leanas: Fógra a fháil.

- (a) trína sheachadadh ar an duine;
- (b) trína fhágáil ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó ag a seolann sé nó sí gnó;
- (c) trína chur leis an bpost cláraithe réamhíoctha nó le haon chineál eile seirbhíse seachadta taifeadta i gclúdach a bheidh dírithe chuig an duine ag an seoladh sin;
- (d) i gcás ina mbeidh seoladh le haghaidh fógraí a sheirbheáil tugtha ag an duine, trína fhágáil ag an seoladh le haghaidh seirbheála den sórt sin nó trína chur leis an bpost cláraithe réamhíoctha nó le haon chineál eile seirbhíse seachadta taifeadta i gclúdach a bheidh dírithe chuig an duine ag an seoladh sin; nó
- (e) i gcás ina measfaidh an tÚdarás nó an Bord Achomhairc gur chóir fógra a thabhairt láithreach, trína chur leis an bpost leictreonach nó trí inneall macasamhla, chuig feiste nó saoráid chun post leictreonach nó macasamhla a ghlacadh atá ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó ag a seolann sé nó sí gnó nó, más rud é go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheáil fógraí tugtha ag an duine, ag an seoladh sin.

(2) Aon fhógra a bheidh le tabhairt ag duine don Údarás nó don Bhord Achomhairc faoin Acht seo, déanfar é a thabhairt don Údarás nó don Bhord Achomhairc, de réir mar a bheidh, ar cheann amháin de na slite seo a leanas:

- (a) trína sheachadadh le linn gnáthuaireanta oifige ar oifig an Údaráis nó an Bhoird Achomhairc, de réir mar a bheidh, agus trína fhágáil ag duine ar dealraitheach gur fostaí leis é nó í;
- (b) trína chur leis an bpost cláraithe réamhíoctha nó le haon chineál seirbhíse seachadta taifeadta i gclúdach a bheidh dírithe chuig an Údarás nó chuig an mBord Achomhairc, de réir mar a bheidh, ag a oifig; nó
- (c) ar cibé modh eile a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 95* chun críocha na míre seo.

(3) Aon fhógra a thabharfar faoi *fho-alt (1)*, measfar é a bheith faighte ag an duine—

- (a) i gcás an phoist chláráithe réamhíoctha, nó i gcás seachadta taifeadta eile, ar an tríd lá oibre tar éis an lae a cuireadh amhlaidh é,
- (b) i gcás an phoist leictreonaigh, nuair a ghinfidh saoráid an tseoltóra chun post leictreonach a ghlacadh teachtaireacht ina ndaingneofar go bhfuarthas an post leictreonach,
- (c) i gcás innill macasamhla, nuair a ghinfidh inneall macasamhla an tseoltóra teachtaireacht ina ndaingneofar gur éirigh leis líon iomlán leathanach an fhógra a tharchur.

(4) Maidir le doiciméid nó faisnéis a cheanglaítear leis an Acht seo, nó faoi, a thabhairt don Údarás nó don Bhord Achomhairc, nó a chur faoi bhráid an chéanna, laistigh de thréimhse shonraithe, measfar, má tá oifig an Údaráis nó an Bhoird Achomhairc, de réir mar a bheidh, dúnta ar an lá deireanach den tréimhse, go bhfuarthas iad nó í roimh dhul in éag don tréimhse más rud é go bhfaightear iad nó í ar an gcéad lá eile dá éis sin a bheidh an oifig ar oscailt.

(5) Chun críocha an ailt seo, meastar gnáthchónaí a bheith ar chuideachta ag a hoifig chláráithe agus gach comhlacht corpraithe nó comhlacht neamhchorpraithe eile a bheith ina chónaí amhlaidh ag a phríomháit ghnó.

Srian leis an Acht um Chosaint Sonraí, 1988.

93.—Ní bheidh feidhm ag alt 4 (arna leasú le halt 5 den Acht um Chosaint Sonraí (Leasú), 2003) den Acht um Chosaint Sonraí, 1988 maidir le sonraí arna bpróiseáil ag an Údarás i gcomhlíonadh a fheidhmeanna faoin Acht seo a mhéid a bhaineann na feidhmeanna sin le himscrúdú a sheoladh.

Cionta — ginearálta.

94.—(1) Aon duine a dhéanann aon ráiteas bréagach nó míthreorach in aon iarratas nó fógra achomhairc faoin Acht seo nó in aon doiciméad a cheanglaítear faoin gcéanna nó a dhéanann aon fhaisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt, thairis sin, don Údarás nó don Bhord Achomhairc, tá sé nó sí ciontach i gcion agus dlitear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme A nó

príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, i gcás ina gciontaítear ceadúnaí i gcion faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh an chúirt, tar éis aird a thabhairt ar chineál an chiona agus ar na himthosca ina ndearnadh é, a ordú go ndéanfar an ceadúnas a shealbhaíonn an ceadúnaí a chúlghairm agus go dtoirmiscfead ar an iarcheadúnaí (ar féidir gur toirmeasc buan, toirmeasc ar feadh tréimhse sonraithe, nó toirmeasc faoi réir coinníollacha sonraithe é) iarratas a dhéanamh ar aon cheadúnas nua nó ar aicme áirithe ceadúnais nua.

(3) Ní bheidh éifeacht le hordú faoi *fho-alt (2)*—

- (a) go dtí go mbeidh an gnáth-am chun achomharc a thionscnamh i gcoinne an chiontaithe lena mbaineann nó an ordaithe imithe in éag gan aon achomharc den sórt sin a bheith tionscanta,
- (b) go dtí go mbeidh aon achomharc den sórt sin tarraingthe siar nó tréigthe, nó
- (c) ar aon achomharc den sórt sin, go dtí go seasfar leis an gciontú nó leis an ordú, de réir mar a bheidh.

(4) Más rud é—

- (a) go ndéanfaidh comhlacht chorpraithe sárú ar fhoráil den Acht seo nó ar rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo, agus
- (b) go gcruthófar go ndearnadh an sárú le toiliú, le cúlcheadú nó le ceadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, duine—
 - (i) ba stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile den tsamhail sin de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó
 - (ii) a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin,

beidh an duine sin ciontach i gcion freisin agus dlífear imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh an duine ciontach sa sárú dá dtagraítear i *mír (a)*.

(5) I gcás inarb iad a chomhaltaí a bhainistíonn gnóthaí comhlachta chorpraithe, beidh feidhm ag *fo-alt (4)* i leith gníomhartha nó mainneachtainí comhalta i dtaca le feidhmeanna bainistíochta an chomhalta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe an comhalta.

(6) Beidh feidhm ag *fo-alt (4)* agus (5), fairis na modhnuithe go léir is gá, i leith cionta faoin Acht seo arna ndéanamh ag comhlacht neamhchorpraithe.

(7) Féadfaidh an tÚdarás imeachtaí achoimre i leith ciona faoin Acht seo (lena n-áirítear cion faoi *alt 28*) a thabhairt agus a ionchúiseamh.

(8) D'ainneoin alt 10(4) den *Petty Sessions (Ireland) Act*, 1851, féadfar imeachtaí achoimre i leith ciona faoin Acht seo a bhfuil feidhm ag an bhforáil sin maidir leis, a thionscnamh—

- (a) laistigh de 12 mhí ón dáta a rinneadh an cion, nó
- (b) laistigh de 6 mhí ón dáta a thiocfaidh fianaise is leor, i dtuairim an duine a thionscnaíonn na himeachtaí, chun na himeachtaí a fhírinniú, ar iúl an duine sin,

cibé acu is déanaí, ar choinníoll nach dtosófar aon imeachtaí den sórt sin tráth is déanaí ná 2 bhliain ón dáta a rinneadh an cion lena mbaineann.

(9) Chun críocha *fho-alt (8)(b)*, maidir le deimhniú arna shíniú ag an duine, nó thar ceann an duine, a thionscnaíonn na himeachtaí, i dtaobh an dáta a tháinig fianaise dá dtagraítear san *fho-alt* sin ar a iúl nó ar a hiúl, beidh sé ina fhianaise ar an dáta sin agus, in aon imeachtaí dlí, déanfar doiciméad a airbheartaíonn gur deimhniú é faoin bhfo-alt seo agus a bheith sínithe amhlaidh a ghlacadh mar fhianaise gan cruthúnas ar shíniú an duine a airbheartaíonn gurb é nó gurb í a shínigh an deimhniú, mura suffear a mhalairt.

Rialacháin a
fhéadfaidh an
tÚdarás a
dhéanamh —
ginearálta.

95.—(1) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire agus, má ordáíonn an tAire dó déanamh amhlaidh agus de réir théarmaí an ordacháin, déanfaidh sé, tar éis dul i gcomhairle le haon duine nó comhlacht eile is cuí leis an Údarás nó a ordóidh an tAire, foráil a dhéanamh le rialacháin maidir le haon ní dá dtagraítear san Acht seo mar ní atá forordaithe faoin alt seo agus maidir le gach ceann nó aon cheann díobh seo a leanas:

- (a) na haicmí ceadúnas a eiseoidh an tÚdarás agus na coinníollacha (más ann) a bheidh ag gabháil leis na haicmí ceadúnas sin;
- (b) na nósanna imeachta lena rialaítear—
 - (i) eisiúint agus athnuachan ceadúnas; agus
 - (ii) forghéilleadh ceadúnas;
- (c) na caighdeáin a bheidh le hurramú le linn do cheadúnaithe nó d'aicmí áirithe ceadúnaithe seirbhísí maoine a sholáthar, ag tagairt go háirithe do na nithe seo a leanas—
 - (i) leas an phobail;
 - (ii) an dualgas a bheidh dlite do chliaint agus d'úsáideoirí agus d'úsáideoirí ionchasacha seirbhísí maoine;
 - (iii) iompar gairmiúil agus eiticíúil ceadúnaithe;
 - (iv) rúndacht faisnéise cliant; agus
 - (v) easaontachtaí leasa;
- (d) na cáilíochtaí (lena n-áirítear leibhéil oiliúna, oideachais agus taithí) nó aon cheanglais eile (lena n-áirítear leibhéil íosta árachais slánaíochta gairmiúla is gá) chun ceadúnais nó aicmí áirithe ceadúnas a eisiúint agus a athnuachan;

- (e) na téarmaí ar a mbeidh slánaíocht i gcoinne cailteanas ar fáil do cheadúnaithe faoi aon pholasaí árachais slánaíochta (lena n-áirítear, i gcás ceadúnaithe is fostóirí seirbhísí maoine, a mhéid a dhéantar leis an tslánaíocht sin príomhoifigigh agus fostaithe de chuid fostóirí seirbhíse maoine a sholáthraíonn seirbhísí maoine ina gcáil mar phríomhoifigigh nó fostaithe den sórt sin, de réir mar a bheidh, a chumhdach) agus na himthosca ina mbeidh an ceart chun na slánaíochta sin le heisiamh nó le modhnú;
- (f) na taifid a bheidh le cothabháil agus an fhaisnéis agus na tuairisceáin a bheidh le soláthar don Údarás ag ceadúnaithe nó ag aicmí áirithe ceadúnaithe;
- (g) méid na ranníocaí a bheidh le déanamh leis an gCiste i leith iarratas ar cheadúnas nó ar cheadúnas a athnuachan, nó díolúintí ó na méideanna sin a íoc, nó tarscaoileadh, cur ar aghaidh nó aisíoc na méideanna sin (go hiomlán nó go páirteach), in imthosca éagsúla nó in aicmí éagsúla imthosca nó i gcásanna éagsúla nó in aicmí éagsúla cásanna; agus
- (h) na nósanna imeachta le haghaidh iarratas ar dheontais.

(2) Ní dhéanfaidh an tÚdarás tréimhse is faide a fhorordú chun críocha *fho-alt (6) d'alt 31* mura deimhin leis—

- (a) nach ndéanfaidh an tréimhse is faide dochar do chobhsaíocht airgeadais an Chiste de bhua ranníocaí a choimeád ón gCiste is infíoitha isteach ann ar cheadúnais a athnuachan, agus
- (b) go laghdóidh an tréimhse is faide na caiteachais a thabhoídís an tÚdarás ag riaradh an Achta seo a mhéid a bhaineann sé le ceadúnais a athnuachan ach gan dochar a dhéanamh, dá dhroim sin, don fhreagracht atá ar an Údarás ceadúnaithe a rialú agus a mhaoirsiú.

(3) Níl fhorordóidís an tÚdarás cion chun críocha *mhír (b)* den mhíniú ar “ní ábhartha” in *alt 41(4)* mura deimhin leis gur cion é de chineál atá chomh cianda nó chomh neamhthábhachtach sin, i ndáil leis na nithe a chuirfí i gcuntas de ghnáth chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh an duine cuí ceart duine chun seirbhís maoine a sholáthar, nach bhféadfaí a mheas le réasún gur ní é an cion ar chóir go mbeadh fios ag an Údarás ina thaobh.

96.—(1) Féadfaidh an tAire le rialacháin foráil a dhéanamh le haghaidh aon ní dá dtagraítear san Acht seo mar ní atá forordaithe faoin alt seo.

Rialacháin a
fhéadfaidh an tAire
a dhéanamh —
ginearálta.

(2) Ní dhéanfaidh an tAire seirbhís maoine a fhorordú chun críocha *mhír (p) d'alt 3(1)* mura deimhin leis nó léi gur de chineál í an tseirbhís maoine atá chomh neamhthábhachtach sin, nó go bhfuil an tseirbhís maoine ina ábhar do leibhéal rialaithe agus maoirsithe lasmuigh d'fhorálacha an Achta seo ar de shórt é, nach ndéanfaidh difheidhmiú an Achta seo maidir leis an tseirbhís maoine sin dochar do chliaint ná d'úsáidirí eile ná d'úsáidirí ionchasacha na seirbhíse maoine sin.

(3) Ní dhéanfaidh an tAire méid a fhorordú chun críocha *mhír* (b) den mhíniú ar “méid forordaithe” in *alt 77(4)* mura deimhin leis an Aire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gur gá déanamh amhlaidh—

(a) chun nach ndéanfar, nó chun nach mbeidh dóchúlacht ann go ndéanfar, deontais nó tráthchodanna deontas a chur siar go míchuí, nó

(b) chun cobhsaíocht airgeadais an Chiste a chinntiú ag féachaint do phatrún na ndeontas (más ann) a tugadh.

(4) Féadfaidh an tAire le rialacháin cibé foráil theagmhasach nó iarmhartach a dhéanamh a mheasfaidh an tAire is gá nó is fóirsteanach chun lánéifeacht a thabhairt don Acht seo.

Cumhacht chun foirm doiciméad a shonrú.

97.—(1) Féadfaidh an tÚdarás foirm doiciméad is gá chun críocha an Achta seo a shonrú de réir mar is cuí leis an Údarás.

(2) Féadfar cumhacht an Údaráis faoi *fho-alt (1)* a fheidhmiú ar shlí a fhágfaidh—

(a) go n-áireofar i bhfoirm shonraithe aon doiciméid dá dtagraítear san fho-alt sin dearbhú reachtúil—

(i) a bheidh le déanamh ag an duine a chomhlánóidh an fhoirm, agus

(ii) is dearbhú i dtaobh an bhfuil na sonraí san fhoirm ceart cruinn a mhéid is fearr is eol don duine sin agus a chreideann sé nó sí,

agus

(b) go sonrófar 2 fhoirm nó níos mó d’aon doiciméad dá dtagraítear san fho-alt sin, cibé acu mar roghanna, nó chun socrú a dhéanamh le haghaidh imthosca áirithe nó cásanna áirithe, de réir mar is cuí leis an Údarás.

(3) Maidir le foirm doiciméid arna sonrú faoin alt seo—

(a) is de réir cibé ordachán agus treoracha a shonrófar sa doiciméad a chomhlánófar í,

(b) beidh ag gabháil léi cibé doiciméid eile a shonrófar sa doiciméad, agus

(c) má cheanglaítear an doiciméad comhlánaithe a sholáthar—

(i) don Údarás,

(ii) do dhuine eile thar ceann an Údaráis, nó

(iii) d’aon duine eile,

soláthrófar í amhlaidh ar an modh (más ann) a shonrófar sa doiciméad.

98.—Sna forálacha idirthréimhseacha—

Léiriú ar na
forálacha
idirthréimhseacha.

ciallaíonn “Acht 1947” an tAcht um Cheantálaithe agus Gníomhairí
Tithe, 1947;

ciallaíonn “cinneadh críochnaitheach”, i ndáil le hiarratas faoi *alt 30*
dá dtagraítear in *alt 99(1)(b)* arna dhéanamh ag duine lena
mbaineann ar cheadúnas chun seirbhís maoine lena mbaineann a
sholáthar—

- (a) an tÚdarás d’eisiúint, faoi *alt 31(1)*, ceadúnais don duine
lena mbaineann chun an tseirbhís maoine lena
mbaineann a sholáthar,
- (b) an tÚdarás do dhiúltú, faoi *alt 31(3)(a), (b), (c), (d), (e)*
nó *(f)*, ceadúnas a eisiúint chuig an duine lena mbaineann
chun an tseirbhís maoine lena mbaineann a sholáthar,
- (c) faoi réir *mhír (d)*, an tÚdarás do dhiúltú, faoi *alt 31(3)(g),*
(h) nó *(i)* ceadúnas a eisiúint chuig an duine lena
mbaineann chun an tseirbhís maoine lena mbaineann a
sholáthar agus an cinneadh sin do theacht in éifeacht de
réir *alt 76*, nó
- (d) má dhéantar achomharc chun an Bhoird Achomhairc i
gcoinne diúltú dá dtagraítear i *mír (c)*—
 - (i) an t-achomharc a tharraingt siar mar a shonraítear i
mír 19 de Sceideal 5,
 - (ii) an Bord Achomhairc do dhaingniú chinneadh an
Údaráis mar a shonraítear i *mír 24 (1)(a)* de
Sceideal 5,
 - (iii) breith nua ón Údarás, mar a shonraítear i *mír 24(1)(b)*
de *Sceideal 5*, do theacht in éifeacht de réir *alt 76*,
 - (iv) cinneadh an Bhoird Achomhairc do theacht in
éifeacht in ionad bhreith an Údaráis mar a
shonraítear i *mír 24(1)(c)* de *Sceideal 5*,
 - (v) an t-achomharc a dhíbhe mar a shonraítear i *mír 25*
de *Sceideal 5*, nó
 - (vi) an t-achomharc a tharraingt siar mar a shonraítear i
mír 31(2)(a) agus *(3)* de *Sceideal 5*,

de réir mar is infheidhme;

tá le “duine lena mbaineann” an bhrí a shanntar dó le *halt 99(1)*;

tá le “seirbhís maoine lena mbaineann” an bhrí a thugtar dó le *halt*
99(1);

ciallaíonn “forálacha idirthréimhseacha” an t-alt seo agus *ailt 99*
agus *100*.

Feidhm an Achta seo maidir le daoine a bhí ag soláthar seirbhís maoine go dleathach roimh thosach feidhme na bhforálacha iomchuí den Acht seo i leith na seirbhíse sin.

99.—(1) Faoi réir *fho-alt (3)* agus *alt 100*, ní bheidh feidhm ag *alt 28(1)* agus *89*, agus ag na forálacha den Acht seo is infheidhme maidir le ceadúnaí agus seirbhís maoine, maidir le duine (dá ngairtear “duine lena mbaineann” sna forálacha idirthréimhseacha) agus le seirbhís maoine (dá ngairtear “seirbhís maoine lena mbaineann” sna forálacha idirthréimhseacha) a sholáthraíonn an duine lena mbaineann, sa chás, agus sa chás amháin—

- (a) go raibh an duine lena mbaineann ag soláthar na seirbhíse maoine lena mbaineann go dleathach roimh thosach feidhme *alt 28(1)* i leith na seirbhíse maoine sin, agus
- (b) go ndearna an duine lena mbaineann, roimh an tosach feidhme sin, iarratas faoi *alt 30* ar cheadúnas chun an tseirbhís maoine lena mbaineann a sholáthar agus nach ndearnadh cinneadh críochnaitheach maidir leis an iarratas roimh an tosach feidhme sin.

(2) I gcás nach mbeidh scortha ag *fo-alt (1)* d’fheidhm a bheith aige maidir le duine lena mbaineann agus maidir le seirbhís maoine lena mbaineann, leanfaidh na forálacha reachtúla a aisghairtear, a chúlghairtear nó a leasaítear leis an Acht seo (lena n-áirítear Cuid IV d’Acht 1947), a mhéid a bhain siad leis an duine lena mbaineann agus leis an tseirbhís maoine lena mbaineann roimh thosach feidhme *alt 28(1)* i leith na seirbhíse maoine sin, d’fheidhm a bheith acu maidir leis an duine lena mbaineann agus leis an tseirbhís maoine lena mbaineann amháin is nach ndearnadh na forálacha reachtúla sin a aisghairm, a chúlghairm nó a leasú amhlaidh, de réir mar a bheidh.

(3) Faoi réir *alt 100*, scoirfidh *fo-alt (1)* d’fheidhm a bheith aige maidir le duine lena mbaineann agus le seirbhís maoine lena mbaineann láithreach ar chinneadh críochnaitheach a dhéanamh maidir leis an iarratas faoi *alt 30* dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(b)* arna dhéanamh ag an duine lena mbaineann ar cheadúnas chun an tseirbhís maoine lena mbaineann a sholáthar.

(4) D’ainneoin aisghairm Acht 1947 a dhéanfar le tosach feidhme *alt 7(1)*, leanfaidh Cuid IV den Acht sin d’fheidhm a bheith aici maidir le héarlais (de réir bhrí *alt 2* den Acht sin) nach mbeidh arna scaoileadh roimh an tosach feidhme sin agus, chun críocha na feidhme sin, ní phléifear le ceadúnas (más ann) faoin Acht seo a shealbhóidh an lóisteálaí mar cheadúnas dá dtagraítear sa Chuid sin.

(5) I gcás go n-eiseofar ceadúnas chuig duine lena mbaineann i leith seirbhíse maoine lena mbaineann de bhun chinneadh críochnaitheach an iarratais faoi *alt 30* dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(b)* arna dhéanamh ag an duine ar an gceadúnas sin, measfar go dtosóidh tréimhse bhailíochta an cheadúnais arna eisiúint amhlaidh ar lá thosach feidhme *alt 28(1)* i leith na seirbhíse maoine lena mbaineann, agus is cuma cibé acu a eisítear an ceadúnas roimh an tosach feidhme sin, ar an dáta sin, nó dá éis.

Oibriú *alt 99(1)* a mhodhnú in imthosca sonraithe.

100.—(1) Más rud é—

- (a) maidir le duine lena mbaineann (dá ngairtear “an chéad duine lena mbaineann agus a luaitear” san *fho-alt* seo)—
 - (i) go mbeadh ceangal air nó uirthi, murach *alt 99(1)*, a bheith ceadúnaithe mar fhostóir seirbhísí maoine d’fhonn leanúint de sheirbhís maoine lena

mbaineann a sholáthar ar thosach feidhme *alt 28(1)* agus dá éis i leith na seirbhíse maoine sin, agus

- (ii) go ndearna sé nó sí iarratas roimh an tosach feidhme sin faoi *alt 30* ar cheadúnas chun an tseirbhís sin a sholáthar mar fhostóir seirbhíse maoine,

agus

- (b) maidir le duine eile lena mbaineann (dá ngairtear “an dara duine lena mbaineann agus a luaitear” san fho-alt seo)—

- (i) gur príomhoifigeach nó fostaí é nó í de chuid an chéad duine lena mbaineann agus a luaitear, agus, sa cháil sin, go soláthraíonn sé nó sí an tseirbhís maoine lena mbaineann agus dá dtagraítear i *mír (a)(i)* thar ceann an chéad duine lena mbaineann agus a luaitear,

- (ii) go mbeadh ceangal air nó uirthi, murach *alt 99(1)*, a bheith ceadúnaithe mar phríomhoifigeach nó mar fhostaí, de réir mar a bheidh, d’fhonn leanúint den tseirbhís sin a sholáthar amhlaidh ar thosach feidhme *alt 28(1)* agus dá éis i leith na seirbhíse maoine sin, agus

- (iii) go mbeidh iarratas déanta aige nó aici faoi *alt 30*, roimh an tosach feidhme sin, chun bheith ceadúnaithe amhail dá dtagraítear i *bhfomhír (ii)*,

ansin, más é cinneadh críochnaitheach an iarratais dá dtagraítear i *mír (a)(ii)* nach ndéanfar ceadúnas chun an tseirbhís maoine lena mbaineann agus dá dtagraítear i *mír (a)(i)* a sholáthar mar fhostóir seirbhísí maoine a eisiúint chuig an gcéad duine lena mbaineann agus a luaitear—

- (i) scoirfidh *alt 99(1)* d’fheidhm a bheith aige maidir leis an dara duine lena mbaineann agus a luaitear a mhéid a sholáthraíonn an dara duine lena mbaineann agus a luaitear an tseirbhís maoine sin thar ceann an chéad duine lena mbaineann agus a luaitear, ina cháil nó ina cáil mar phríomhoifigeach nó fostaí, de réir mar a bheidh, de chuid an chéad duine lena mbaineann agus a luaitear, agus

- (ii) measfar an t-iarratas dá dtagraítear i *mír (b)(iii)* a bheith tarraingthe siar ag an dara duine lena mbaineann agus a luaitear.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fo-alt (1)*, ní chinnfidh an tÚdarás an t-iarratas dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(b)(iii)* go dtí go mbeidh cinneadh críochnaitheach déanta maidir leis an iarratas dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)(ii)*.

(3) Más rud é—

- (a) maidir le duine lena mbaineann (dá ngairtear “an chéad duine lena mbaineann agus a luaitear” san fho-alt seo)—

- (i) go mbeadh ceangal air nó uirthi, murach *alt 99(1)*, a bheith ceadúnaithe mar fhostóir seirbhísí maoine d’fhonn leanúint de sheirbhís maoine lena

mbaineann a sholáthar ar thosach feidhme *alt 28(1)*
agus dá éis i leith na seirbhíse maoine sin, agus

- (ii) nach ndearna sé nó sí, roimh an tosach feidhme sin, iarratas faoi *alt 30* ar cheadúnas chun an tseirbhís sin a sholáthar mar fhostóir seirbhísí maoine,

agus

- (b) maidir le duine eile lena mbaineann (dá ngairtear “an dara duine lena mbaineann agus a luaitear” san fho-alt seo)—

- (i) gur príomhoifigeach nó fostaí é nó í de chuid an chéad duine lena mbaineann agus a luaitear agus, sa cháil sin, go soláthraíonn sé nó sí an tseirbhís maoine lena mbaineann agus dá dtagraítear i *mír (a)(i)* thar ceann an chéad duine lena mbaineann agus a luaitear,

- (ii) go mbeadh ceangal air nó uirthi, murach *alt 99(1)*, a bheith ceadúnaithe mar phríomhoifigeach nó mar fhostaí, de réir mar a bheidh, d’fhonn leanúint den tseirbhís maoine sin a sholáthar amhlaidh ar thosach feidhme *alt 28(1)* agus dá éis i leith na seirbhíse maoine sin, agus

- (iii) go mbeidh iarratas déanta aige nó aici faoi *alt 30*, roimh an tosach feidhme sin, chun bheith ceadúnaithe amhail dá dtagraítear i *bhfomhír (ii)*,

ansin—

- (i) ní bheidh feidhm ag *alt 99(1)* maidir leis an dara duine lena mbaineann agus a luaitear ná leis an tseirbhís maoine lena mbaineann agus dá dtagraítear i *mír (a)(i)* a mhéid a bhí an dara duine sin lena mbaineann agus a luaitear ag soláthar na seirbhíse maoine sin, thar ceann an chéad duine lena mbaineann agus a luaitear, ina cháil nó ina cáil mar phríomhoifigeach nó fostaí, de réir mar a bheidh, de chuid an chéad duine lena mbaineann agus a luaitear, agus

- (ii) measfar an t-iarratas dá dtagraítear i *mír (b)(iii)* a bheith tarraingthe siar ag an dara duine lena mbaineann agus a luaitear.

Leasuithe
iarmhartacha ar
achtacháin eile.

101.—Leasaítear na hachtacháin a shonraítear i *Sceideal 8* sa mhodh a shonraítear sa *Sceideal* sin.

[2011.] *An tAcht um Sheirbhís Maoine* [Uimh. 40.]
(*Rialáil*), 2011.

SCEIDEAL 1

Alt 7.

AISGHAIM AGUS CÚLGHAIRM.

CUID 1

NA HACHTANNA A AISGHAIRTEAR

Bliain, seisiún agus caibidil nó uimhir agus bliain (1)	Gearrtheideal (2)
1867 (30 & 31 Vict.) c. 48	<i>Sale of Land by Auction Act, 1867</i>
Uimh. 10 de 1947	An tAcht um Cheantálaithe agus Gnómhairí Tithe, 1947
Uimh. 9 de 1967	An tAcht um Cheantálaithe agus Gnómhairí Tithe, 1967
Uimh. 23 de 1973	An tAcht um Cheantálaithe agus Gnómhairí Tithe, 1973

CUID 2

AN IONSTRAIM REACHTÚIL A CHÚLGHAIRTEAR

I.R. — Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)
I.R. Uimh. 10 de 1968	Na Rialacháin fán Acht um Cheantálaithe agus Gnómhairí Tithe, 1947 (Scrúdú agus Deimhniú Cuntasóra), 1968

[Uimh. 40.] *An tAcht um Sheirbhísí Maoine* [2011.]
(*Rialáil*), 2011.

Alt 43

SCEIDEAL 2

AN FHAISNÉIS A BHEIDH I gCOMHAONTUITHE SEIRBHÍSÍ MAOINE

CUID 1

COMHAONTUITHE SEIRBHÍSÍ MAOINE — GINEARÁLTA

1. Folóidh comhaontú seirbhísí maoine maidir le seirbhís maoine a sholáthar—

- (a) ainm, uimhir chláraithe, seoladh gnó agus mionsonraí teagmhála gnó eile an cheadúnaí,
- (b) aon ainm gnó de chuid an cheadúnaí,
- (c) mionsonraí na seirbhísí maoine a bheidh le soláthar ag an gceadúnaí,
- (d) sonraí ábhar an chomhaontaithe (lena n-áirítear uimhir fóilió na talún, más cuí),
- (e) méid nó ráta, de réir mar a bheidh, aon choimisiúin nó táille eile is infoctha ag an gcliant faoin gcomhaontú agus na dálaí faoina dtiocfaidh an coimisiún nó an táille, de réir mar a bheidh, chun bheith infoctha,
- (f) sonraí an ráta cánach breisluacha is infoctha,
- (g) an tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht le cearta nó oibleagáidí an chliant nó an cheadúnaí faoin gcomhaontú,
- (h) tréimhse an fhógra a bheidh le tabhairt i gcás an cliant nó an cheadúnaí d'fhoirceannadh an chomhaontaithe, agus na hiarmhairtí,
- (i) ráiteas maidir leis an oibleagáid (más ann) atá ar an gceadúnaí, de bhun ailt 42 agus 43 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010 tuairisc a thabhairt don Gharda Síochána agus do na Coimisinéirí Ioncaim maidir le hidirbhearta amhrasacha agus idirbhearta a bhaineann le háiteanna atá ainmnithe faoi alt 32 den Acht sin,
- (j) dearbhas nach bhfuil aon easaontacht leasa ann a choisceadh ar an gceadúnaí seirbhís maoine a sholáthar,
- (k) mionsonraí árachas slánaíochta gairmiúla an cheadúnaí,
- (l) mionsonraí na dtaifead a bheidh le coimeád ag an gceadúnaí i leith an tseirbhís maoine a sholáthar,
- (m) ainm agus seoladh an bhainc ina gcoimeádtar cuntais chliant an cheadúnaí,
- (n) mionsonraí maidir le hairgead arna íoc ag an gcliant leis an gceadúnaí a thaisceadh agus maidir le haon ús a thuillfear ar an airgead sin a chur i bhfeidhm, agus

- (o) nósanna imeachta gearán agus sásaimh arna mbunú ag an gceadúnaí.

CUID 2

COMHAONTUITHE SEIRBHÍSÍ MAOINE CHUN TALAMH A DHÍOL

1. Gan dochar do ghinearáltacht *Chuid 1*, folóidh comhaontú seirbhísí maoine chun talamh a dhíol freisin—

- (a) margadhluach comhairlithe na talún,
- (b) tuairisc ar an múnla gníomhaireachta (gníomhaireacht aonair, comhghníomhaireacht nó ilghníomhaireacht),
- (c) i gcás táille nó coimisiún arna sloinneadh nó arna shloinneadh mar chéatadán de mhargadhluach comhairlithe na talún—
- (i) más infheidhme *mír (a)* den mhíniú ar “margadhluach comhairlithe” in *alt 2(1)*, an méid iomlán measta is infíoctha,
- (ii) más infheidhme *mír (b)* den mhíniú ar “margadhluach comhairlithe” in *alt 2(1)*, an raon measta ar laistigh dó a bheadh an méid iomlán is infíoctha,
- (d) na téarmaí ar dá réir nó faoina réir a chomhaontaíonn an cliant leis an talamh a fhógairt agus méid an eisíoca fógraíochta,
- (e) na hoibleagáidí (más ann) a mbeidh feidhm acu maidir leis an gcliant má dhiúsraíonn sé nó sí aon chuid den talamh seachas tríd an gceadúnaí lena mbaineann, agus
- (f) más infheidhme, ráiteas go bhfuil sé ar intinn ag an gceadúnaí tairiscint a dhéanamh chun seirbhísí airgeadais a sholáthar do cheannaitheoirí (lena n-áirítear aon chás ina bhfuil sé ar intinn tairiscint a dhéanamh chun seirbhísí airgeadais a sholáthar do cheannaitheoirí trí fhochuideachta nó trí chomhlacht comhlachaithe de chuid an cheadúnaí).

CUID 3

COMHAONTUITHE SEIRBHÍSÍ MAOINE CHUN TALAMH A LIGEAN

1. Gan dochar do ghinearáltacht *Chuid 1*, beidh freisin i gcomhaontú seirbhísí maoine chun talamh a ligean—

- (a) tréimhse bheartaithe an ligin agus luach comhairlithe ligin na talún,
- (b) tuairisc ar an múnla gníomhaireachta (gníomhaireacht aonair, comhghníomhaireacht nó ilghníomhaireacht),
- (c) i gcás táille nó coimisiún arna sloinneadh nó arna shloinneadh mar chéatadán de luach comhairlithe ligin na talún—

- (i) más infheidhme *mír (a)* den mhíniú ar “luach comhairlithe ligin” in *alt 2(1)*, an méid iomlán measta is iníoctha,
- (ii) más infheidhme *mír (b)* den mhíniú ar “luach comhairlithe ligin” in *alt 2(1)*, an raon measta ar laistigh de a bheadh an méid iomlán is iníoctha,
- (d) na téarmaí ar dá réir nó faoina réir a chomhaontaíonn an cliant an talamh a fhógairt agus méid an eisíoca fógraíochta,
- (e) na hoibleagáidí (más ann) a mbeidh feidhm acu maidir leis an gcliant má ligeann sé nó sí aon chuid den talamh seachas tríd an gceadúnaí lena mbaineann, agus
- (f) sceideal de na hinneachair agus na daingneáin agus na feistis a bheidh le háireamh sa ligan, más infheidhme.

CUID 4

COMHAONTUITHE SEIRBHÍSÍ MAOINE CHUN SEIRBHÍSÍ BAINISTÍOCHTA MAOINE A SHOLÁTHAR

1. Gan dochar do ghinearáltacht *Chuid 1*, beidh i gcomhaontú seirbhísí maoine chun seirbhísí bainistíochta maoine a sholáthar freisin—

- (a) clár ama chun na seirbhísí a sholáthar,
- (b) an fógra a cheanglaítear ar an gcliant a thabhairt don cheadúnaí i leith soláthair seirbhísí aonair ag an gceadúnaí,
- (c) sonraí aon seirbhísí i leith éigeandálaí lasmuigh d’uaireanta oifige, agus
- (d) na hoibleagáidí atá ar an gceadúnaí tuairisciú don chliant.

[2011.] *An tAcht um Sheirbhís Maoine* [Uimh. 40.]
(Rialáil), 2011.

SCEIDEAL 3

Ailt 66 agus 68.

FORÁLACHA IS INFHEIDHME MAIDIR LE HÉISTEACHTAÍ Ó BHÉAL ARNA
SEOLADH DE BHUN *alt 66* NÓ *68*.

CUID 1

ÉISTEACHT Ó BHÉAL ARNA SEOLADH AG CIGIRE DE BHUN *alt 66(15)*

1. Féadfaidh an cigire a bheidh ag seoladh na héisteachta ó bhéal chun críocha imscrúdú, fianaise a ghlacadh faoi mhionn, agus údaraítear leis seo don chigire daoine a chur faoi mhionn den sórt sin.

2. Féadfaidh an cigire, trí fhógra i scríbhinn, a cheangal ar aon duine freastal ar an éisteacht ó bhéal cibé tráth agus i cibé áit a shonrófar san fhógra chun fianaise a thabhairt i leith aon ní faoi shaincheist san imscrúdú nó chun aon doiciméid iomchuí a thabhairt ar aird a bheidh ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina urláimh nó faoina hurláimh nó ar fáil aige nó aici.

3. Faoi réir *mhír 4*, féadfar duine dá dtagraítear i *mír 2* a cheistiú agus a chroscheistiú ag an éisteacht ó bhéal.

4. Beidh duine dá dtagraítear i *mír 2* i dteideal na ndíolúintí agus na bpríhléidí céanna i leith aon cheanglas dá dtagraítear sa *mhír* sin a chomhlíonadh amhail is dá mba fhinné os comhair na hArd-Chúirte an duine.

5. Más rud é, maidir le duine dá dtagraítear i *mír 2*, nach gcomhlíonann sé nó sí ceanglas dá dtagraítear sa *mhír* sin nó nach gcomhlíonann sé nó sí go hiomlán é, féadfaidh an cigire iarratas a dhéanamh ar mhodh achomair chun na Cúirte Cuarda, iar bhfógra don duine sin, ar ordú á cheangal ar an duine an ceanglas a chomhlíonadh nó a chomhlíonadh go hiomlán, de réir mar a bheidh, laistigh de thréimhse a shonróidh an Chúirt, agus féadfaidh an Chúirt an t-ordú a iarrtar, nó cibé ordú eile is cúí léi, a dhéanamh nó diúltú aon ordú a dhéanamh.

6. Féadfaidh an breitheamh den Chúirt Chuarda don chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine lena mbaineann, nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, gnó nó slí bheatha, an dlínse a thugtar don Chúirt sin le *mír 5* a fheidhmiú.

7. Is ar shlí seachas go poiblí a sheolfar an éisteacht ó bhéal.

8. Déanfar caiteachais réasúnacha taistil agus cothaithe aon duine a bheidh ag freastal os comhair an chigire de réir *mhír 2* a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

CUID 2

ÉISTEACHT Ó BHÉAL ARNA SEOLADH AG AN ÚDARÁS DE BHUN *alt*
68(5)

1. Féadfaidh an tÚdarás, le linn dó an éisteacht ó bhéal a sheoladh d'fhonn cuidiú leis breith a thabhairt faoi *alt 68(4)* nó d'fhonn nósanna imeachta cothroma a chomhlíonadh, fianaise a ghlacadh

faoi mhionn, agus údaraítear leis seo d'aon chomhalta den Údarás duine a chur faoi mhionn den sórt sin.

2. Féadfaidh an tÚdarás, trí fhógra i scríbhinn, a cheangal ar aon duine freastal ar an éisteacht ó bhéal cibé tráth agus i cibé áit a shonrófar san fhógra, chun fianaise a thabhairt i leith aon ní faoi shaincheist le linn an bhreith a thabhairt faoi *alt 68(4)*, nó chun aon doiciméid iomchuí a thabhairt ar aird a bheidh ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina urláimh nó faoina hurláimh nó ar fáil aige nó aici.

3. Faoi réir *mhír 4*, féadfar duine dá dtagraítear i *mír 2* a cheistiú agus a chroscheistiú ag an éisteacht ó bhéal.

4. Beidh duine dá dtagraítear i *mír 2* i dteideal na ndíolúintí agus na bpríbhleáidí céanna i leith aon cheanglas dá dtagraítear sa mhír sin a chomhlíonadh amháil is dá mba fhinné os comhair na hArd-Chúirte an duine.

5. Más rud é, maidir le duine dá dtagraítear i *mír 2*, nach gcomhlíonann sé nó sí ceanglas dá dtagraítear sa mhír sin, nó nach gcomhlíonann sé nó sí go hiomlán é, féadfaidh an tÚdarás iarratas a dhéanamh ar mhodh achomair chun na Cúirte Cuarda, iar bhfógra don duine sin, ar ordú a cheangal ar an duine an ceanglas a chomhlíonadh, nó a chomhlíonadh go hiomlán, de réir mar a bheidh, laistigh de thréimhse a shonróidh an Chúirt, agus féadfaidh an Chúirt an t-ordú a iarrtar, nó cibé ordú eile is cuí léi, a dhéanamh nó diúltú aon ordú a dhéanamh.

6. Féadfaidh an breitheamh den Chúirt Cuarda don chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine lena mbaineann, nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, gnó nó slí bheatha, an dlínse a thugtar don Chúirt sin le *mír 5* a fheidhmiú.

7. Is ar shlí seachas go poiblí a sheolfar an éisteacht ó bhéal mura rud é—

(1) go ndéanfaidh an ceadúnaí lena mbaineann an t-imscrúdú áirithe nó, más de dhroim gearán a fháil a d'éirigh an t-imscrúdú, go ndéanfaidh an gearánach, iarraidh i scríbhinn chun an Údarás ar an éisteacht (nó cuid di) a sheoladh go poiblí agus go luafaidh sé nó sí san iarraidh na cúiseanna leis an iarraidh, agus

(2) gur deimhin leis an Údarás, tar éis dó an iarraidh (go háirithe, na cúiseanna leis an iarraidh) a bhreithniú, gur chuí déanamh de réir na hiarrata.

8. Déanfar costais réasúnacha taistil agus chothaithe aon duine a bheidh ag freastal os comhair an Údarás de réir *mhír 2* a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

[2011.] *An tAcht um Sheirbhís Maoine* [Uimh. 40.]
(Rialáil), 2011.

SCEIDEAL 4

Alt 67(5).

SÁSAMH MAR GHEALL AR SHÁRÚ AR *alt 67(5)*

Gearáin le coimisinéir um chearta

1. (1) Féadfaidh fostaí (nó, i gcás fostaí nach bhfuil 18 mbliana slánaithe aige nó aici, tuismitheoir nó caomhnóir an fhostaí le toiliú an fhostaí) nó, le toiliú an fhostaí, féadfaidh aon cheardchumann ar comhalta de an fostaí, gearán a thíolacadh do choimisinéir um chearta á rá gur sháraigh fostóir an fhostaí *alt 67(5)* i ndáil leis an bhfostaí agus ní gá bliain amháin seirbhíse leanúnaí ar a laghad a bheith curtha isteach ag an bhfostaí leis an bhfostóir lena mbaineann chun an gearán sin a thíolacadh.

(2) I gcás ina ndéanfar gearán faoi *fhomhír (1)*, déanfaidh an coimisinéir um chearta—

- (a) deis a thabhairt do na páirtithe éisteacht a fháil ón gcoimisinéir agus aon fhianaise is iomchuí maidir leis an ngearán a thíolacadh don choimisinéir,
- (b) breith a thabhairt i scríbhinn i ndáil leis, agus
- (c) an bhreith sin a chur in iúl do na páirtithe.

(3) Maidir le breith ó choimisinéir um chearta faoi *fhomhír (2)*, déanfar ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas léi:

- (a) a dhearbhu go raibh nó, de réir mar a bheidh, nach raibh an gearán forasaithe go maith;
- (b) a cheangal ar an bhfostóir gníomh sonrathaithe a dhéanamh a bhféadfaidh sé go mbeidh ar áireamh ann, i gcás inarb éard é an pionósú dífhostú de réir bhrí *alt 67(12)*, athfhostú nó athfhrúiliú;
- (c) a cheangal ar an bhfostóir cúiteamh a íoc leis an bhfostaí, ar cúiteamh é de cibé méid (más ann) is cóir agus is cothromasach ag féachaint do na himthosca go léir, ach gan dul thar luach saothair 104 seachtaine i leith fhostaíocht an fhostaí arna ríomh de réir rialachán arna ndéanamh faoi alt 17 den Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977,

agus déanfar na tagairtí i *gclásail (b)* agus *(c)* d'fhostóir a fhorléiriú, i gcás ina n-athróidh úinéireacht ghnó an fhostóra tar éis don sárú lena mbaineann an gearán tarlú, mar thagairtí don duine a thiocfaidh chun bheith i dteideal na húinéireachta sin de bhua an athraithe.

(4) Faoi réir *fhomhír (10)*, ní thabharfaidh coimisinéir um chearta aird ar ghearán faoin mír seo má thíolactar dó nó di é tar éis deireadh na tréimhse 6 mhí dar tosach dáta an tsáraithe lena mbaineann an gearán.

(5) D'ainneoin *fhomhír (4)*, féadfaidh coimisinéir um chearta aird a thabhairt ar ghearán faoin mír seo a thíolactar dó nó di tar éis dheireadh na tréimhse dá dtagraítear i *bhfomhír (4)* (ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh na tréimhse sin) más deimhin leis nó léi gur imthosca eisceachtúla faoi deara an mhainneachtain an gearán a thíolacadh laistigh den tréimhse sin.

(6) Tíolacfar gearán trí fhógra maidir leis a thabhairt i scríbhinn do choimisinéir um chearta agus beidh cibé sonraí san fhógra, agus beidh sé i cibé foirm, a shonróidh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ó am go ham.

(7) Tabharfaidh an coimisinéir um chearta cóip d'fhógra faoi *fhomhír (6)* don pháirtí eile lena mbaineann.

(8) Seolfar imeachtaí faoin mír seo os comhair coimisinéara um chearta ar shlí seachas go poiblí.

(9) Déanfaidh coimisinéir um chearta cóip de gach breith a thabharfaidh an coimisinéir faoi *fhomhír (2)* a thabhairt don Chúirt Oibreachais.

(10) I gcás inarb é an fostóir do thabhairt mífhaisnéise faoi deara moill ag fostaí gearán a thíolacadh faoin mír seo, forléireofar *fomhír (4)* amhail is dá mba thagairt don dáta a fuair an fostaí fios na mífhaisnéise an tagairt do dháta an tsáraithe.

Achomhairc i gcoinne breitheanna ó choimisinéir um chearta

2. (1) Féadfaidh páirtí lena mbaineann achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Oibreachais i gcoinne breithe ó choimisinéir um chearta faoi *mhír 1(2)* agus, má dhéanann an páirtí amhlaidh, tabharfaidh an Chúirt Oibreachais deis do na páirtithe éisteacht a fháil uaithi agus aon fhianaise is iomchuí maidir leis an achomharc a thíolacadh di, déanfaidh sí cinneadh i scríbhinn i ndáil leis an achomharc lena ndaingneofar nó lena n-athrófar an bhreith nó lena gcuirfear an bhreith ar ceal agus cuirfidh sí an cinneadh in iúl do na páirtithe.

(2) Déanfaidh an páirtí lena mbaineann achomharc faoin mír seo a thionscnamh, trí fhógra i scríbhinn a thabhairt, laistigh de 42 lá (nó cibé tréimhse is faide ná sin a chinnfidh an Chúirt sna himthosca áirithe) ón dáta ar cuireadh an bhreith lena mbaineann sé in iúl don pháirtí, don Chúirt Oibreachais ina mbeidh cibé sonraí a chinnfidh an Chúirt Oibreachais faoi *chlásail (e)* agus *(f) d'fhomhír (4)* agus ina ndéarfad go bhfuil ar intinn ag an bpáirtí lena mbaineann achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe.

(3) Tabharfaidh an Chúirt Oibreachais cóip d'fhógra faoi *fhomhír (2)* d'aon pháirtí eile lena mbaineann, a luaithe is indéanta tar éis don Chúirt Oibreachais an fógra a fháil.

(4) Cinnfidh an Chúirt Oibreachais na nithe seo a leanas nó na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i ndáil leo, eadhon:

- (a) an nós imeachta i ndáil le gach ní a bhaineann le hachomhairc faoin mír seo a thionscnamh agus a éisteacht ag an gCúirt Oibreachais;
- (b) tráthanna agus ionaid éisteachtaí ar achomhairc den sórt sin;
- (c) ionadaíocht na bpáirtithe in achomhairc den sórt sin;
- (d) cinntí ón gCúirt Oibreachais a fhoilsíú agus a fhógairt;
- (e) na sonraí a bheidh i bhfógra faoi *fhomhír (2)*; agus

(f) aon nithe a leanfaidh as na nithe sin roimhe seo, nó a bhainfidh leo.

(5) Féadfaidh an Chúirt Oibreachais ceist dlí a éireoidh in imeachtaí os a comhair faoin mír seo a tharchur chun na hArd-Chúirte chun go ndéanfaidh sí cinneadh ina leith agus is cinneadh críochnaitheach dochloíte cinneadh na hArd-Chúirte.

(6) Féadfaidh páirtí in imeachtaí os comhair na Cúirte Oibreachais faoin mír seo achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte i gcoinne cinnidh ón gCúirt Oibreachais ar phonc dlí agus is cinneadh críochnaitheach dochloíte cinneadh na hArd-Chúirte.

Míreanna 1 agus 2: forálacha forlíontacha

3. (1) Beidh cumhacht ag an gCúirt Oibreachais, ar aon achomharc a tharchuirfear chuici faoi *mhír 2* a éisteacht, fianaise a ghlacadh faoi mhionn agus chun na críche sin féadfaidh sí a chur faoi deara do dhaoine a bheidh ag freastal mar fhinnéithe ag an éisteacht sin mionn a ghlacadh.

(2) Féadfaidh an Chúirt Oibreachais, trí fhógra i scríbhinn sa chéill sin a thabhairt d'aon duine, a cheangal ar an duine sin freastal cibé tráth agus i cibé áit a bheidh sonraithe san fhógra agus—

(a) fianaise a thabhairt i ndáil le haon ní a ndearnadh achomharc ina leith chun na Cúirte Oibreachais faoi *mhír 2*, nó

(b) aon doiciméad a shonrófar san fhógra i ndáil leis an ní agus a bheidh i seilbh nó faoi chumhacht an duine a thabhairt ar aird,

nó an dá rud a dhéanamh.

(3) Beidh na pribhléidí agus na díolúintí céanna ag finn é in éisteacht achomhairc os comhair na Cúirte Oibreachais atá ag finn é os comhair na hArd-Chúirte.

(4) Más rud é nach ndearna an fostóir lena mbaineann breith ón goimisinéir um chearta i ndáil le gearán faoin Sceideal seo a chur i gcrích de réir a théarmaí, go mbeidh an tréimhse ama chun achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe imithe in éag agus nach ndearnadh aon achomharc den sórt sin, nó, má rinneadh achomharc den sórt sin, gur tréigeadh é, féadfaidh an fostaí lena mbaineann an gearán a thabhairt os comhair na Cúirte Oibreachais agus déanfaidh an Chúirt Oibreachais cinneadh a mbeidh an éifeacht chéanna leis atá leis an mbreith, gan an fostóir lena mbaineann ná aon fhianaise (seachas i ndáil leis na nithe réamhráite) a éisteacht.

(5) Déanfar gearán a thabhairt os comhair na Cúirte Oibreachais faoi *fhomhír (4)* trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Chúirt Oibreachais ina mbeidh cibé sonraí (más ann) a chinnfidh an Chúirt Oibreachais.

(6) Déanfaidh an Chúirt Oibreachais, ar shlí is dóigh léi is cuí, sonraí a fhoilsiú i dtaobh aon chinnidh a dhéanfaidh sí faoi aon cheann de *chlásail (a), (b), (c), (d), (e)* nó *(f) d'fhomhír (4)* de *mhír 2* (nach cinneadh é maidir le hachomharc áirithe faoin mír sin) agus faoi *fhomhír (5)*.

(7) In imeachtaí faoin Sceideal seo os comhair coimisinéara um chearta nó os comhair na Cúirte Oibreachais i ndáil le gearán gur sáraíodh *alt 67(5)*, toimhdeofar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, gur ghníomhaigh an fostaí lena mbaineann go réasúnach agus de mheon macánta le linn teacht ar an tuairim agus an tuairim lena mbaineann a chur in iúl.

(8) (a) Más rud é, maidir le pionósú fostaí de shárú ar *alt 67(5)*, gurb éard é dífhostú an fhostaí amhail dá dtagraítear i *mír (a)* den mhíniú ar “pionósú” in *alt 67(14)*, féadfaidh an fostaí (nó, i gcás fostaí nach bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici, tuismitheoir nó caomhnóir an fhostaí le toiliú an fhostaí) imeachtaí a thionscnamh i leith an dífhostaithe sin faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007, nó chun damáistí a ghnóthú faoin dlí coiteann mar gheall ar dhífhostú éagórach agus, má dhéanann an fostaí, nó a thuismitheoir nó a tuismitheoir nó a chaomhnóir nó a caomhnóir, de réir mar a bheidh, amhlaidh, ní fhéadfar gearán i ndáil leis an dífhostú sin a thíolacadh do choimisinéir um chearta faoi *mhír 1(1)*.

(b) Má dhéanann fostaí (nó, i gcás fostaí nach bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici, tuismitheoir nó caomhnóir an fhostaí le toiliú an fhostaí) gearán a thíolacadh do choimisinéir um chearta faoi *mhír 1(1)* i leith dífhostú dá dtagraítear i *gclásal (a)*, ní fhéadfaidh an fostaí ná a thuismitheoir nó a tuismitheoir nó a chaomhnóir nó a caomhnóir, de réir mar a bheidh, imeachtaí a thionscnamh i leith an dífhostaithe sin faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007, ná damáistí a ghnóthú faoin dlí coiteann mar gheall ar dhífhostú éagórach.

(9) Le linn dáileadh a dhéanamh ar shócmhainní cuideachta a bheidh á foirceannadh, áireofar ar na fiacha a bheidh, faoi *alt 285* d’Acht na gCuideachtaí, 1963 (arna leasú le *halt 10* d’Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1982, agus *alt 134* d’Acht na gCuideachtaí, 1990), le hóc i dtosaíocht ar gach fiach eile, gach cúiteamh is iníoctha de bhua breithe faoi *mhír 1(2)(b)* nó cinnidh faoi *mhír 2(1)* ag an gcuideachta le fostaí, agus beidh éifeacht dá réir sin leis an Acht sin. Ní éileofar cruthúnas foirmiúil ar na fiacha dá dtugtar tosaíocht faoin bhfomhír seo ach amháin i gcásanna ina bhforálfar dá mhalairt le rialacha arna ndéanamh faoin Acht sin.

(10) Le linn dáileadh a dhéanamh ar mhaoin féimhigh nó féichiúnaí comhshocraíochta, áireofar ar na fiacha a bheidh, faoi *alt 81* den Acht Féimheachta, 1988, le hóc i dtosaíocht ar gach fiach eile, gach cúiteamh is iníoctha de bhua breithe faoi *mhír 1(2)(b)* nó cinnidh faoi *mhír 2(1)* ag an bhféimheach nó ag an bhféichiúnaí comhshocraíochta, de réir mar a bheidh, le fostaí, agus beidh éifeacht dá réir sin leis an Acht sin. Ní éileofar cruthúnas foirmiúil ar na fiacha dá dtugtar tosaíocht faoin bhfomhír seo ach amháin i gcásanna ina bhforálfar dá mhalairt faoin Acht sin.

Cinntí ón gCúirt Oibreachais a fhorfheidhmiú

4. (1) Má mhainníonn fostóir cinneadh ón gCúirt Oibreachais i ndáil le gearán faoi *mhír 1* a chur i gcrích de réir a théarmaí laistigh de 28 lá ón dáta a chuirfear an cinneadh in iúl do na páirtithe, déanfaidh an Chúirt Chuarda ar iarratas chuici chuige sin—

- (a) ón bhfostaí lena mbaineann (nó i gcás fostaí nach bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, tuismitheoir nó caomhnóir an fostaí le toiliú an fostaí), nó
- (b) le toiliú an fostaí, ó aon cheardchumann ar comhalta de an fostaí,

gan an fostóir ná aon fhianaise (seachas i ndáil leis na nithe réamhráite) a éisteacht, ordú á ordú don fhostóir an cinneadh a chur i gcrích de réir a théarmaí.

(2) An tagairt i *bhfomhír (1)* do chinneadh ón gCúirt Oibreachais, is tagairt í do chinneadh nach mbeidh, ar dhul in éag don tréimhse ama chun achomharc a dhéanamh ina choinne, aon achomharc den sórt sin déanta i ndáil leis nó, más rud é go ndearnadh achomharc den sórt sin, gur tréigeadh é agus léifear na tagairtí don dáta a chuirfear an cinneadh in iúl do na páirtithe, i gcás go dtréigfear achomharc den sórt sin, mar thagairtí do dháta an tréigin sin.

(3) In ordú faoin mír seo lena bhforálfar go n-íocfar cúiteamh, féadfaidh an Chúirt Chuarda, más cuí léi sna himthosca go léir déanamh amhlaidh, a ordú don fhostóir lena mbaineann ús ar an gcúiteamh a íoc leis an bhfostaí lena mbaineann de réir an ráta a bheidh arna shonrú de thuras na huaire faoi alt 26 den *Debtors (Ireland) Act, 1840* i leith na tréimhse go léir, nó cuid di, dar tús 28 lá tar éis an lae a chuirtear an cinneadh ón gCúirt Oibreachais in iúl do na páirtithe agus dar críoch an lá díreach roimh an lá a dhéantar an t-ordú ón gCúirt Chuarda a chomhlíonadh.

(4) Aon iarratas faoin mír seo chun na Cúirte Cuarda déanfar é chuig an mbreitheamh den Chúirt Chuarda don chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar an bhfostóir lena mbaineann nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, trádáil, gnó nó slí bheatha.

(5) Beidh feidhm ag *alt 67(14)* maidir le léiriú an Sceidil seo mar atá feidhm aige maidir le léiriú *alt 67*.

Leasú ar an Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984

5. Leasaítear alt 6 den Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 (arna leasú le Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Cheartas Coiriúil, 2011)—

- (a) i bhfo-alt (2)(a)—
 - (i) i bhfomhír (xxvi), trí “agus” a scriosadh i ndiaidh “den Sceideal sin,”
 - (ii) i bhfomhír (xxvii), trí “den Sceideal sin, agus” a chur in ionad “den Sceideal sin.,” agus
 - (iii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (xxvii):

“(xxviii) aon mhéid a cheanglaítear ar fhostóir a íoc de bhua breithe ó choimisinéir um chearta faoi *mhír 1(2)(b)* de *Sceideal 4* a ghabhann leis an *Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011* nó de bhua cinnidh ón gCúirt Oibreachais faoi *mhír 2(1)* den Sceideal sin.”,

Sc.4

[*Uimh. 40.*] *An tAcht um Sheirbhísí Maoine* [2011.]
(*Rialáil*), 2011.

- (b) i bhfo-alt (2)(b), trí “, (xxvii) nó (xxviii)” a chur in ionad “nó (xxvii)”,
- (c) i bhfo-alt (2)(c), trí “, (xxvii) nó (xxviii)” a chur in ionad “nó (xxvii)”, agus
- (d) i bhfo-alt (9), sa mhíniú ar “dáta iomchuí”, trí “, (xxvii) nó (xxviii)” a chur in ionad “nó (xxvii)”.

[2011.] *An tAcht um Sheirbhísí Maoine* [Uimh. 40.]
(*Rialáil*), 2011.

SCEIDEAL 5

Alt 74.

FORÁLACHA MAIDIR LEIS AN mBORD ACHOMHAIRC UM SHEIRBHÍSÍ
MAOINE

CUID 1

GINEARÁLTA

Comhaltas

1. Is iad a bheidh ar an mBord Achomhairc cathaoirleach agus cibé comhaltaí eile agus cibé líon comhaltaí eile a mheasfaidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, is gá ó am go ham chun a fheidhmeanna a chomhall go héifeachtach.

Ceapadh

2. Ceapfaidh an Rialtas an cathaoirleach agus comhaltaí eile an Bhoird Achomhairc agus, faoi réir an Sceidil seo, sealbhóidh siad oifig ar cibé téarmaí a chinnfidh an Rialtas.

An Cathaoirleach

3. (1) (a) Abhcóide cleachtach, nó aturnae cleachtach, a bhfuil seasamh 7 mbliana ar a laghad aige nó aici a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach.

(b) Aon chathaoirleach a scoirfidh de bheith ina abhcóide nó ina habhcóide nó ina aturnae nó ina haturnae den sórt sin le linn a théarma oifige nó a téarma oifige mar chathaoirleach, scoirfidh sé nó sí, air sin, de bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach agus ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord Achomhairc.

(2) Beidh an cathaoirleach freagrach as a chinntiú go ndéanfaidh an Bord Achomhairc a fheidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach.

(3) Féadfaidh an Cathaoirleach, más é a thuairim nó a tuairim go ndearna comhalta den Bhord Achomhairc é féin nó í féin a iompar ar chuma a tharraingeodh míchlú ar an mBord nó gur dhochar é, thairis sin, do chomhlíonadh éifeachtach fheidhmeanna an Bhoird Achomhairc, féadfaidh sé nó sí—

(a) a cheangal ar an gcomhalta freastal le haghaidh agallaimh agus, ar an gcomhalta d'fhreastal amhlaidh, an tuairim sin a chur in iúl dó nó di go príobháideach, nó

(b) an t-ábhar a imscrúdú ar shlí eile,

agus toradh an agallaimh nó an imscrúdaithe a thuairisciú don Aire más cú leis an gcathaoirleach déanamh amhlaidh.

Téarma oifige

4. (1) Faoi réir na míre seo—

(a) beidh an cathaoirleach i seilbh oifige ar feadh tréimhse 4 bliana ó dháta a cheaptha nó a ceaptha, agus

- (b) beidh aon chomhalta eile den Bhord i seilbh oifige ar feadh cibé tréimhse, nach faide ná 4 bliana, ó dháta a cheaptha nó a ceaptha, a shonróidh an Rialtas an tráth a cheapfaidh sé an comhalta,

agus féadfaidh an Rialtas i ngach cás é nó í a athcheapadh don dara téarma oifige nó do théarma dá éis sin.

(2) Féadfaidh comhalta den Bhord Achomhairc éirí as oifig aon tráth trí litir a bheidh dírithe chuig Ard-Rúnaí an Rialtais agus beidh éifeacht leis an éirí as an dáta a bheidh sonraithe sa litir nó an dáta a gheobhaidh Ard-Rúnaí an Rialtais an litir, cibé acu is déanaí.

(3) Beidh comhalta den Bhord Achomhairc i seilbh oifige mar chomhalta den sórt sin go dtí go rachaidh a théarma nó a téarma oifige in éag, mura túisce a éagfaidh sé nó sí, a thiocfaidh sé nó sí chun bheith dícháilithe le haghaidh oifige, a éireoidh sé nó sí as oifig, a chuirfear é nó í as oifig nó a scoirfidh sé nó sí ar shlí eile de bheith ina chomhalta nó ina comhalta.

(4) Más rud é, maidir le comhalta—

- (a) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,
- (b) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa,
- (c) go measfar, de bhun alt 19 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997 é nó í a bheith tofa chun na Parlaiminte sin, nó
- (d) go dtoghfar nó go gcomhthoghfar é nó í mar chomhalta d'údarás áitiúil,

scoirfidh sé nó sí air sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord Achomhairc.

(5) Féadfaidh an Rialtas ar chúiseanna sonraithe comhalta a chur as oifig aon tráth—

- (a) mar gheall ar mhí-iompar, nó
- (b) má mheasann sé—
- (i) go bhfuil an comhalta tagtha chun bheith éagumasach, de dheasca easláinte, ar fheidhmeanna na hoifige a chomhlíonadh go héifeachtach,
- (ii) go bhfuil easaontacht leasa ag an gcomhalta atá chomh suntasach sin gur gá go scoirfeadh an duine d'oifig a shealbhú, nó
- (iii) gur dealraitheach gur gá an comhalta a chur as oifig ar mhaithe le comhlíonadh éifeachtach fheidhmeanna an Bhoird Achomhairc.

(6) Beidh duine dícháilithe chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta agus scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta, más rud é—

- (a) go mbreithnítear ina fhéimheach nó ina féimheach é nó í,
- (b) go ndéanann sé nó sí imshocraíocht nó comhshocraíocht lena chreidiúnaithe nó lena creidiúnaithe,
- (c) go gciontaítear é nó í ar díotáil i gcion indíotáilte,
- (d) go gciontaítear é nó í i gcion lena ngabhann mímhacántacht,
- (e) go ndéantar dearbhú faoi alt 150 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 ina choinne nó ina coinne nó go bhfuil sé nó sí faoi réir, nó go meastar é nó í a bheith faoi réir, ordú dícháilíochta de bhua Chuid VII den Acht sin, nó
- (f) go scoireann sé nó sí de ghnáthchónaí a bheith air nó uirthi sa Stát.

Luach saothair, etc., comhaltaí

5. Íocfar le comhaltaí an Bhoird Achomhairc cibé luach saothair (más ann) agus liúntais i leith caiteachas a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Nós Imeachta an Bhoird

6. (1) Tionólfaidh an Bord Achomhairc cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach.

(2) Ag cruinniú den Bhord Achomhairc—

- (a) is é 3 nó cibé líon eile, nach lú ná 3, a chinnfidh an Bord Achomhairc, an córam,
- (b) is é nó is í an cathaoirleach, má bhíonn sé nó sí i láthair, a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú,
- (c) mura mbeidh, agus fad nach mbeidh, an cathaoirleach i láthair nó má bhíonn, agus fad a bheidh, oifig an chathaoirligh folamh, déanfaidh na comhaltaí den Bhord Achomhairc a bheidh i láthair duine dá líon a roghnú chun gníomhú mar chathaoirleach ar an gcruinniú,
- (d) beidh vóta ag gach comhalta den Bhord Achomhairc (lena n-áirítear an cathaoirleach) a bheidh i láthair ag cruinniú den Bhord Achomhairc, agus
- (e) ag cruinniú den Bhord Achomhairc, déanfar aon cheist ar gá vótáil ina leith a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí den Bhord Achomhairc a bheidh i láthair agus a vótálfaidh ar an gceist agus, i gcás comhionannais vótaí, beidh vóta réitigh ag cathaoirleach an chruinnithe.

(3) Faoi réir an Achta seo, féadfaidh an Bord Achomhairc a nós imeachta féin a rialáil.

(4) Faoi réir *fhomhíreanna* (5) agus (6), féadfaidh an Bord Achomhairc aon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh tríd an gcathaoirleach nó trí aon comhalta nó duine eile a bheidh údaráithe go cuí ag an mBord Achomhairc chuige sin nó ag duine díobh sin.

(5) Ní fhéadfaidh comhalta den Bhord Achomhairc cás áirithe a chinneadh go críochnaitheach ach amháin má táthar tar éis é a bhreithniú ag cruinniú den Bhord sula dtabharfar an t-údarú cuí.

(6) Ní fhéadfaidh an Bord Achomhairc a údarú do dhuine nach comhalta cás áirithe a chinneadh go críochnaitheach.

(7) Féadfaidh an Bord Achomhairc breith a thabhairt ar achomharc le tromlach dá chomhaltaí.

Folúntais sa chomhaltas

7. (1) Más rud é go bhfaighidh comhalta den Bhord Achomhairc bás, go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith dícháilithe chun oifig a shealbhú, go n-éireoidh sé nó sí as oifig, go gcuirfear é nó í as oifig nó go scoirfidh sé nó sí ar shlí eile de bheith ina chomhalta nó ina comhalta, féadfaidh an Rialtas duine a cheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord Achomhairc chun an folúntas a bheidh ann dá dhroim sin a líonadh.

(2) Aon duine a cheapfar chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord Achomhairc faoi *fhomhír (1)*, beidh sé nó sí i seilbh oifige ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige an chomhalta ba chúis leis an gcorrholúntas.

(3) Chun críocha *fhomhír (2)*, measfar téarma mar chomhalta den Bhord Achomhairc a bheith curtha isteach ag duine is cúis le corrholúntas nó a líonfaidh corrholúntas d'ainneoin nach raibh sé nó sí i seilbh oifige ach ar feadh cuid den téarma.

(4) Faoi réir *mhír (6)(2)(a)*, féadfaidh an Bord Achomhairc gníomhú d'ainneoin folúntais amháin nó níos mó a bheith ina chomhaltas.

Rúnaí an Bhoird

8. Duine is oifigeach don Aire agus is státseirbhíseach bunaithe chun críocha Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 2005 agus atá ar iasacht chuig an mBord Achomhairc ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha, a ghníomhóidh mar rúnaí an Bhoird.

Gan faisnéis a nochtadh

9. (1) Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt le dlí, ní dhéanfaidh duine, gan toiliú an Bhoird Achomhairc, faisnéis a nochtadh a gheobhaidh an duine ina cháil nó ina cáil mar chomhalta den Bhord Achomhairc nó mar rúnaí an Bhoird Achomhairc.

(2) Ní choiscfidh aon ní i *bhfomhír (1)* faisnéis a nochtadh i dtuarascáil a thabharfar don Bhord Achomhairc nó a thabharfaidh an Bord Achomhairc, nó a thabharfar thar a cheann, don Aire.

Toirmeasc ar thionchar míchuí

10. (1) Ní dhéanfaidh duine cumarsáid le comhalta den Bhord Achomhairc ná le rúnaí an Bhoird Achomhairc chun tionchar míchuí a imirt ar an mbreithniú a dhéanfaidh an Bord Achomhairc ar achomharc nó ar aon bhreith ón mBord Achomhairc i leith achomhairc.

(2) Más é tuairim an chomhalta nó an rúnaí gur sárú aon chumarsáid ar *fhomhír (1)*, ní thabharfaidh sé nó sí aon aird eile

uirthi agus cuirfidh sé nó sí ábhar na cumarsáide sin in iúl don Bhord Achomhairc láithreach i scríbhinn agus tabharfaidh an Bord Achomhairc admháil i scríbhinn go bhfuair sé an fhaisnéis sin.

Tuarascálacha don Aire

11. Beidh feidhm ag *alt 17*, fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir leis an mBord Achomhairc, mar atá feidhm aige maidir leis an Údarás.

CUID 2

ACHOMHAIRC

Ginearálta

12. Cinnteoidh an Bord Achomhairc, a mhéid is indéanta, go bpléifear le hachomhairc, agus go ndéanfar iad a chinneadh, go dlúsúil.

Breitheanna ón Údarás a bheith faoi réir achomhairc

13. Aon duine arb éagóir leis nó léi breith ón Údarás—

- (a) lena diúltaítear, faoi *alt 31(3)(g), (h),* nó *(i)*, ceadúnas a eisiúint,
- (b) lena ndiúltaítear, faoi *alt 63(2)*, a chur faoi deara imscrúdú a sheoladh ar an nÍ is ábhar do ghearán,
- (c) lena ndéantar mion-smachtbhanna a fhorchur faoi *alt 68(4)(a)*,
- (d) lena ndéantar gearán a dhíbhne faoi *alt 68(4)(c)*, nó
- (e) lena ndiúltaítear deontas a thabhairt, nó a bhaineann le méid an deontais a thugtar,

féadfaidh sé nó sí, laistigh de 30 lá ón dáta a fhaightear fógra faoin mbreith, achomharc a dhéanamh chun an Bhoird Achomhairc i gcoinne na breithe trí fhógra achomhairc atá de réir *mhír 14(1)*, a sheirbheáil ar an mBord Achomhairc.

Ceanglais maidir le fógra achomhairc

14. (1) Is i scríbhinn a bheidh an fógra achomhairc, agus luafar ann—

- (a) ainm agus seoladh an achomharcóra,
- (b) ábhar an achomhairc,
- (c) leas an achomharcóra i dtoradh an achomhairc, agus
- (d) forais an achomhairc agus na cúiseanna, na cúinsí agus na hargóintí ar a bhfuil siad bunaithe,

agus beidh ag gabháil leis an bhfógra an táille chuí (más ann) agus cibé doiciméid i ndáil leis an achomharc is dóigh leis an achomharcóir is gá nó is cúí.

(2) Ní dhéanfaidh an t-achomharcóir, mura n-iarrfaidh an Bord Achomhairc air nó uirthi déanamh amhlaidh, mionléiriú i scríbhinn ar na forais achomhairc, ná aighneachtaí breise i scríbhinn i ndáil leis na forais achomhairc, a luaitear san fhógra achomhairc, ná ní chuirfidh sé nó sí forais bhreise achomhairc faoi bhráid an Bhoird Achomhairc, agus ní bhreithneoidh an Bord Achomhairc aon mhionléiriú ná aighneachtaí breise den sórt sin a gheobhaidh sé.

(3) Gan dochar do *mhír 23*, ní bhreithneoidh an Bord Achomhairc aon doiciméid a chuir an t-achomharcóir faoina bhráid ag an achomhairc seachas na doiciméid sin a bhí ag gabháil leis an bhfógra achomhairc.

Ní bhreithneoidh an Bord Achomhairc achomharc lasmuigh den teorainn ama, etc.

15. Ní bhreithneoidh an Bord Achomhairc achomharc mura bhfaigheann sé an fógra achomhairc roimh dhul in éag don tréimhse 30 lá dá dtagraítear i *mír 13*, nó mura mbeidh an fógra de réir cheanglais *mhír 14 (1)* (lena n-áirítear *clásal (d)* den *mhír sin*).

An tÚdarás le bheith ina pháirtí in achomharc

16. Beidh an tÚdarás ina pháirtí i ngach uile achomharc.

Páirtithe eile in achomharc

17. I gcás ina dtionscnófar achomharc i gcoinne breithe ón Údarás dá dtagraítear i *mír 13(b)* nó (*d*), nó i gcoinne breithe dá dtagraítear i *mír 13(c)* agus a bhaineann le himscrúdú a d'eascair as gearán, beidh an páirtí eile sa ghearán ina fhógrapháirtí nó ina fógrapháirtí san achomharc freisin.

Fógra a thabhairt faoi achomharc

18. Déanfaidh an Bord Achomhairc, a luaithe is indéanta tar éis fógra achomhairc a fháil, cóip den fhógra a chur leis an bpost cláraithe réamhíochta—

(a) chuig an Údarás, agus

(b) más infheidhme *mír 17*, chuig an bpáirtí eile sa ghearán.

Achomharc a tharraingt siar

19. Féadfaidh achomharcóir achomharc a tharraingt siar trí fhógra i scríbhinn chuig an mBord Achomhairc aon tráth sula ndéanfar an t-achomharc a chinneadh.

Doiciméid a bheidh le soláthar ag an Údarás don Bhord Achomhairc

20. Déanfaidh an tÚdarás, laistigh de 14 lá ón tráth a gheofar an chóip den fhógra achomhairc, cóip de na nithe seo a leanas a chur faoi bhráid an Bhoird Achomhairc leis an bpost cláraithe réamhíochta—

(a) an t-iarratas ar an gceadúnas nó an ceadúnas nó an gearán lena mbaineann agus aon fhaisnéis eile a fuarthas ina leith sin ón iarratasóir, ón gceadúnaí nó ón ngearánach, de réir mar a bheidh,

- (b) aon tuarascáil ar imscrúdú (nó tuarascálacha ar imscrúduithe más infheidhme *alt 68(4)(b)*) nó aon tuarascáil eile arna hullmhú don Údarás nó aon doiciméid nó faisnéis iomchuí eile atá ina sheilbh i leith na breithe uaidh is ábhar don achomharc (lena n-áirítear aon aighneachtaí dá dtagraítear in *ailt 68(2)* agus *5(b)*),
- (c) an taifead den bhreith ón Údarás is ábhar don achomharc, agus
- (d) an fógra faoin mbreith chuig na daoine lena mbaineann.

Aighneachtaí ón Údarás ar achomharc

21. (1) Féadfaidh an tÚdarás aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh chuig an mBord Achomhairc i leith an achomhairc laistigh de 30 lá ón tráth a gheofar an chóip den fhógra achomhairc ón mBord Achomhairc, agus ní bhreithneoidh an Bord Achomhairc aon aighneachtaí a gheobhaidh sé ón Údarás tar éis don tréimhse sin dul in éag.

(2) I gcás nach mbeidh aon aighneachtaí faighte ón Údarás laistigh den tréimhse dá dtagraítear i *bhfómhír (1)*, féadfaidh an Bord Achomhairc, gan aon fhógra eile a thabhairt don Údarás, an t-achomharc a chinneadh.

(3) Ní dhéanfaidh an tÚdarás, mura n-iarrfaidh an Bord Achomhairc air déanamh amhlaidh, mionléiriú i scríbhinn ar aon aighneachtaí arna ndéanamh faoi *fhómhír (1)* ná aon aighneachtaí breise i scríbhinn i ndáil leis an achomharc, agus ní bhreithneoidh an Bord Achomhairc aon mhionléiriú ná aighneachtaí breise den sórt sin, de réir mar a bheidh.

(4) I gcás ina ndéanfaidh páirtí i ngearán achomharc i gcoinne breithe lena mbaineann *mír 17*, beidh feidhm ag an mír seo i leith an pháirtí eile sa ghearán amhail is dá mba thagairtí don pháirtí eile sin iad tagairtí sa mhír seo don Údarás.

Aighneachtaí ag duine nach páirtí in achomharc

22. (1) Féadfaidh duine nach páirtí in achomharc aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBord Achomhairc i leith an achomhairc laistigh de 30 lá ón tráth a gheobhaidh an Bord Achomhairc an fógra achomhairc, agus ní bhreithneoidh an Bord Achomhairc aighneachtaí a gheobhaidh sé ón duine tar éis don tréimhse sin dul in éag.

(2) Ní dhéanfaidh an duine, mura n-iarrfaidh an Bord Achomhairc air nó uirthi déanamh amhlaidh, mionléiriú i scríbhinn ar aon aighneachtaí arna ndéanamh faoi *fhómhír (1)* ná aon aighneachtaí breise i scríbhinn i leith an achomhairc, agus ní bhreithneoidh an Bord Achomhairc aon mhionléiriú ná aighneachtaí breise den sórt sin de réir mar a bheidh.

Faisnéis bhreise a cheanglóidh an Bord Achomhairc

23. (1) I gcás inarb é tuairim an Bhoird Achomhairc gur gá aon fhaisnéis nó aon doiciméad chun a chumasú dó achomharc a chinneadh, féadfaidh sé fógra i scríbhinn a sheirbheáil ar aon pháirtí san achomharc nó ar aon duine a rinne aighneachtaí faoi *mhír 22*—

- (a) lena gceanglaítear ar an bpáirtí nó ar an duine, de réir mar a bheidh, cibé faisnéis nó doiciméid a bheidh sonraithe san fhógra a chur faoina bhráid, laistigh den tréimhse a shonraítear san fhógra (dá ngairtear “an tréimhse shonraithe” sa mhír seo), is tréimhse nach giorra ná 14 lá agus dar tosach dáta seirbheála an fhógra, agus
- (b) á rá go bhféadfaidh sé, mura gcomhlíonfar *clásal* (a), an t-achomharc a chinneadh tar éis don tréimhse shonraithe dul in éag gan fógra breise a thabhairt don pháirtí nó don duine, de réir mar a bheidh.

(2) I gcás fógra a bheith seirbheáilte ar dhuine faoin mír seo, féadfaidh an Bord Achomhairc, aon tráth tar éis don tréimhse shonraithe dul in éag, cibé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh an fógra, an t-achomharc a chinneadh gan fógra breise a thabhairt don duine.

Achomharc a chinneadh

24. (1) Faoi réir *fhomhíreanna* (2) agus (3), cinnfidh an Bord Achomhairc an t-achomharc, mura dtarraingeofar siar é—

- (a) tríd an mbreith ón Údarás a mbaineann an t-achomharc léi a dhaingniú,
- (b) tríd an ní a tharchur, ar chúiseanna sonraithe agus fara ordacháin nó dá n-éagmais, chuig an Údarás lena athbhreithniú agus chun breith nua a thabhairt (is breith nua a bhféadfadh gurb éard í, i gcás breithe ón Údarás a thagann faoi réim *mhír 13(c)*, breith faoi *alt 68(4)(a)* mór-smachtbhanna a fhorchur),
- (c) trína chinneadh a chur in ionad na breithe sin (is cinneadh a bhféadfadh gurb éard é, i gcás breithe ón Údarás a thagann faoi réim *mhír 13(c)*, breith faoi *alt 68(4)(a)* mór-smachtbhanna a fhorchur) agus, air sin, beidh an bhreith sin ar neamhní.

(2) Beidh feidhm ag *ailt 68(10)* agus 73, fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir leis an mBord Achomhairc mar atá feidhm aige maidir leis an Údarás.

(3) Más rud é, maidir le cinneadh ón mBord Achomhairc dá dtagraítear i *bhfomhír (1)(c)*, gur breith é faoi *alt 68(4)(a)* mór-smachtbhanna a fhorchur, beidh feidhm ag *ailt 69* go *72*, fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir leis an gcinneadh amhail is dá mba bhreith ón Údarás é mór-smachtbhanna a fhorchur ar an gceadúnaí lena mbaineann.

Achomharc suaibhreasach, etc., a dhíbhe

25. Déanfaidh an Bord Achomhairc aon achomharc a dhíbhe, más é a thuairim gur achomharc suaibhreasach nó cráiteach é nó gur achomharc gan substaint ná foras é.

Na nithe ar a bhforasáitear achomharc

26. Beidh achomharc forasaithe ar na nithe seo a leanas—

- (a) an taifead den bhreith ón Údarás is ábhar don achomharc,

- (b) an fhaisnéis a bheidh san fhógra achomhairc,
- (c) aon aighneachtaí (lena n-áirítear aon mhionléirithe orthu) arna ndéanamh de réir na Coda seo chuig an mBord Achomhairc maidir le haon ní a eascraíonn as an mbreith nó as an bhfaisnéis sin,
- (d) aon doiciméad nó faisnéis eile a gheobhaidh an Bord Achomhairc de réir na Coda seo ar an achomharc a éisteacht.

Suíonna den Bhord Achomhairc

27. Is ar shlí seachas go poiblí a thionólfar suíonna an Bhoird Achomhairc mura rud é—

(1) go ndéanfaidh an tÚdarás, an t-achomharcóir nó, más infheidhme *mír 17*, an páirtí eile sa ghearán, iarraidh i scríbhinn chun an Bhoird Achomhairc ar na suíonna (nó cuid díobh) i leith an achomhairc lena mbaineann a thionól go poiblí agus go luafaidh sé nó sí san iarraidh na cúiseanna leis an iarraidh, agus

(2) gur deimhin leis an mBord Achomhairc, tar éis dó an iarraidh (go háirithe, na cúiseanna leis an iarraidh) a bhreithniú, gur chuí déanamh de réir na hiarrata.

Éisteachtaí ó bhéal

28. (1) Faoi réir *fhomhíreanna (2) go (5)*, féadfaidh an Bord Achomhairc, as a threoir féin nó ar iarraidh a fháil ó pháirtí, dá lánrogha féin, éisteacht ó bhéal ar achomharc a sheoladh.

(2) Maidir le hiarraidh ó pháirtí ar éisteacht ó bhéal—

- (a) is i scríbhinn chuig an mBord Achomhairc a dhéanfar í,
- (b) faoi réir *chlásal (c)*, déanfar í laistigh den tréimhse 30 lá dá dtagraítear i *mír 13*,
- (c) (i) i gcás inarb é an tÚdarás a dhéanfaidh an iarraidh, déanfar í laistigh den tréimhse 30 lá dá dtagraítear i *mír 21(1)*, nó
- (ii) má dhéanann an duine dá ngairtear an “páirtí eile” i *mír 17* an iarraidh, déanfar í laistigh de 30 lá ón tráth a gheobhaidh an duine sin an fógra achomhairc.

(3) Ní bhreithneoidh an Bord Achomhairc iarraidh ar éisteacht ó bhéal arna déanamh tráth is déanaí ná an tráth a rachaidh an tréimhse iomchuí dá dtagraítear i *bhfomhír (2)* in éag.

(4) I gcás ina ndiúltoídh an Bord Achomhairc d'iarraidh ar éisteacht ó bhéal a sheoladh, déanfaidh sé fógra i dtaobh a bhreithe agus na cúiseanna lena bhreith a sheirbheáil ar gach páirtí san achomharc agus ar aon duine a rinne aighneacht faoi *mhír 22* i leith an achomhairc.

(5) Féadfaidh an Bord Achomhairc le linn dó éisteacht ó bhéal a sheoladh fianaise a ghlacadh faoi mhionn, agus údaraítear, leis seo, d'aon chomhalta den Bhord Achomhairc duine a chur faoi mhionn den sórt sin.

(6) Féadfaidh an Bord Achomhairc, le fógra i scríbhinn, a cheangal ar aon duine freastal cibé tráth agus i cibé áit a shonrófar san fhógra chun fianaise a thabhairt i leith aon ní faoi shaincheist san achomharc nó chun aon doiciméid iomchuí a bheidh ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina urláimh nó faoina hurláimh nó ar fáil aige nó aici a thabhairt ar aird.

(7) Beidh duine dá dtagraítear i *bhfómhír (6)* i dteideal na ndíolúintí agus na bpríbhleáidí céanna i leith aon cheanglas dá dtagraítear san fhómhír sin a chomhlíonadh amháil is dá mba fhinné os comhair na hArd-Chúirte an duine.

(8) I gcás nach ndéanfaidh duine dá dtagraítear i *bhfómhír (6)* ceanglas dá dtagraítear san fhómhír sin a chomhlíonadh nó a chomhlíonadh go hiomlán, féadfaidh an Bord Achomhairc iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda, iar bhfógra don duine sin, ar ordú á cheangal ar an duine an ceanglas a chomhlíonadh nó a chomhlíonadh go hiomlán, de réir mar a bheidh, laistigh de thréimhse a shonróidh an Chúirt, agus féadfaidh an Chúirt an t-ordú a lorgaíodh nó cibé ordú eile is cuí léi a dhéanamh nó diúltú aon ordú a dhéanamh.

(9) Féadfaidh an breitheamh den Chúirt Cuarda don chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine lena mbaineann nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, gnó nó slí bheatha an dlínse a thugtar don Chúirt sin leis an alt seo a fheidhmiú.

*Caiteachais daoine a fhreastalóidh os comhair an Bhoird
Achomhairc*

29. Déanfar caiteachais réasúnacha taistil agus cothaithe aon duine a fhreastalóidh os comhair an Bhoird Achomhairc de réir *mhír 28(6)* a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Fógra cinnidh

30. Déanfaidh an Bord Achomhairc fógra i scríbhinn faoina chinneadh agus na cúiseanna lena chinneadh a sheirbheáil ar gach páirtí san achomharc agus ar aon duine a rinne aighneacht faoi *mhír 22* i leith an achomhairc.

Achomhairc ar cuireadh moill leo nó a tréigeadh

31. (1) I gcás inarb é tuairim an Bhoird Achomhairc—

(a) go ndearnadh, de dheasca iompar an achomharcóra, moill nár ghá a chur le himeachtaí ar achomharc, nó

(b) gur tréigeadh iarratas ar cheadúnas lena mbaineann an t-achomharc,

féadfaidh sé fógra i scríbhinn a sheirbheáil ar an achomharcóir á rá gurb é sin a thuairim agus á cheangal ar an achomharcóir, laistigh de thréimhse a shonrófar san fhógra (nach giorra ná 14 lá nó nach faide ná 28 lá ó dháta seirbheála an fhógra) aighneacht i scríbhinn a dhéanamh chuige maidir leis an bhfáth nár chóir plé leis an achomharc mar achomharc a tarraingíodh siar.

(2) Aon tráth tar éis don tréimhse a shonrófar i bhfógra faoi *fhómhír (1)* dul in éag, féadfaidh an Bord Achomhairc, tar éis aon aighneachtaí a dhéanfar chuige de bhun na fómhíre sin a bhreithniú—

[2011.] *An tAcht um Sheirbhísí Maoine* [Uimh. 40.]
(Rialáil), 2011.

Sc.5

(a) a dhearbhu go bpléifear leis an achomharc mar achomharc a tarraingíodh siar agus, más cuí, leis an iarratas faoi *alt 30* ar cheadúnas mar iarratas a tarraingíodh siar freisin, nó

(b) an t-achomharc a chinneadh.

(3) Más rud é, faoi *fhomhír (2)(a)*, go ndearbhaíonn an Bord Achomhairc go bpléifear le hachomharc nó le hiarratas dá dtagraítear san *fhomhír* sin mar achomharc nó mar iarratas a tarraingíodh siar, ansin—

(a) measfar an t-achomharc a bheith tarraingthe siar agus, dá réir sin, ní dhéanfaidh an Bord Achomhairc é a chinneadh, nó

(b) d'ainneoin aon bhreithe roimhe sin i ndáil leis an iarratas, ní eiseofar ceadúnas dá thoradh,

de réir mar a bheidh.

SCEIDEAL 6

FORÁLACHA A BHFUIL FEIDHM ACU MAIDIR LEIS AN gCISTE CÚITIMH
UM SHEIRBHÍSÍ MAOINE A RIARADH

1. Measfar an t-airgead go léir a íocfar leis an gCiste, a bheith á shealbhú ar iontaobhas ag an Údarás, agus déanfaidh an tÚdarás cuntas ar leithligh le haghaidh an airgid sin a oscailt agus a choimeád.

2. Féadfaidh an tÚdarás airgead de chuid an Chiste a infheistiú in urrúis a n-údaráítear le dlí d'iontaobhaithe cistí iontaobhais a infheistiú iontu.

3. Féadfaidh an tÚdarás, le ceadú an Aire, arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Aire Airgeadais, iasacht a fháil le haghaidh an Chiste agus, chun urrús a thabhairt i leith an iasacht sin a fháil, féadfaidh sé infheistíochtaí de chuid an Chiste a mhuirearú.

4. Féadfaidh an tÚdarás dul faoi árachas in aghaidh aon fhiontair i ndáil leis an gCiste.

5. Íocfar an méid seo a leanas isteach sa Chiste—

- (a) gach ranníoc cuí,
- (b) an t-ús, na díbhinní agus an t-ioncam eile go léir agus an biseach go léir ar chaipiteal de thairbhe an Ciste nó aon chuid de a infheistiú,
- (c) an fáltas as aon infheistíochtaí de chuid an Chiste a réadú,
- (d) an t-airgead go léir a gheofar ar iasacht chun críocha an Chiste,
- (e) an t-airgead go léir a gheobhaidh an tÚdarás faoi aon árachas faoina rachaidh an tÚdarás faoi *mhír 4*, agus
- (f) aon airgead eile de chuid an Chiste nó a fhabhróidh chun an Chiste nó a gheobhaidh an tÚdarás ina leith (lena n-áirítear aon airgead is iníoctha de bhua mór-smachtbhanna a fhorchur ar cheadúnaí a thagann faoi réim *mhír (c)* den mhíniú ar “mór-smachtbhanna” in *alt 2(1)*).

6. Íocfar an méid seo a leanas amach as an gCiste—

- (a) costais, muirir agus caiteachais arna dtabhú ag cothabháil, ag cosaint, ag riaradh agus ag úsáid an Chiste,
- (b) préimheanna aon árachais faoina rachaidh an tÚdarás faoi *mhír 4*,
- (c) aisíocaíochtaí i leith airgid a fuair an tÚdarás ar iasacht don Chiste agus íocaíochtaí úis ar airgead den sórt sin,
- (d) íocaíochtaí aon deontas,
- (e) costais, muirir agus caiteachais arna dtabhú ag an Údarás faoi *Chuid 9* nó faoin Sceideal seo,

(f) costais, muirir agus caiteachais arna dtabhú ag an Údarás le linn comhlíonadh na rialachán arna ndéanamh faoi *alt 95* a fhorfheidhmiú is rialacháin lena bhforordaítear ranníocaí leis an gCiste agus le linn a fháil amach an bhfuil na rialacháin sin comhlíonta, agus

(g) suimeanna eile is iníoctha as an gCiste go cuí.

7. Coimeádfaidh an tÚdarás na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a bheidh íoctha isteach sa Chiste agus ar eisíocaíochtaí as an gCiste, lena n-áirítear—

(a) cuntas ioncaim agus caiteachais—

(b) ráiteas faoi shreabhadh airgid, agus

(c) clár comhardaithe.

8. A luaithe is féidir tar éis dheireadh gach bliana airgeadais de chuid an Údaráis, déanfaidh an tÚdarás—

(a) cuntais an Chiste a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh, agus

(b) cóip d'achomaireacht de na cuntais arna n-iniúchadh amhlaidh, mar aon le cóip de thuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste orthu a chur faoi bhráid an Aire.

9. Cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den 2 dhoiciméad dá dtagraítear i *mír (8)(b)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis don Údarás na doiciméid a chur faoina bhráid nó faoina bráid.

SCEIDEAL 7

MODHNUITHE AR AN ACHT SEO I NDÁIL LE DAOINE IOMCHUÍ

1. Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sa Sceideal seo, ní bheidh éifeacht le *hailt* 29 go 36, 39 agus 40, *mír* (d) den mhíniú ar “ní ábhartha” in *alt* 41(4), *ailt* 45, 52, 53, 77 go 81, 89 agus 98 go 100 agus *mír* 13 (seachas *clásail* (b), (c) agus (d)) de *Sceideal* 5 i ndáil le daoine iomchuí.

2. In *alt* 2(1)—

(a) sna mínithe ar “taifid chuntasaíochta”, “luach comhairlithe ligin”, “margadhluach comhairlithe”, “banc”, “gnó”, “cliant”, “cuntas cliant”, “airgead cliant”, “seirbhísí airgeadais”, “iompar míchuí”, “tuarascáil ar imscrúdú”, “mion-smachtbhanna”, “árachas slánaíochta gairmiúla” agus “raon praghsanna iomchuí”, aon tagairt do cheadúnaí, is tagairt í do dhuine iomchuí, agus

(b) sa mhíniú ar “mór-smachtbhanna”—

(i) aon tagairt do cheadúnaí is tagairt í do dhuine iomchuí,

(ii) an tagairt i *mír* (a) den mhíniú sin do cheadúnas a chúlghairm is tagairt í do thoirmeasc a chur ar an duine iomchuí seirbhís maoine a sholáthar sa Stát,

(iii) an tagairt i *mír* (b) den mhíniú sin do cheadúnas a chur ar fionraí ar feadh tréimhse sonraithe is tagairt í do thoirmeasc a chur ar an duine iomchuí seirbhís maoine a sholáthar sa Stát ar feadh tréimhse sonraithe, agus

(iv) scriostar *mír* (c).

3. Leasaítear *alt* 2 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad *fh-alt* (2):

“(2) Chun críocha an Achta seo, measfar seirbhís maoine a bheith á soláthar sa Stát má tá an tseirbhís maoine á soláthar—

(a) ag duine iomchuí atá bunaithe sa Stát agus cibé acu atá nó nach bhfuil—

(i) gnáthchónaí ar an gcliant lena mbaineann sa Stát, nó

(ii) an mhaoin lena mbaineann suite sa Stát,

(b) ag duine iomchuí is pearsa aonair atá go corpartha sa Stát—

(i) i gcás ina bhfuil gnáthchónaí ar an gcliant lena mbaineann sa Stát, agus

(ii) cibé acu atá nó nach bhfuil an mhaoin lena mbaineann suite sa Stát,

nó

(c) i gcás duine iomchuí nach pearsa aonair, ag aon phríomhoifigeach, fostaí nó gníomhaire de chuid an duine iomchuí is pearsa aonair agus atá go corpartha sa Stát araon—

(i) i gcás ina bhfuil gnáthchónaí ar an gcliant lena mbaineann sa Stát, agus

(ii) cibé acu atá nó nach bhfuil an mhaoin lena mbaineann suite sa Stát.”.

4. In *alt 2(5)* agus (6), aon tagairt do cheadúnaí nó d'iarcheadúnaí is tagairt í do dhuine iomchuí nó d'iardhuine iomchuí faoi seach.

5. In *alt 11 (1)* agus (2)(d), (g), (h), (i), (j) agus (m), aon tagairt do cheadúnaí is tagairt í do dhuine iomchuí.

6. In *alt 18(7), (10)* agus (11), aon tagairt do cheadúnaí is tagairt í do dhuine iomchuí.

7. (1) Leasaítear *alt 28(1)* trí “mura sealbhóir ar cheadúnas a bheidh i bhfeidhm i leith na seirbhíse maoine sin an duine” a scriosadh agus “mura rud é gur duine iomchuí an duine agus gurb í an tseirbhís maoine sin an tseirbhís maoine chomhréireach de réir bhrí *alt 82*” a chur ina ionad.

(2) In *alt 28(2)*, aon tagairt do cheadúnaí is tagairt í do dhuine iomchuí.

8. In *alt 37*—

(a) aon tagairt do cheadúnaí, is tagairt í do dhuine iomchuí,

(b) aon tagairt do cheadúnas, is tagairt í d'údarú iomchuí, agus

(c) aon tagairt d'uimhir chláraithe ceadúnaí, is tagairt í don uimhir (más ann) a shanntar don duine iomchuí nó d'údarú iomchuí an duine iomchuí, agus a idirdhealaíonn an duine iomchuí sin ó aon duine iomchuí eile ag a bhfuil údarú iomchuí ar seilbh ón údarás inniúil céanna óna bhfuil an t-údarú iomchuí céadluaite ar seilbh.

9. Leasaítear *alt 38*—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad *fho-alt (3)*:

“(3) Faoi réir *fho-alt (4)*, i gcás ina gciontaítear duine iomchuí i gcion faoi *fho-alt (2)*, féadfaidh an chúirt, tar éis aird a thabhairt ar chineál an chiona agus ar na himthosca ina ndearnadh é, a ordú go dtoirmiscfear ar an duine iomchuí (ar féidir gur toirmeasc buan, toirmeasc ar feadh tréimhse sonraithe nó toirmeasc faoi réir coinníollacha sonraithe é) aon seirbhís maoine nó aicme áirithe seirbhíse maoine a sholáthar.

agus

(b) i *bhfo-alt (5)*, trí “, údarú iomchuí de réir bhrí *alt 82* agus dúblach d'údarú iomchuí den sórt sin” a chur isteach i ndiaidh “de cheadúnas”.

10. In *alt 41*—

(a) aon tagairt do cheadúnaí, is tagairt í do dhuine iomchuí, agus

(b) aon tagairt do cheadúnas, is tagairt í d'údarú iomchuí.

11. In *alt 42(1)*, aon tagairt do cheadúnaí, is tagairt í do dhuine iomchuí.

12. In *ailt 43* agus *44*, aon tagairt do cheadúnaí, is tagairt í do dhuine iomchuí.

13. In *alt 46*, aon tagairt do cheadúnaí, is tagairt í do dhuine iomchuí.

14. (1) In *alt 47(1)* agus (3), aon tagairt do cheadúnaí is tagairt í do dhuine iomchuí.

(2) Leasaítear *alt 47*—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad *fho-alt (5)*:

“(5) Faoi réir *fho-alt (6)*, i gcás ina gciontófar duine go hachomair i gcion faoi *fho-alt (1)* nó (3), féadfaidh an chúirt, tar éis aird a thabhairt ar chineál an chiona agus ar na himthosca ina ndearnadh é, a ordú go dtoirmiscfear ar an duine iomchuí (ar féidir gur toirmeasc buan, toirmeasc ar feadh tréimhse sonraithe nó toirmeasc faoi réir coinníollacha sonraithe é) aon seirbhís maoine, nó aicme áirithe seirbhíse maoine, a sholáthar.”

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad *fho-alt (7)*:

“(7) Faoi réir *fho-alt (8)*, i gcás ina gciontófar duine iomchuí ar díotáil i gcion faoi *fho-alt (1)* nó (3), ordóidh an chúirt go dtoirmiscfear go buan ar an duine iomchuí aon seirbhís maoine a sholáthar.”

15. In *alt 48*—

(a) aon tagairt do cheadúnaí, is tagairt í do dhuine iomchuí, agus

(b) aon tagairt d'iartheadúnaí is tagairt í d'iardhuine iomchuí.

16. In *ailt 49* go *51*, aon tagairt do cheadúnaí is tagairt í do dhuine iomchuí.

17. In *alt 54*—

(a) aon tagairt do cheadúnaí is tagairt í do dhuine iomchuí,

(b) aon tagairt d'iartheadúnaí is tagairt í d'iardhuine iomchuí, agus

(c) an tagairt i *mír (b) d'fho-alt (1)* do cheadúnas a chúlghairm nó a chur ar fionraí is tagairt í do thoirmeasc a chur ar an duine iomchuí seirbhís maoine a sholáthar nó seirbhís maoine a sholáthar ar feadh tréimhse sonraithe faoi seach.

18. I gCuid 6, aon tagairt do cheadúnaí is tagairt í do dhuine iomchuí.

19. I gCuid 7—

(1) aon tagairt do cheadúnaí is tagairt í do dhuine iomchuí, agus

(2) aon tagairt in *alt 64* do cheadúnas a fhionraí is tagairt í dó thoirmeasc a chur ar an duine iomchuí seirbhís maoine a sholáthar sa Stát, cibé acu ar feadh tréimhse, nó go dtí go dtarlóidh teagmhas, dá dtagraítear san alt sin.

20. Leasaítear *alt 66*—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad *fho-alt (18)*:

“(18) Faoi réir *fho-alt (19)*, i gcás ina gciontófar duine iomchuí go hachomair i gcion faoi *fho-alt (17)*, féadfaidh an chúirt, tar éis aird a thabhairt ar chineál an chiona agus ar na himthosca ina ndearnadh é, a ordú go dtoirmiscfear ar an duine iomchuí (ar féidir gur toirmeasc buan, toirmeasc ar feadh tréimhse sonraithe nó toirmeasc faoi réir coinníollacha sonraithe é) aon seirbhís maoine nó aicme áirithe seirbhíse maoine a sholáthar.”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad *fho-alt (20)*:

“(20) Faoi réir *fho-alt (21)*, i gcás ina gciontófar duine iomchuí ar díotáil i gcion faoi *fho-alt (17)*, ordóidh an chúirt go dtoirmiscfear go buan ar an duine iomchuí aon seirbhís maoine a sholáthar.”.

21. In *alt 90*, aon tagairt do cheadúnaí is tagairt í do dhuine iomchuí.

22. Leasaítear *alt 94* tríd an méid seo a leanas a chur in ionad *fho-alt (2)*:

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, i gcás ina gciontófar duine iomchuí i gcion faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh an chúirt, tar éis aird a thabhairt ar chineál an chiona agus ar na himthosca ina ndearnadh é, a ordú go dtoirmiscfear ar an duine iomchuí (ar féidir gur toirmeasc buan, toirmeasc ar feadh tréimhse sonraithe nó toirmeasc faoi réir coinníollacha sonraithe é) aon seirbhís maoine nó aicme áirithe seirbhíse maoine a sholáthar.”.

23. In *alt 95(1)(c)* agus *(f)*, aon tagairt do cheadúnaí is tagairt í do dhuine iomchuí.

24. I *Sceideal 2*—

(a) aon tagairt do cheadúnaí (ach amháin i *mír 1(k)*) is tagairt í do dhuine iomchuí, agus

(b) an tagairt i *mír 1(a)* d’uimhir chláraithe ceadúnaí, is tagairt í don uimhir (más ann) a shanntar don duine iomchuí nó d’údarú iomchuí an duine iomchuí agus a idirdhealaíonn an duine iomchuí sin ó aon duine iomchuí eile ag a bhfuil

údarú iomchuí ar seilbh ón údarás inniúil céanna óna bhfuil an t-údarú iomchuí céadluaite ar seilbh.

25. Leasaítear *Scideal 2*, i *mír 1*—

- (a) i *gclásal (n)* trí “a úsáid,” a chur in ionad “a úsáid, agus”,
- (b) i *gclásal (o)* trí “ag an gceadúnaí,” a chur in ionad “ag an gceadúnaí.”, agus
- (c) trí na clásail nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh *chlásal (o)*:
 - “(p) cibé acu atá nó nach bhfuil an duine iomchuí, le linn an tseirbhís maoine a sholáthar, faoi réir scéime cosanta do chliant atá cosúil leis an scéim a chuireann an Ciste ar fáil do chliant de chuid ceadúnaí le linn an tseirbhís maoine a sholáthar,
 - (q) mionsonraí an chumhdaigh árachais slánaíochta gairmiúla atá ar fáil don duine iomchuí le linn an tseirbhís maoine a sholáthar,
 - (r) sonraí an údaráis inniúil a d’eisigh an t-údarú iomchuí a shealbhaíonn an duine iomchuí, agus
 - (s) sonraí i dtaobh na háite ina bhfuil na coinníollacha (más ann) ar faoina réir a fhéadfaidh an duine iomchuí an tseirbhís maoine chomhréireach a sholáthar ar fáil lena n-iniúchadh ag cliant nó cliant ionchasach de chuid an duine iomchuí.”.

26. Leasaítear *Scideal 5* i *mír 20*, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad *chlásal (a)*:

- “(a) an gearán lena mbaineann (más ann) agus aon fhaisnéis eile a fuarthas ina leith sin, ón ngearánach.”.

[2011.] *An tAcht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011.* [Uimh. 40.]

SCEIDEAL 8

Alt 101.

LEASUITHE IARMHARTACHA AR ACHTACHÁIN EILE

Leasú ar alt 35 den Acht Iascaigh Mhara, 1952

1. Leasaítear alt 35 den Acht Iascaigh Mhara, 1952 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Ní bhainfidh an t-alt seo le haon duine a shealbhóidh ceadúnas de réir bhrí *alt 2(1)* den *Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011* nó údarú iomchuí de réir bhrí *alt 82* den Acht sin, i leith seirbhíse a thagann, nó a thagann go substainteach, de réir mar is gá sa chás, faoi réim *mhír (a)* den mhíniú ar ‘seirbhís maoine’ san alt céadluaite sin.”.

Leasú ar alt 8 den Acht Geallbhróicéirí, 1964.

2. Leasaítear alt 8 (a cuireadh isteach le halt 153 den Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995) den Acht Geallbhróicéirí, 1964 i bhfo-alt (3), i mír (e), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (v):

“(v) ar cheadúnas de réir bhrí *alt 2(1)* den *Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011* nó ar údarú iomchuí de réir bhrí *alt 82* den Acht sin, i leith seirbhíse a thagann, nó a thagann go substainteach, de réir mar is gá sa chás, faoi réim *mhír (a)* den mhíniú ar ‘seirbhís maoine’ san alt céadluaite sin.”.

Leasú ar alt 30 den Acht Geallbhróicéirí, 1964.

3. Leasaítear alt 30(1) den Acht Geallbhróicéirí, 1964 trí “, agus is sealbhóir ar cheadúnas de réir bhrí *alt 2(1)* den *Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011* nó ar údarú iomchuí de réir bhrí *alt 82* den Acht sin, i leith seirbhíse a thagann, nó a thagann go substainteach, de réir mar is gá sa chás, faoi réim *mhír (a)* den mhíniú ar ‘seirbhís maoine’ san alt céadluaite sin,” a chur isteach i ndiaidh “an tAire”.

Leasú ar alt 13 d’Acht na nArm Tine, 1964.

4. Leasaítear alt 13(2) d’Acht na nArm Tine, 1964 trí “(is sealbhóir ar cheadúnas de réir bhrí *alt 2(1)* den *Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011* nó ar údarú iomchuí de réir bhrí *alt 82* den Acht sin, i leith seirbhíse a thagann, nó a thagann go substainteach, de réir mar is gá sa chás, faoi réim *mhír (a)* den mhíniú ar ‘seirbhís maoine’ san alt céadluaite sin)” a chur isteach i ndiaidh “do cheantálaí”.

Leasú ar alt 44 den Acht Féimheachta, 1988.

5. Leasaítear alt 44(4)(b) den Acht Féimheachta, 1988 trí “faoi *alt 52(1)* den *Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011*” a chur in ionad “faoi *alt 7(1)(a)* den Acht um Cheantálaithe agus Gníomhairí Tithe, 1967”.

Alt nua a chur in ionad alt 32 den Acht Cumann Foirgníochta, 1989.

6. Leasaítear an tAcht Cumann Foirgníochta, 1989 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 32:

“Seirbhísí i ndáil le talamh.

32.—(1) Faoi réir alt 36, féadfaidh cumann foirgníochta seirbhísí a chur ar fáil i ndáil le talamh.

(2) (a) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais, rialacháin a dhéanamh i leith cumainn nó a bhfochuideachtaí do chur seirbhísí ar fáil i ndáil le talamh.

(b) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (a), féadfaidh forálacha a bheith i rialacháin faoin bhfo-alt seo—

(i) chun cosaint a thabhairt do dhaoine dá gcuireann cumainn na seirbhísí ar fáil i ndáil le talamh ar choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith i gceist murach sin i ndáil le seirbhísí den sórt sin a chur ar fáil;

(ii) chun a áirithiú go mbeidh cúiteamh leordhóthanach ar fáil do na daoine sin i leith faillí, calaoise nó mímhacántacht eile ar thaobh oifigigh nó fostaithe de chuid cumainn i ndáil le seirbhísí den sórt sin a chur ar fáil;

(iii) maidir lena mhéid is gá, agus an modh inar gá, daoine ag a bhfuil cáilíochtaí agus taithí iomchuí a bheith bainteach le seirbhísí den sórt sin;

(iv) maidir leis an aicme nó na haicmí daoine a gcuirfead seirbhísí den sórt sin ar fáil dóibh;

(v) chun srian a chur leis an gcumhacht seirbhísí den sórt sin a chur ar fáil ionas nach mbainfidh sí ach le cumainn d'aicme fhorordaithe nó d'aicmí forordaithe; nó

(vi) an míniú ar sheirbhísí den sórt sin a chuirfead ar fáil faoin alt seo a leasú, a shrianadh nó a leathnú.

(3) Ní ghníomhóidh aon fhostaí de chuid cumainn a gcuireann fochuideachta nó comhlacht comhlachaithe eile dá chuid seirbhísí ar fáil i ndáil le talamh faoin alt seo mar ghníomhaire don fochuideachta nó don chomhlacht.

(4) (a) Aon chumann nó fochuideachta do chumann a chuireann seirbhísí ar fáil i ndáil le talamh, cothabhálfaidh sé nó sí taifid chuntasaíochta ar leithligh agus ullmhóidh sé nó sí cuntais i leith gach bliana ina dtaispeánfar—

(i) na costais a bhain le gach seirbhís ar leith a chur ar fáil, agus

(ii) an t-ioncam a d'fhabhraigh ó na muirir a gearradh i leith na seirbhísí,

agus cuirfidh sé nó sí gach seirbhís ar fáil, agus gearrfaidh sé nó sí muirear ina leith, ar chaoi a fhágfaidh nach lú an t-ioncam ón tseirbhís a chur ar fáil ná an t-ioncam ba leor faoi chomhair na gcostas go léir ab inchurtha síos go cuí do chur ar fáil na seirbhíse, agus blianta á nglacadh le chéile.

(b) Déanfaidh an príomhfheidhmeannach agus 2 stiúrthóir ráiteas a fhianaíonn cirte na gcuntas a bheidh ullmhaithe de réir mhír (a) agus a dhaingníonn nach bhfuil na cuntais sin saofa de bharr aon socrú a dhéanfaidh difear do leithroinnt na gcostas agus an ioncaim a bhaineann le gach seirbhís a chur ar fáil agus go ndearnadh go cuí cibé cionroinntí a bheidh déanta, a shíniú agus déanfar é a chur i gceangal leis na cuntais bhliantúla.

(5) San alt seo, ciallaíonn ‘seirbhísí i ndáil le talamh’ aon seirbhís a bhaineann le talamh a fháil, a dhiúscairt, a bhainistí nó a fhorbairt (lena n-áirítear luacháil, suirbhéireacht, cíos a bhailiú agus maoin shochorraithe a aistriú as agus a stóráil) nó seirbhísí eile dá samhail (lena n-áirítear seirbhísí comhairleacha) ar dealraitheach don Bhanc Ceannais gur seirbhísí iad a bhaineann leis na nithe sin, ach, agus sin gan dochar do ghinearáltacht alt 3 den *Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011*, ní fholaíonn sé seirbhís maoin de réir bhrí alt 2(1) den Acht sin a chur ar fáil.”.

Leasú ar alt 36 den Acht Cumann Foirgníochta, 1989.

7. Leasaítear alt 36(1)(f) den Acht Cumann Foirgníochta, 1989 trí “seirbhísí ceantálaíochta agus” a scriosadh.

Leasú ar alt 2 den Acht Corr-Thrádála, 1995.

8. Leasaítear alt 2 den Acht Corr-Thrádála, 1995 i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) díol ar ceant (seachas ceant Dúitseach) ag an sealbhóir ar cheadúnas de réir bhrí alt 2(1) den *Acht*

[Uimh. 40.] *An tAcht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011.* [2011.]

um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, nó ar údarú iomchuí de réir bhrí *alt 82* den Acht sin, i leith seirbhíse a thagann, nó a thagann go substainteach, de réir mar is gá sa chás, faoi réim *mhír (a)* den mhíniú ar ‘seirbhís maoine’ san alt céadluaite sin.”.

Leasú ar an Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999.

9. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 137A:

“Faisnéis a mhalartú leis an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine.

137B.—(1) San alt seo, ciallaíonn “Údarás” an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine nó, sa Bhéarla, *The Property Services Regulatory Authority*.

(2) D’ainneoin aon oibleagáide maidir le rúndacht a choimeád nó aon sriain eile le faisnéis arna fáil ag na Coimisinéirí nó arna tabhairt dóibh a nochtadh nó a thabhairt ar aird, déanfaidh na Coimisinéirí ag cibé eatraimh a shonróidh an tÚdarás, an lá bunaithe de réir bhrí *alt 2(1)* den *Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011* nó dá éis, cibé faisnéis a sholáthar don Údarás a bheidh i gcóras ríomhstampála na gCoimisinéirí (lena n-áirítear faisnéis a bhí sa chóras sin roimh an lá bunaithe sin) agus a theastóidh ón Údarás, chun feidhmeanna an Údaráis a chomhlíonadh.

Faisnéis a sholáthar don Choimisinéir Luachála.

137C.—(1) San alt seo, ciallaíonn “Coimisinéir Luachála” Coimisinéir arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 9(5) den Acht Luachála, 2001.

(2) D’ainneoin aon oibleagáide maidir le rúndacht a choimeád nó aon sriain eile le faisnéis arna fáil ag na Coimisinéirí nó arna tabhairt dóibh a nochtadh nó a thabhairt ar aird, déanfaidh na Coimisinéirí ag cibé eatraimh a shonróidh an Coimisinéir Luachála, cibé faisnéis a sholáthar don Choimisinéir Luachála a bheidh i gcóras ríomhstampála na gCoimisinéirí agus a theastóidh ón gCoimisinéir Luachála, chun feidhmeanna an Choimisinéara Luachála a chomhlíonadh.”.

Leasú ar Sceideal 5 a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005

10. Leasaítear Sceideal 5 a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 i mír 1(4), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad “an Oifig Phrobháide,”:

“an Oifig Phrobháide,

an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine.”.